


COILLTE
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2020

ÁR BHFORAOISÍ



COILLTE

FÁS · BUNATHRAIGH · COTHAIGH



A photograph of a man carrying a young child on his back. The man is wearing a light-colored t-shirt, shorts, and a cap. The child is wearing a dark red hoodie. In the background, another child in a blue dress and patterned socks is walking away. The scene is outdoors on a dirt path with trees and sunlight filtering through.

ÁR DTODHCHÁÍ

CLÁR

Ár bhFís	6
Ár Misean	7
Ár gCuspóir	7
Ár Luachanna	7
Cé sinne	8
An méid a dhéanaimid	9
Feidhmíocht Airgeadais	10
Buaicphointí 2020	11
Ráiteas an Chathaoirligh	12
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	14

ÁR MBUAICPHOINTÍ

Airgeadas	19
Foraois	20
Réitigh Talún	22
Fuinneamh In-Athnuaite	24
MEDITE SMARTPLY	25
Coillte le linn Covid-19	27

ÁR BHFORAOSÍ

Don Adhmad	31
Don Nádúr	37
Don Aeráid	43
Don Duine	49
Éagsúlacht agus Ionchuimsiú	52

ÁR MBORD

Bord na Stiúrthóirí	54
---------------------	----

AIRGEADAS

Ráitis Reachtúla Airgeadais	57
Tuarascáil na Stiúrthóirí	58
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	62
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boid	69
Tuarascáil an Iníúcháir Neamhspleáigh do Chomhaltaí Choillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe	74
Cuntas Brabúis agus Cailteanais an Ghrúpa	76
Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncaim Chuimsitheach Eile	77
Clár Comhardaithe an Ghrúpa	78
Clár Comhardaithe na Cuideachta	79
Ráiteas an Ghrúpa ar Shreabhadh Airgid	80
Ráiteas na Cuideachta ar Shreabhadh Airgid	81
Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe Ghnáthscaireanna	82
Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe Ghnáthscaireanna	83
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	84
Faisnéis Chorporáideach	129

Ar Eastát Choillte a tógadh na grianghrafanna ar fad atá i dtuarascáil na bliana seo.



Fís na hEagraíochta

CHUN TODHCHAÍ INBHUANAITHE A CHRUTHÚ ÓNÁR BHFORAOISÍ AGUS TAILTE.

Misean na hEagraíochta

**OIBRIÚ LEIS AN NÁDÚR
AG CRUTHÚ FIÚNTAIS
INBHUANAITHE ÓNÁR
BHFORAOISEACHA AGUS TAILTE.**

Ár gCuspóir

**BUNTÁISTÍ IOLRACHA A
SHOLÁTHAR ÓNÁR BHFORAOISÍ
AGUS ÓNÁR DTAILTE AGUS AG
AN AM GCÉANNA AG FÁGÁIL
ACMHAINNE AR SAIBHRIDE Í
DON CHÉAD GHLÚIN EILE.**

Luachanna na hEagraíochta

**CUMASÚ
SIMPLÍOCHT
FÉACHAINT AMACH
MEAS
FREAGRACHT**

CÉ SINNE

IS COIMEÁDAÍ COILLTE DE NÍOS MÓ NÁ 440,000 HEICTEÁR DE THAILTE FORAOISE NA HÉIREANN RUD A FHÁGANN GUR SINNE AN BAINISTEoir FORAOISÍ AGUS SOLÁTHRAÍ CAITHEAMH AIMSIRE LASMUIGH IS MÓ IN ÉIRINN. DE BHREIS AIR SIN FORBRAÍONN COILLTE TIONSCADAIL FUINNIMH GHLAS, TÁIRGÍONN CLÁIR PAINÉIL AGUS SOLÁTHRAÍONN TIONSCADAIL CHAOMHNATHE DÚLRA AR SCÁLA. TÁ ÁR BHFÓCAS AR SHOCHAIR IOLRACHA SHOLÁTHAR ÓNÁR BHFORAOISÍ AGUS ÁR DTAILTE.

AN RUD A DHÉANAIMID



TÁMID
INBHUANAITHE
I GCÚRSAÍ AIRGEADAIS



SOLÁTHRAÍMID ÁBHAIR
INBHUANAITHE
CHUN BAILTE AGUS ÁITEANNA
OIBRE A THÓGÁIL



COSNAIMID
AGUS FEABHSAIMID
AN COMHSHAOL



INFHEISTÍMID I BPOBAIL
TUAITHE INA BHFUIL ÁR
BHFRÉAMHACHA UILE



FORBRAÍMID FUINNEAMH
GLAS CHUN BAILTE AGUS
GNÓLACHTAÍ A CHUMHACHTÚ




SOLÁTHRAÍMID
SPÁSANNA SLÁINTIÚLA
AS A MBAINIMID UILE TAITNEAMH




GLANAIMID
AN T-AER
A ANÁLAÍONN TÚ

FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS


Sreabhadh airgid oibriúcháin
(€milliún)




Láimhdeachas
(€milliún)



Airgead tirim/(Glan-Fiachas)
(€milliún)



TRÚCDA
(€milliún)



BUAICPHOINTÍ 2020



**TRÚCDA €66M
I NDALÁÍ MARGAIDH
AN-DÚSHLÁNACHA**



**D'ÉIRIGH LINN "ADHMAD AGUS TÁIRGÍ
ADHMAID A CHOIMEÁD AG GLUAISEACHT"
LE LINN COVID-19 AGUS GÉARCHÉIM AN
CHEADÚNAITHE FORAOISEACHTA**



**MHÉADAIGH AR LÍON NA GCUIRTEOIRÍ
AR MÓRSHUÍOMHANNA FORAOISE FAOI
DHÓ AGUS FAOI THRÍ**



**D'ÉIRIGH LINN ÁR LÉIBHÉIL
ATHPHLANDAITHE A MHÉADÚ GO BREIS
AGUS 9,000ha
AG PLANDAIL 22 MILLIÚN CRANN**



**CUIREADH TÚS LE NUAMHAISIÚ
SHLÉIBHTE BHAILE ÁTHA CLIATH AG
SOLÁTHAR FORAOISÍ DO DHAOINE
AGUS DON NÁDÚR**



**PLEANAIL FAIGHTE
DO CHEANN SCRÍBE NÁISIÚNTA DO
CHUIRTEOIRÍ AG PÁIRC
FORAOISE NA CRAOBHAÍ**



**IARRATAIS PHLEANÁLA SEOLTA ISTEACH
DO C.350MW DE THIONSCADAIL
FUINNIMH IN-ATHNUAITE**



**TÚS CURTHA
LE HINFHEISTÍOCHT DE C.€45M
I SMARTPLY**



RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Tá áthas orm mar Chathaoirleach
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais do Coillte 2020 a chur ar fáil.





IS MIAN LIOM THAR CEANN AN BHOIRD MOLADH A THABHAIRT D'FHOIREANN COILLTE AS A BHFREAGRA DO COVID-19. BHÍ INOIRIÚNAITHEACTH AGUS SOLÚBTHACTH NA FOIRNE RÍTHÁBHACHTACH CHUN ÁR NGNÓ A CHOThÚ I RITH NA BLIANA.

Ba bheag a cheapamar an saghas bliana a bheadh romhainn agus sinn ag druidim le 2020. Chaith Covid-19 agus na deacrachtaí móra le ceadúnú foraoiseachta scáth ar na tionchair fhéideartha a bhain leis an mBreathimeacht. Chrithódh aon cheann amháin de na ceisteanna seo dúshláin ollmhóra d'aon eagraíocht - ach ba dhúshláin ná facthas riamh cheana a bhí romhainn agus roimh earnáil na foraoiseachta trí chéile le sárú nuair a thainig na trí cinn i dteannta a chéile. Ba fócas criticiúil na mórcheisteanna seo do Coillte agus bhí sé de riachtanas don eagraíocht í féin a chur in oiriúint agus lúbadh le cinntiú go ndéanfaí an gnó a chothú do Choillte agus chun tacú lenár gcustaiméirí in earnáil na foraoiseachta.

Ta áthas orm a thuairisciú go bhfuil feabhas éigin ar cheadúnú, a bhfuil le hiarrachtaí fhoireann Choillte agus a gcomhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM). Tá se de riachtanas a chinntiú go gcothaítear na feabhsúcháin atá bainte amach againn, agus go dtugtar aghaidh ar na nithe atá le réiteach go fóill bunaithe ar bhonn agus ar phróiseas atá láidir agus oiriúnach don fheidhm. Fáiltím roimh bhunú Tionscadal Coillearnaí ag an Aire Hackett chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas seo, agus go háirithe chun comh-fhís náisiúnta a fhorbairt maidir le cad é a theastaíonn ó Éirinn a bhaint amach lena crainn agus foraisí.

Is mian liom thar ceann an Bhoird moladh a thabhairt d'fhoireann Coillte as a bhfreagra do Covid-19. Bhí inoiriúnaitheacht agus solúbthacht na foirne ríthábhachtach chun ár ngnó a chothú i rith na bliana, rud a éiligh nuálaíocht agus samhlaíocht go dtabharfaí aghaidh go rathúil ar chuid de na dúshláin a tháinig chun cinn agus ag cur sláinte agus sábháilteacht chun cinn do gach éinne. Tá Covid-19 linn go fóill, agus coimeádaimid súil géar air lena chinntiú go mbeidh an tionchair is lú agus is féidir a bheith aige ar ár bhfoireann.

Beag beann ar na dúshláin a bhí romhainn, agus toisc gur oibríomar le chéile, bhí feidhmíocht airgeadais láidir againn don bhliain, fiú má bhí sí níos laige ná mar a rabhamar ag súil. Phlandálar an líon is airde crann ná riamh roimhe seo le 22m crann trasna 9,168 heicteár foraoise athstocáilte, chuireamar tús lenár n-infheistiú de €45 in uasghrádú ar an monarcha triomúcháin SMARTPLY agus chuireamar tús le hathshlánúchán nuálach ar laghortach ar thailte Bhord na Móna.

D'éirigh linn roinnt infheistíochtaí eile don todhchaí a bhrú ar aghaidh ionas go bhfuilimid cóirithe go maith chun a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár ngnó foraoiseachta agus na próiseála adhmaid, agus a chinntiú go ndéanfaimid ár gcion maidir le spriocanna náisiúnta Aicsean Aeráide a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach dúinn inbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach mar chuspóir, ionas gur féidir linn na buntáistí iolracha ó fhoraoisí agus ó thailte do mhuintir na hÉireann a sholáthar agus ag an am gcéanna ag fágáil acmhainne ar saibhride í don chéad ghlúin eile.

Is sa chomhthéacs seo a luaim gur baineadh amach cloch mhíle nach beag go luath sa bhliain 2021, nuair a cheadaigh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an idirbheart lena mbunófar an chuideachta chomhfhiontair nua fuinnimh in-athnuaite le Bord Soláthair an Leictreachais (BSL). Táimid ag súil go mbeidh an chuideachta bunaithe sa chéad leath de 2021, ag braith ar fhaomhadh ó na Scairshealbhoirí. Táimid ag súil chomh maith i 2021 le hoscailt ár n-infheistíocht chomhfhiontair in áis déantúsaíochta Tricoya i Hull chun bonn táirgí Medite a leathnú, agus beidh oscailt oifigiúil á dhéanamh ar na rianta rothaíocht sléibhe mar fhreagairt ar éilimh mhéadaitheacha caitheamh aimsire na hÉireann. Táimid ag súil le 2021 mar bhliain téarnaimh ach mar bhliain ina leanfar do bheith ag forbairt gnó agus cion tairbhe Choillte don náisiún.

Bhí a thuilleadh athraithe ar an mBord sa bhliain 2020 nuair a ceapadh Kevin McCarthy. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a chur in iúl do Kevin agus do mo chomhghleacaithe Boird as a dtiomantas agus a ndúthracht don obair dhúshlánach a bhí ag an mBord le déanamh i 2020. Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí, lenár gconraitheoirí agus lenár soláthraithe as a dtacaíocht agus a rannpháirtíocht leanúnach. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár Scairshealbhoirí, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara aus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i dteannta a gcuid oifigeach agus comhairleoirí i RéNua as a dtacaíocht láidir le linn bliana a bhí ina dúshlán do chách.

Bernie Gray
Cathaoirleach



ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Ba bhliain as an ngnáth mo chéad bhliain iomlán mar POF ar Coillte. Le linn 2020 bhí ar an bhfoireann an lámh in uachtar a fháil ar dhúshláin ollmhóra, ina measc paindéim a thagann uair sa chéad bliain agus an bhagart a bhaineann leis na mBreatimeacht agus géarchéim i gceadúnú foraoiseachta as ar eascair ganntanais mhóra adhmaid.



I gcomhthéacs an mórdhúshláin seo a aithníodh foraoiseacht agus soláthar adhmaid mar sheirbhís riachtanach ó thús na paidéime seo. Dúshlán ar leith ab ea é, go háirithe sna laethanta luaithe, nuair a iarradh orainn oibriú mar sheirbhís riachtanach ach dúshlán go raibh fonn orainn glacadh leis mar dheis thábhachtach do Coillte a chion a dhéanamh sna hiarrachtaí náisiúnta agus domhanda a bhí riachtanach chun an phaindéim seo a bhainistiú. Léirigh comhghleacaithe, conraitheoirí agus custaiméirí de chuid Coillte cur le chéile a bhí ionsparáideach chun an t-adhmad a choimeád ag gluaiseacht agus a chéile a choimeád slán - táim buíoch do gach éinne trasna na hearnála ar fad as an méid a rinne siad chun é seo a bhaint amach.

B'í an ghéarchéim i gceadúnú foraoiseachta an dúshlán ba mhó a raibh ar an earnáil aghaidh a thabhairt air. Bhí moilleanna suntasacha i bpróiseáil na gceadúnas foraoiseachta de thoradh na réime rialála nua ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) (An Rialaitheoir) agus an méadú i líon na n-achomharc ar cheadúnais foraoiseachta go dtí an Coiste Achomharc Foraoiseachta (CAF). Rinne an Rialaitheoir agus Coillte a ndícheall iad féin a chur in oiriúint do na riachtanais nua. Ina theannta sin, d'athraigh an CAF a nósanna imeachta féin tar éis achtú reachtaíochta géarchéime, is é sin An tAcht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020. In ainneon na hiarrachta chomhchoiteann seo cuireadh moil mhór ar cheadúnais foraoiseachta Choillte agus tharla ganntanas lomán sháfa agus táirgí adhmaid dá thoradh.

Tá áthas a rá gur éirigh le Coillte na dúshlán éagsúla a tháinig ina choinne i gcaitheamh na bliana 2020. Tá go leor dúshlán fós le réiteach, go háirithe na ceisteanna maidir le soláthar adhmaid agus an phaindéim Covid-19. An méid sin ráite, ní raibh aon uair go dtí seo nach raibh Coillte chomh lárnach i gcomhthéacs dúshlán domhanda ár linne, lena n-áirítear géarchéimeanna Aeráide agus Bithéagsúlachta. Mar thoradh, beidh 2021 ina bhliain dírithe ar dhúshlán earnála a réiteach cumasú a dhéanamh ar rannpháirtíocht fhéideartha Choillte sna ceisteanna domhanda seo.

Feidhmíocht Airgeadais an Ghrúpa

Thug Coillte aghaidh ar 2020 agus timpeallacht an mhargaidh an-dúshlánach. Gné sheasmhach i 2020 d'earnáil na foraoiseachta ab ea an ghéarchéim i gceadúnú foraoiseachta agus chuir se seo srian ar sholáthar lomán sháfa do chustaiméirí. Bhí Coillte dírithe ar an méid lomán sháfa a bhí ceadúnaithe a bhigadh le súil is go gcuirfí ar chumas custaiméirí leanúint do bheith ag feidhmiú. Ach, an toradh a bhí ar easpa ceadúnuithe foraoiseachta ná ganntanais, agus dá thoradh thit an díolachán agus an sciar don mhargadh do tháirgí foraoise na hÉireann agus an toradh air seo ab ea neamhéifeachtúlachtaí suntasacha i slabhra an tsoláthair.

Bhí drochthionchar suntasach ag an bpaindéim Covid-19 ar ár n-oibríochtaí chomh maith. Bhí láithreáin tógála ar fud na hÉireann agus na RA dúnta ar fad ar feadh cuid mhaith de R2 de 2020 mar chuid de dhianshrianta Covid-19.

Mar thoradh, tháinig titim mhór san éileamh ar lomáin sháfa agus painéil adhmaid. É sin ráite, tháinig feabhas láidir ar an éileamh i ráithí a trí agus a ceathair nuair a osclaíodh na láithreáin tógála in athuair fiú má bhí laghdú ffeidhmiúlachta féin in earnáil na tógála de thoradh prótacail sábháilteachta nua bainteach le Covid-19.

Do lean an neamhchinnteacht de dheasca na Breatimeachta suas go deireadh na bliana agus chuir le luaineacht na timpeallachta oibriúcháin ina rabhamar ag feidhmiú, go háirithe inár bpríomh-mhargadh sa RA. Ó pheirspictíocht Choillte maidir le cláir phainéil MEDITE SMARTPLY dá dtarlódh Breatimeacht gan aon socrú bheadh taraifí i gceist agus chruthaigh se seo neamhchinnteacht don oibriúchán sin.

Cé go raibh sé ina dhúshlán mór é a dhéanamh, d'éirigh le Coillte feidhmíocht airgeadais an-sásúil a bhaint amach ag giniúint €66m de TRÚCDA agus airgead tirim de €24m. Sin i gcomparáid le TRÚCDA de €103m agus Airgead Tirim Oibriúcháin de €54m i 2019. Trí bhainistiú cúramach airgid agus trí chur i bhfeidhm beartas srianadh costas, thainig Coillte as 2020 le glan-fiachas de €28m. Fágann sé seo sinn in áit mhaith agus sinn ag tabhairt aghaidh ar 2021.

Buaicphointí 2020

Mar fheighlí ar bhreis agus 1 milliún acra de thalamh Stáit atá faoi chrann don gcuid is mó, tá Coillte dírithe ar soláthar a dhéanamh ar na buntáistí iolracha is féidir a bhaint as foraoisí a chumasú, mar seo a leanas:

Foraoisí don Adhmad

De dheasca iarmhairte géarchéime i gceadúnú foraoiseachta, bhí díolachán lomán sa Rannán Foraoise ag 2.31m m³, sin 400k m³ níos ísle ná mar a díoladh i 2019. Tharla titim de 230k m³ sna díolacháin ar lomáin sháfa le custaiméirí, ar muilte sábhadóireachta iad, agus thiarla titim de 170k m³ sna díolacháin ar laíon adhmaid (lenár ngnó MEDITE SMARTPLY go príomha).

Chuir infheistíocht €45m i bhfeabhsú agus in uasghrádú ár n-oibriúchán SMARTPLY OSB i gCo. Phort Láirge an obair sin chun cinn go mór le linn 2020. Tá an infheistíocht dírithe ar thriomadóirí, inneallra fuinnimh agus córas scáileán na saoráide. Is í seo an tarna chéim i gClár Athnuachana SMARTPLY agus tá se beartaithe againn é seo a chur chun cinn go mór, ag brath ar shrianta Covid-19, le linn 2021. Nuair a cuirtear i dteannta na hinfheistíochta atá déanta go dtí seo maidir le hathrú an chórais preasa agus críochnaithe, beidh sé seo mar bhloc tógála do iomaíochas SMARTPLY sa todhchaí, trí choigiltí suntasacha ar chostas a bhaint amach rud a cheadóidh don oibriúchán sin táirgiúlacht a mhéadú a choimeádfaidh suas le pleananna uailmhianacha a chustaiméirí.

Ag cur san áireamh go bhféadfadh a thuilleadh moille bheith i gceist de thoradh na paidéime tá, mar sin féin, ceann scríbe nach mór sroichte maidir le tógáil an chéad saoráid aicéitiliúchán sliseanna adhmaid Tricoya i Hull Shasana.

Comhfhiontar is ea an tionscadal tábhachtach seo lenár bpáirtnéirí INEOS (a cheannaigh cothromas scairsheilbhe sa chomhfhiontar i Nollaig 2020) agus Accsys Technologies. MEDITE a bheidh mar an príomhdhream a thógfaidh slisnigh Trocoya ón monarcha nuair a bheidh sé tógtha ag feidhmiú i 2021. Cuirfidh se seo ar ár gcumas cur go mór le díolacháin de MEDITE Tricoya Extreme, ábhar tógála úrnua a chruthóidh an deis MEDITE a úsáid i bhfeidhmeanna nua a chuirfidh é fein in áit táirgí ar nós coinchréit, plaisticí nó miotail. Tá an t-ábhar seo ag mealladh éilimh láidir agus forbairt ar phraghas agus tá sé mar ghné lárnach ag MEDITE ina straitéis breisluacha sa toadhcháif.

Foraoisí don Nádúr

Rinne Dúlra Choillte atá dírithe ar thionscadail shuntasacha a sheachadadh i réimsí amhail coillte dúchasacha nua a chruthú, feabhsú na bithéagsúlachta agus foraoisí uirbeacha a iompú dul chun cinn maith le linn 2020. Go mionsonrach:

- Chuireamar tionscadail chun cinn i gcomhpháirt le Bord na Móna, ina ndéanfar plandú ar speicis dúchasacha i lagphortaigh sa cheantar lár-tíre agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta sonracha déanta.
- Thugamar faoi mhór-oibreacha athchóirithe ar fhoraoisí ghláraigh i bhForaois na Collchoille ar chladach Loch Gile i gCo. Shligigh. Tá an obair seo dírithe ar speicis choimhthíocha cosúil leis an Róslabhras a bhaint as an áit chun athbheochana a dhéanamh ar flóra agus fána uathúil atá nádúrtha don láthair seo.
- Tosnaíodh ar luathphleananna tionscadail a dhréachtadh maidir le athshlánú portach ag roinnt láithreacha portaigh san iarthar, a bheidh faoi réir ag maoiniú a bheith curtha i gcrích leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- Cuireadh pleananna chun cinn maidir le páirtíocht a sheolfaidh teastas glas, a chumasóidh infheisteoirí chun maoiniú a dhéanamh ar choillte dúchasacha nua a phlandú in Éirinn. Táimid ag súil leis an méid seo a sheoladh go foirmiúil sa chéad leath de 2021, ach faomhadh d'fháil ó Scairshealbhóirí.
- Cuireadh tús le Nuamhaisiú Shléibhte Bhaile Átha Cliath ag soláthar 'foraoisí do dhaoine agus don nádúr'. Tugtar breis eolais thíos.

Foraoisí don Aeráid

Chomh maith le adhmaid a sholáthar do tháirgí inbhuanaithe tógála a ghlásáilann carbón, déanann foraoisí na hÉireann a gcuid mar shlogaí agus mar thaisce charbóin i gcomhthéacs aghaidh a thabhairt ar na dúshlain a bhaineann le Athrú Aeráide. In ainneoin iarmhairt phaindéime Covid-19, d'éirigh linn breis agus 9,100 ha foraoisí a athphlandú i 2020 (beagán beag níos mó ná 2019 agus an méid is mó riamh do Choillte) agus dá thoradh ag athsheoladh na timthriallach athair maidir le scoitheadh carbóin agus soláthar inbhuanaithe adhmaid.

Le linn 2020, bhogamar ar aghaidh tríd an timthriall forbartha roinnt mhaith tionscadal fuinnimh in-athnuaite le hiarratais phleanála déantaí gcomhair c.350 MW d'fheirmeacha gaoithe ar tír trasna ar 7 dtionscadal. Beidh na tionscadail seo mar chuid den comhfhiontar nua a bhfuil súil ag Coillte agus BSL a bheith oibríochtúil le linn 2021. Tá se mar sprioc ag an bhfiontar seo 1 GW cumhachta in-athnuaite nua a ghiniúint, ar leor an méid a theastódh chun cumhacht a choimeád le

leathmhilliún teach cónaithe. Is fiú a lua go dtacóidh se seo go mór le sprioc an Stáit 70% dá chuid fuinnimh a ghiniúint go hinathnuaite faoi 2030 mar chuid de gheallúintí na hÉireann carbón a thógaint as a cuid giniúna leictreachais. Tá cead rialatheora don fhiontar seo faighte ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí leis an dá pháirtí anois ag lorg faofa óna Scairshealbhóirí féin.

Foraoisí do Dhaoine

Tá an méadú suntasach i líon na ndaoine a tháinig ar cuairt ar ár n-eastát le linn phaindéim Covid-19 agus do léirigh sé seo an ról tábhachtach atá ag ár bhforaoisí i soláthar rochtana ar bheith amuigh faoin aer agus, dá thoradh, bheith gníomhach i dtacú le folláine daoine, ó thaobh meabharshláinte agus go fisiciúil. Sa chomhthéacs seo, bhí 2020 tábhachtach mar bhliain do Choillte i gcur chun cinn á gcuspóir maidir le infheistiú a dhéanamh agus feabhas a chur ar luach chaitheamh aimsire ár n-eastát.

Cuireadh tús leis an obair ar Nuamhaisiú Shléibhte Bhaile Átha Cliath mar thionscadal. Tionscadal de chuid Dúlra Choillte is ea é seo atá dírithe ar bunchuspóir na bhforaoisí i Shléibhte Bhaile Átha Cliath a athrú ó bheith inabhforaoisí don adhmaid go foraoisí do dhaoine. Mar thoradh air seo, tá lomáin sháfa á mbaint de réir mar a bhíonn siad aibí agus crainn dúchasacha á gcur ina n-áit. Aithnímid go bhfuil Baile Átha Cliath mar ionad uirbeach tar éis fás i dtreo Shléibhte Bhaile Átha Cliath ón uair a cuireadh na foraoisí an uair dheireanach sna 1050'áif agus 1960'áif. Inniu is gné thábhachtach d'áiseanna chaitheamh aimsire mhuintir Bhaile Átha Cliath agus don phobal go ginearálta is ea na foraoisí seo inniu. B'í Pippa Hackett, Aire Stáit le freagracht as úsáid talún agus bithéagsúlacht a sheol an tionscadal go hoifigiúil.

De bhreis air sin, tugadh cead pleanála dúinn athfhorbairt a dhéanamh ar Pháirc Foraoise Avondale ar suíomh 500 acra é i gCo Chill Mhantáin é mar ionad cuairteoirí náisiúnta a chuirfidh i láthair éabhlóid na foraoiseachta in Éirinn agus a dhéanfaidh ceiliúradh saol agus ré mhuintir Parnell. Ag brath ar shrianta Covid-19, táimid ag súil le tús a chur le hoibreacha tógála ar an suíomh le linn 2021. Cuireadh rian rothar sléibhe ar chaighdeán idirnáisiúnta i gcrích ar Shliabh Bladhma agus d'osclaíomar ceann eile i gCúil Áine i gCo. Shligigh.



**BEAG BEANN AR AN TIONCHAR
A BHÍ AG PAINDÉIM COVID-19,
D'ATHPHLANDÁLAMAR 9,100 ha
D'FHORAISÍ SA BHLIAIN 2020.**

Ár n-aistear leis an bPaidéim Covid-19

Aithníodh foraoiseacht agus earnáil na dtáirgí foraoise mar sheirbhís riachtanach ó thús na paidéime toisc go raibh pailléid adhmaid ag teastáil chun earraí riachtanacha a bhogadh timpeall an domhain agus úsáideadh cláir painéil Choillte ar oibreacha foirgníochta éigeandála lena n-áirítear tógail oispidéal éigeandála. Ní hamháin gur chuir an t-aitheantas mar sheirbhís riachtanach an deis do Choillte ról tábhachta a bheith aige i dtroid na hÉireann in aghaidh Covid-19 ach thug mothú iontach ardchuspóireach dúinn rud a chabhraigh linn an eagraíocht a thabhairt slán trí chuid de na laethanta ba dheacra a chur 2020 romhainn. An tosaíocht ba thábhachtaí a bhí ag Coillte le linn na paidéime is ea sláinte, sábháilteacht agus folláine ár gcomhghleacaithe, ár gconraitheoirí agus gach éinne a bhíonn ag idirghníomhú le Coillte. Ag cur san áireamh éagsúlacht ár n-oibríochtaí ar fad, ba léir dúinn go raibh orainn cloí go dlúth ní hamháin le gach treoir ach le spiorad na srianta Covid-19 ar fad. An toradh a bhí air seo ná reimse leathan gníomhaíochtaí a ghearradh siar nó a ghearradh amach ar feadh tréimhsí le linn na bliana 2020.

Ina theannta sin, os rud é go raibh Coillte aitheanta mar sheirbhís riachtanach, bhí áthas ar Choillte tacú le sláinte agus folláine saoránaigh uile na hÉireann tríd an stádas rochtain oscailte a choimeád i bhfeidhm inár bhforaisí le linn na paidéime. Mar thoradh air seo, le linn dianghlása náisiúnta agus réigiúnacha, nuair a bhí ar an bpobal fanacht ina ndúichí áitiúla féin, lean ár bhforaisí do bheith ar fáil do chúrsaí caitheamh aimsire. Le 12 Páirc Foraoise, 260 Foraois Chaitheamh Aimsire agus c.6,000 réadmhaoin ar fud na hÉireann, cuireann Coillte áis chaitheamh aimsire forleathan ar fáil. Le linn na tréimhe Márta go Nollaig 2020 tháinig méadú 40% ar líon na gcuariteanna go 2.2m ar ár 50 foraoisí is mó agus mórán saoránach ag lorg tearmainn amuigh faoin aer. Leagann na figiúirí seo béim ar chomh tábhachtach is atá sé go leanfadh Coillte do bheith ag soláthar foraoisí do dhaoine agus sinn ag pleanáil chun cinn.

Dearcadh 2021

Beidh dúshláin romhainn sa mhargadh don bhliain 2021. Cé go bhfuil an t-éileamh atá inár gcroí-mhargáí in Éirinn agus sa RA réasúnta láidir, tá fadhbanna le ceadúnú foraoiseachta (bainteach anois le ceanúnais bhóithre) ag cruthú deacrachtaí soláthair i gcónaí agus leanfaidh an phaindéim ag cur isteach ar athoscailt iomlán an gheilleagair go ceann tamaill eile. Dá réir sin, tá Coillte ag tuar go mbeidh 2021 ina bliain téarnaimh le béim ar leanúint do bheith ag coimeád ár gcomhleacaithe slán le linn na paidéime, ár slí a aimsiú tríd an méid atá fágtha den géarchéim ceadúnaithe, filleadh ar ghnáth-shocrú soláthair le custaiméirí agus leanúint don soláthar ar bhuntáistí iolracha na foraoiseachta.

Bhí na céimeanna suntasacha a tógadh ag tús na paidéime agus le linn géar-ghanntanais soláthair na bliana 2020 lárnach sa chinntiú gur tháinig Coillte amach as 2020 ina eagraíocht inbhuanaithe, inmharthana agus bríomhar.

Dhearbhaigh baint amach an toradh seo go bhfuil Coillte, sna dálaí seo, san áit is fearr a d'fhéadfadh a bheith

agus sinn ag tabhairt aghaidh ar 2021. Tugaimid fuithi ó sheasamh láidir maoiniúcháin, le léibhéil mheasartha fiachais agus dá bhrí sin táimid in áit mhaith chun soláthar a dhéanamh ar dhoroisí don aeráid, don adhmaid, agus do na daoine chun cumasú a dhéanamh ar ár straitéis infheistíochta agus fáis.

Mar náisiún, is gá dúinn ár n-aigní a dhírú níos mó ar réitigh a chumasú ar éigeandálacha na haeráide agus na bithéagsúlachta. , Tá Coillte ag súil le bheith páirteach le foireann an Tionscadal Coillearnach, tionscadal tábhachtach faoi stiúir an Aire Stáit Pippa Hackett atá dírithe ar na dúshláin oibríocháin reatha agus ag cruthú físe le chéile chomh maith le cur chuige náisiúnta don fhoraoiseacht in Éirinn. Chomh maith leis sin, leanfaidh Coilltlenár gcuid oibre chun réitigh féideartha a aithint chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na héigeandálacha seo agus táimid ag súil le hoibrí lenár Scairshealbhóirí sa treo seo leis in am trátha.

Go raibh maith agaibh

Is mian liom tosnú le buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a bhí páirteach sa Rialtas, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an Príomhoifigeach Leighis (POF), an Leas-Phríomhoifigeach Leighis (LPOF), an fhoireann túslíne ar fad agus iadsan ar fad a bhí chomh tábhachtach cabhrú le hÉirinn í féin a stiúradh trí Phaindéim Covid-19. Thar ceann Foireann Coillte, ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl as cabhrú linn fanúint slán le bliain anuas. Cé go bhfuilim an-bhuíoch go bhfuil mo chomhghleacaithe ar fad slán inniu, aithním go bhfuil mórán a mhóthaigh cailliúint leis an bpaidéim agus á scríobh seo.

Táim an-bhuíoch don tacaíocht a fuaramar ónár gCathaoirleach, ónár mBord, ónár gcustaiméirí agus ónár gconraitheoirí a d'oibrigh chun teacht ar reitigh éagsúla ar na dúshláin ar fad a thainig romhainn inár n-earnáil le linn 2020. Ba mhaith liom tacú leis an méid a dúirt ár gCathaoirleach nuair a ghabh sí buíochas lenár ngeallsealbhóirí as a ndúthacht comhchoiteann, a bhfócas agus a dtacaíocht d'earnail na foraoiseachta ag pointe cinniúnach dár dtionscail.

Is mian liom go raibh maith agaibh a rá le mo chomhghleacaithe i Coillte d'oibrigh gan staonadh chun teacht tríd an stoirm a tháinig i 2020 agus a bhí dírithe ar Choillte a choimeád sábháilte agus ag gluaiseacht i slí dochreidte a chuir ionadh agus umhlaíocht orm. Chruthaigh tiomantas foirne Choillte do na foraoisí a choimeád ar oscailt agus na slabhraí soláthair ag feidhmiú a chion fein tacaíochta d'fholláine daoine agus do thodhchaí geal agus inbhuanaithe a chinntiú d'fhoraoiseacha na hÉireann. Táim ag súil leis an deis, amach anseo, bualadh arís le mo chomhghleacaithe agus mo bhuíochas a ghabháil leo go pearsanta as a solúbthacht, inoiriúnaitheacht agus a gcumas teacht aniar aduaidh ar an uile dúshlán. Táim ag iarradh ar an uile comhghleacaí, go fóill, leanúint do bheith ag cloí le comhairle an Rialtais agus FSS agus le bhur dtoil tugaig tacaíocht chéile - **Fan diombháilte, Seas go Láidir, Fan Sábháilte.**

Imelda Hurley

Príomhfheidhmeannach

An aerial photograph of a golf course. In the center, there is a clubhouse building with a grey roof and a parking lot with several cars. The surrounding area is lush with green grass and dense trees. A winding path or road is visible on the left side. The overall scene is bright and sunny.

ÁR MBUAICPHOINTÍ

CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Léargas Gnó


Cé go raibh sé ina dhúshlán mór é a dhéanamh, d'éirigh le Coillte feidhmíocht airgeadais an-sásúil a bhaint amach ag giniúint €66m de TRÚCDA agus airgead tirim de €24m. i 2020. Bhí TRÚCDA agus Airgead Tirim Oibriúcháin níos ísle ná mar a bhí i 2019 nuair a thuairiscigh Coillte €103m de TRÚCDA agus airgead tirim de €54m, rud é seo a tharla go príomha toisc an titim mhór i ndíolachán tairgí inár ngnó foraoise agus inár ngnó MEDITE SMARTPLY. Ag cur na dúshlán seo san áireamh, bhí na torthaí seo go maith agus cuireann béim ar athléimneacht agus inoiriúnaitheacht Choillte.

Chríochnaigh an grúpa an bhliain shuaite seo ar nóta láidir airgeadais, le glanfhiachas €28m tarraingthe anuas in aghaidh áiseanna fiachais de €180m. Cuireann seo bonn láidir tógála ar fáil dúinn don chlár uailmhianach fáis agus infheistíochta atá beartaithe ag Coillte do na blianta atá romhainn.

Creidimid gur bliain téarnaimh a bheidh sa bhliain 2021. Cé go bhfuil an t-éileamh atá inár gcroí-mhargaí in Éirinn agus sa RA réasúnta láidir, leanfaidh an ghéarchéim i gceadúnú foraoiseachta agus an phaindéim do bheith ag cur isteach ar feidhmíocht don chéad leath ar a laghad den bhliain.



CHRÍOCHNAIGH AN GRÚPA AN BHLIAIN SHUAITE SEO AR NÓTA LAIDIR AIRGEADAIS, LE GLANFHIACHAS €28M TARRAINGTHE ANUAS IN AGHAIDH ÁISEANNA FIACHAIS DE €180M.



FORAOIS

Bhí orainn aghaidh a thabhairt ar dhúshlán tromchúiseacha le linn na bliana 2020 a d'eascair don chuid is mó ón easpa ceadúnas foraoiseachta rud a raibh tionchar díreach aige ar tháirgiú adhmaid. Mar thoradh air seo, bhí feidhmíocht airgeadais an chuideachta laghdaithe go suntasach ná mar a bhí sa bhliain 2019. An chúis ba mhó leis seo ná an titim sa mhéid adhmaid a dhíolamar agus an chúis ba mhó a bhí leis sin ná an deacracht a bhí ann ceadúnais leagtha agus ceadúnais bóithre a dhaingniú dár n-oibriúcháin bainte i bhfianaise réim rialála nua tugtha isteach ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM). D'fhreagair Coillte do na nósanna imeachta nua seo trínár nósanna imeachta maidir le measúnacht chúí a fheabhsú don bhaint crann ar fad agus do cheadúnais bóthar le sain-fhoireann tionscadail inmheánach agus breis éiceolaíche. É sin raite, do laghdaigh na nósanna imeachta nua seo an ráta próiseála ceadúnas agus ceadanna ag an RTBM, rud a mhoilligh an leibhéal táirgeachta adhmaid agus laghdaigh go suntasach an soláthar go muiltle sábhadóireachta le linn 2020 ar fad. Cé go bhfuil comharthaí chun feabhais ag teacht maidir leis an ráta próiseála ar cheadúnais foraoiseachta ón RTBM le roinnt míonna, tá fadhbanna leanúnacha le ceadanna bóthair a cheadú agus leanfadh iarmhairtí ar sholáthar adhmaid agus soláthar go muiltle sábhadóireachta go maith isteach i 2021.

Cé go raibh deacrachtaí soláthair baile le brath de shíor i 2020, buntáiste do Choillte ab ea n téarnamh suntasach i bpragsanna adhmaid i gcaitheamh na bliana, go háirithe i margadh na RA. Thosnaigh an bhliain leis an neamhchinnteacht leanúnach de dheasca na Breatimeachta agus ró-sholáthar táirgí adhmaid sháfa ón Eoraip ag teacht isteach mar thuile i margadh na RA. Ach, do laghdaigh srianta Covid-19 táirgeadh adhmaid ar fud na hEorpa sa chuid luath de 2020 rud a chur cothromaíocht ar ais sa mhargadh agus ardú i bpragsanna adhmaid. Dá thoradh sin, táthar ag tuar go mbeidh bliain dearfach ag margadh an adhmaid i 2021, le héileamh láidir ar tháirgí adhmaid in ainneoin neamhchinnteachta i de thoradh srianta Covid-19 ar earnail na tógála.

I dteannta táirgeadh agus díolacháin adhmaid bainistíonn rannán foraoise Choillte gach gné de ghnó foraoiseachta am Ghrúpa, lena n-áirítear plandú crann, bainistíocht agus cosaint foraoise, cosaint bithéagsúlachta agus caitheamh aimsire lasmuigh.

Cé go raibh bliain díshlánach againn ó thaobh cosaint ar dóiteán de thoradh tréimhse fada simsiore a bhí an-tirim le linn an Earraigh - bhí 113 tine foraoise a tuairscíodh, sin méadú ó 50 i 2019 le 260 heicteár díobháilte - bhí páirteanna eile den rannán foraoise a thuill go leor airde de thoradh duaiseanna agus gradaim a bhuachaint i 2020:

- Phlandáil Coillte an líon is mó a phlandail sé riamh, le 22m crann curtha trasna 9,168 heicteár foraoisí athstocáilte.
- Sár-thoradh bainte amach sa chomh-íniúchadh teastasaithe foraoise leis an FSC® (Comhairle Maoirseachta Foraoisí) agus PEFC™ (Clár Tacaíochta don teastasú foraoisí) a léirigh barrfheabhas choillte i mbainistíocht foraoise, a chinntíonn go bhfuil ár n-adhmad agus ár dtáirgí adhmaid tairgthe g i hinbhuanaithe agus go freagrach. Bhog Coillte go rathúil go dtí an caighdeán ISO 45001 i sláinte agus sábháilteacht cheirde.
- Déanadh dul chun cinn leanúnach le linn na bliana ar an tionscadal BIOForest atá dírithe ar an 90,000 heicteár de ard-bhithéagsúlachta agus de cheantair dúlra a chosaint agus a fheabhsú. Ag baint úsáide as ár gcóras bith-rangaithe, is feidir linn tábhacht na ngnáthóg seo a dhearbhu agus le linn 2020 thugamar faoi phleananna sonracha foraoise a fhorbairt, pleanáil forfheidhmithe, agus faoin traenáil a theastaigh chun na láithreach seo a athshlánú. Táimid ag súil leis na pleananna seo a chur chun cinn le linn 2021.
- I measc ár dtionscnaimh caitheamh aimsire lasmuigh áirítear bogadh tríd an phleanáil, céim deartha sonracha agus faomhadh Boird maidir le mór-fhorbairt Teach agus Páirc Foraoise na Craobhaí i gCo. Chill Mhantáin chun láthair do chuairteoirí a chruthú ag scála náisiúnta. Cuirfear tús leis an tógáil i Lúnasa 2021 agus táthar ag súil é a oscailt don phobal sa bhliain 2022.
- Infreastruchtúr nua do rothaíocht sléibhe forbartha ar ár n-eastát foraoise le rianta nua i gCúil Áine, Co. Shligigh agus ar Shliabh Bladhma chomh maith le feabhsúcháin ar rianta ata ann cheana i dTigh an Chnoic, Co. Bhaile Átha Cliath agus Buaille na Stuaí, Co. Chill Mhantáin. Osclófar ár rianta nua go hoifigiúil i 2021 ach tá an rath agus cail orthu cheana féin, ag mealladh mórán cuairteoirí agus ag cabhrú leis an ngeilleagar áitiúil.
- Cé gur chuir Covid-19 mórán dúshlán od comhair na foirne caitheamh aimsire b'é ba chúis leis na huimhreacha cuairteoirí arda ná facthas roimhe seo inár bhforaoisí, a chuireann deiseanna ard-éilimh don sláinte mheabhair agus folláine.





**LÉIRIGH AN SÁR-THORADH
GNÓTHAITHE I GCOMH-
INIÚCHÓIREACT
TEISTIÚCHÁIN AN FSC® AGUS
AN PEFC™ SÁRMHAITHEAS
COILLTE I MBAINISTIÚ
FORAOISÍ.**



THUAS

Ceapadóireacht ealaíonta den túr radhairc i bPáirc Foraoise Avondale.

CLÉ

Rian rothar sléibhe nua forbartha ar Shliabh Bladhma.



RÉITIGH TALÚN

Bliain mhaith a bhí i 2020 ag an rannán Réitigh Talún agus é ag feidhmiú laistigh de pharaiméadair bhacainní Covid-19. Tá an rannán seo ar aistear nua anois agus é ag aistriú a chuid sócmhainní fuinnimh in-athnuaite - an chuid is mó dá n-oibriúcháin - isteach i gcomhfhiontar nua le Bord Soláthair an Leictreachais (BSL).

Le linn 2020, ar na buaicphointí a bhain leis an gcuid eile don ghnó Réitigh Talún bhí an chéad bhliain iomlán de Dhúlra Choillte agus an méid is mó ceannacháin riamh déanta ag ár bhfoireann díolacháin agus ceannacháin maoinne de thalamh lom agus foraoisí neamhaibí, agus rinne ár bhfoireann infheistíochtaí straitéiseacha agus bainistíocht sócmhainní bainistiú agus rialú ar ár bpríomh-infheistíochtaí.

Díolacháin agus Ceannacháin Maoine

Le linn na bliana 2020 do lean Coillte ag cur le táirgiúlacht an eastáit trí thalamh éadairbheach a chur de láimh agus foraoisí neamhaibí agus talamh lom a cheannach. Dhíolamar 496 heicteár in iomláine, rud a thuill €9.9m agus cheannaíomar 412 heicteár. Tá sé seo ríthábhachtach don straitéis ár n-eastát foraoise a fhás agus ár leibhéal foraoisithe a mhéadú.



Dúlra Choillte

Seoladh Dúlra Choillte sa bhliain 2019 mar rannán seachbhrabúsach dírithe ar choilearnaigh dúchasacha nua a sholáthar agus tabhairt faoi thionscadail athchóirithe bithéagsúlachta ar scála mór. Bhí tionchar láithreach ag foireann Dúlra Choillte sa bhliain 2020, a gcéad bhliain iomlán oibriúcháin.

In Earrach 2020 a cuireadh tús leis an obair athshlánúcháin ar lagphortach, an chéad cheann dá shórt ar domhan, ar thailte Bhord na Móna ar theorainn Chill Chainnigh/Thionraid Árann. Cuireadh tús leis an gcéad chéim de Nuamhaisiú Shléibhte Bhaile Átha Cliath le linn an tsamhraidh, inar baineadh as na coda neamhdhúchasacha den bhforaois, le tacaíocht agus tuiscint chuairteoirí na foraise. Plandáladh an chéad choilearnach dúchasach mar chuid de Nuamhaisiú Shléibhte Bhaile Átha Cliath mí na Nollag. I mí Lúnasa, bhain Dúlra Choillte speicis ionracha as 30 heicteár Foraoise Coill, coillearnach gláraigh agus gnáthóg faoi chosaint AE atá suite ar bhruacha Locha Gile, Co. Shligigh.

Infheistíochtaí Straitéiseacha agus Bainistíocht Sócmhainní

Do lean an rannán Réitigh Talún ag déanamh, ag bainistiú agus ag comhordú infheistíochtaí straitéiseacha thar ceann Coillte. Ar na príomh-infheistíochtaí atá á mbainistiú faoi láthair áirítear ár mbun - i bpáirtíocht le Accsys Technologies agus le INEOS - atá sa comhpháirtíocht a bhfuil an chéad áis aicéitiliúcháin slis adhmaid sa domhan á forbairt aici agus atá lonnaithe i Hull na Ríochta Aontaithe. Táirgeoidh sé sliseanna adhmaid Tricoya a mhaireann tamall fada agus a údáidfean inár n-oibríocht MEDITE. Is iad na mór-infheistíochtaí eile atá á gcur chun cinn againn ná ár speis i bhforbairt fuinnimh in-athnuaite agus an t-uasghrádú sna córais fuinnimh inár ngnóthas MEDITE SMARTPLY.

Iníúchadh Bith-Gheilleagar

Ar na príomhréimsí fócais a bhí againn i 2020 áirítear deiseanna féideartha a fhiosrú maidir le snáthín adhmaid i dtáirgí tógála, i mbreoslaí agus i gceimiceáin sa gheilleagar glas atá ag borradh. Tá fócas láidir comhpháirtíochta sheachtraigh forbartha ag an aonad le páirtneírí i réimsí acadúla, ranna Stáit, áisíneachtaí agus cuideachtaí príobháideacha agus sinn ag iniúchadh conas is feidir an nuálaíocht seo a fhorbairt trí pháirtneireachtaí agus trí mhaoiniú.



IN EARRACH 2020 A CUIREADH TÚS LEIS AN OBAIR ATHSHLÁNÚCHÁIN AR LAGPHORTACH, AN CHÉAD CHEANN DÁ SHÓRT AR DOMHAN, AR THAILTE BHORD NA MÓNA AR THEORAINN CHILL CHAINNIGH/THIOBRAID ÁRAINN.



FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

In ainneoin na ndeacrachtaí a bhain le bheith ag feidhmiú i dtimpeallacht Covid-19 don chuid is mó den bhliain, rinne Coillte dul chun cinn suntasach i 2020 ina fillteán tionscadail sa bhfuinneamh in-athnuaite.

Tar éis don chuideachta forbraíochta comhfhiontair a bheith aontaithe go rathúil le BSL i mí na Samhna 2019, seoladh ar aghaidh iarratas ar chead don idirbheart ón Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) go luath i 2020. Fuarthas faomhadh an rialaitheora cumasc seo ón CCPC go luath sa bhliain 2021. De thoradh air seo, táthar ag súil go mbeidh an chuideachta chomhfhiontair bunaithe sa chéad leath de 2021, ag braith ar fhaomhadh ó na Scairshealbhóirí.


Cloch mhíle shuntasach dár n-eagraíocht a bheidh sa chuideachta Coillte-BSL. Ciallóidh se seo go n-aistrefar ár bhfoireann fhuinnimh In-athnuaite ar fad anonn go dtí an comhfhiontar nua, a bheidh dírithe ar 1GW fuinnimh in-athnuaite nua a sholáthar, ó ghaoth ar talamh - faoi 2030.

Ciallaíonn se seo go mbeidh Coillte ina chumasóir tábhachtach san aistriú a dhéanfaidh Éire go toadhcháí ní inbhuanaithe ó thaobh giniúint leictreachais, comhpháirt thábhachtach sa Chlár Rialtais 2020 agus sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Tá an comhfhiontar á chur ar bun ag am nuair atá feasacht ag méadú maidir leis na bagairtí ó athrú aeráide: leag an Bheartaíocht Ghlas Eorpach amach treochlár don AE a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050 agus tá sé i gceist ag an AE €1 trilliún a chaitheamh chun an tiomantas seo a chur i gcrích. Tá fás leanúnach in infheistíochtaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachas (ESG) sna margaí airgeadais, rud ata ag cur athruithe meara i bhfeidhm do ghnólachtaí. Ar deireadh, áirítear gealltanais sa Chlár Rialtais uailmhianach do Éirinn reachtaíocht thábhachtach aeráide a achtú.

I 2020, ghlac ceann de thionscadail fhuinnimh in-athnuaite Coillte (Feirm Ghaoithe 30MW an Léana Léith i gCo. Dhún na nGall, atá á forbairt ag Coillte i gcomhpháirt le SSE Renewables) páirt i gcéad cheant Scéime Tacaíochta um Leictreachas Inathnuaite (RESS) an Stáit. Tá sé mar sprioc ag an RESS dreasú a dhéanamh ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite chun cabhrú le hÉirinn a spriocanna aeráide a bhaint amach agus imscaradhna dtionscadal fuinnimh ó ghaoth ar talamh agus ón ngrian a bhrostú, lena n-áirítear tionscadail faoi úinéireacht an phobail. Bronnann córas ceant RESS praghas faoi ráthaíocht ar leictreachas do thionscadail rathúla don leictreachas a ghinneann siad. Chuir daingniú conartha ag an gceant RESS an tionscadal ar an gcúrsa chun cinnfé deiridh infheistíochta a dhéanamh agus tús a chur leis an obair thógála i 2021.



MEDITE SMARTPLY



Is é MEDITE SMARTPLY an príomhsholáthraí san Eoraip de tháirgí phainéil adhmaid atá chun cinn ó thaobh teicneolaíochta de a chuireann sár-dintiúir inbhuanaitheachta agus sár-nuálaíocht ar fáil i dteannta seirbhíse do chustaiméirí atá ar thús cadhnaíochta.

Toisc Is gnóthas idirnáisiúnta sinn atá dírithe ar ár gcumas oibriúcháin a athnuachan agus a athrú chun feabhais agus sinn ag cothú an uile ní a chur shun cinn ar gach dream eile sinn sna margaí a roghnaíomar.

Tá sé ina aidhm againn éabhlóidiú a dhéanamh ar ár n-ábharthacht lenár bpríomhchustaiméirí trí leas coiteann a fhorbairt, ár scála a mhéadú agus táirgí breisluacha a optamú lenár réimse táirgí difreáilte a optamú.

Chuireamar roinnt mhór-éachtaí i gcrích sa bhliain 2020. Chabhraigh aclaíocht laistigh den ghnó agus caidreamh láidir le custaiméirí linn maolú ar iarmhairtí na paindéime, lena n-áirítear cur isteach mór ar ár shlabhra soláthair atá ó shin níos athléimní dá thoradh. Rinneamar forbairt ar ionaid nua straitéiseacha sa Fhrainc, d'éirigh linn méideanna níos mó ná riamh roimhe seo a dhíol de SMARTPLY ar Mhór Roinn na hEorpa agus chuireamar cláir forbartha táirgí i gcrích le SMARTPLY MAX FR B. Rinne ár ngnó MEDITE téarnamh láidir le linn na bliana le cabhair ón seoladh isteach a rinneamar ar 3 tháirge nua.

Ina theannta sin, chuireamar tús leis an infheistíocht c.€45m SMARTPLY agus an obair uasghrádaithe ar an monarcha triomúcháin, a chuirfidh le héifeachtúlacht agus iontaofacht acmhainní agus a chuirfidh go mór le hinniúlacht monarchan.



Táimid ag tabhairt aghaidh ar 2021 le móiminteam maith, ag aithint go bhfuil ár ngnó timthriallach, leanfaimid do bheith dúthrachtach maidir le hathruithe sa todhchaí a aithint.

Leanann tionscnaimh Rialtais, cláir thógala tithíochta, nósanna ceannacháin tomhaltóirí agus éileamh domhanda dár dtáirgí adhmaid-bhunaithe mar théamaí comónta ag feidhmiú mar thiomántóirí fáis, le tionchar ar ár margaí uile.

De thoradh ullmhúcháin, ba bheag an cur isteach a bhí ag an mBreatimeacht orainn cé go leanaimid do bheith aireach do na hiarmhairtí dár margaí agus dár gcustaiméirí.

Tá ár straitéisí fáis agus ár bpleananna infheistíochta chaipitil ag dul ar aghaidh de réir sceidil agus leanfaimid ag forbairt na cláir seo ar fad le linn 2021. Chomh maith leis sin, tá roinnt tionscadal tábhachtacha ar siúl againn faoi láthair lena n-áirítear clár eispéiris custaiméirí, forghníomhú straitéise fáis MEDITE Tricoya Extreme (ag leanúint cur i gcrích na saoráide i Hull le linn 2021) agus forbairt ár dtionscnaimh inbhuanaitheachta.



TÁIMID AG TABHAIRT AGHAIDH AR 2021 LE MÓIMINTEAM MAITH, AG AITHINT GO BHFUIL ÁR NGNÓ TIMTHRIALLACH, LEANFAIMID DO BHEITH DÚTHRACHTACH MAIDIR LE HATHRUITHE SA TODHCHAÍ A AITHINT.

2.2 MILLIÚN CUAIRT

AR FHORAISÍ ÁITIÚLA COILLTE
IS MÓ GEANA Ó MÁRTA 2020.



COILLTE LE LINN COVID-19



Éire á Coimeád ag Gluaiseacht

Mhéadaigh ar an tábhacht do phobal na tíre cuairteanna a thabhairt ar ár bhforaoisí agus ar a mheas orthu le linn srianta Covid-19.

Bhain mórán daoine sásamh as ath-nascadh leis an nádúr ina gceantair áitiúla féin. Glactar go forleathan leis an dtuairim go gcabhraíonn aer úr agus spásanna glasa lasmuigh le giúmar, sonas agus sláinte an duine.

Tá líon na gcuariteoirí go roinnt de foraoisí caitheamh aimsire Coillte tar éis méadú faoi dhó agus faoi thrí ó thosnaigh an dianghlasáil anuraidh, ag brath ar an suíomh.

- 2.2 milliún líon foriomlán na gcuariteoirí a thainig go dtí ár 50 foraoisí is mó cuairte ó Mhárta go deireadh mhí na Nollag 2020.
- Is ionann é seo agus méadú foriomlán de c.40% ó 1.6 milliún ar an tréimhse chéanna sa bhliain 2019.
- Ós rud é go bhfuil c.6,000 réadmhaoin foraoise ag Coillte, iolrach den uimhir seo is ea an méid cuairteoirí a bhí ar cuairt ag foraoisí na tíre.

Tharla méadú faoi dhó agus faoi thrí ar líon na gcuariteoirí i roinnt foraoisí ar nós Sléibhte Bhaile Átha Cliath, An Ros Mór i gCo. Mhuineacháin agus Domhnach Dheá i gCo. Chill Dara. Is í Sléibhte Bhaile Átha Cliath (arb í Foraois Thigh an Chnoic an chuid is mó di) an fhoraois is mó cuairteanna, ina dhiaidh sin tá Páirc Foraoise an Rois Mhóir, Co. Mhuineacháin agus Páirc Foraoise Dhomhnach Dheá i gCo. Chill Dara.



**THÁINIG MÉADÚ FAOI DHÓ
AGUS FAOI THRÍ AR LÍON NA
GCUAIRTEOIRÍ GO FORAOISÍ ÁITIÚLA
LE LINN DIANGHLASÁLA COVID-19.**



RINNE ÁR BHFOIREANN FREAGARTHA COVID-19 ÉACHT LE LINN NA BLIANA CHUN AN FHOIREANN A CHOIMEÁD SÁBHÁILTE TRÍ CHOMHAIRLE SHOILÉIR AGUS PRAITICIÚIL A SHOLÁTHAR AGUS NUASHONRÚCHÁIN SEACHTAINIÚLA.

Seirbhísí Ainmnithe agus Riachtanacha Choillte

I Márta 2020 d'ainmnigh an Rialtas an Fhoraoiseacht mar sheirbhís riachtanach nuair a tugadh isteach srianta a bhí dírithe ar scaipeadh Covid-19 a cheansú. Chuir se seo ar chumas Coillte a chuid foraoisí a choimeád ar oscailt do chuairteoirí áitiúla agus leanúint do bheith ag baint chrann agus an t-éileamh ann do phainéil adhmaid tógála agus do tháirgí adhmaid eile déanta ag ár gcustaiméirí.

Toradh eile ar Covid-19 ab ea an fás ar dhíolacháin ar líne in Éirinn a mhéadaigh i 2020 cúig uaire níos mó ná meán-fhás bliantúil a tharla i 2017, 2018 agus 2019, dar le Wolfgang Digital. Ceann de na torthaí a tháinig ón méadú ollmhór ar sheachadh earraí ar líne. Ná méadú mór ar iompar earraí go naisiúnta agus thar lear agus dá bharr tháinig méadú ar an éileamh a bhí ar adhmaid do dhéantús paillead.

Sláinte agus Sábháilteacht Prótacail

Bhí sláinte agus sábháilteacht ríthábhachtach agus an fhoireann ag dul i dtaithí ar nósanna oibre cianda nua agus bearta rialaithe sláinteachais. Dhún oifigí Coillte i Márta na bliana 2020 agus fanfaidh siad mar sin ar feadh tréimhse mhaith i 2021. Rinne ár bhFoireann Freagartha Covid-19 éacht le linn na bliana chun an fhoireann a choimeád sábháilte trí chomhairle shoiléir agus praiticiúil a sholáthar agus nuashonrúcháin seachtainiúla.

Bainistíocht

Tá creidiúnú agus teastasú iomlán ag córais bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta Coillte. I 2020, d'aistrigh Coillte ó theastasú OHSAS 18001 go Teastasú Sábháilteachta ISO 45001 tar éis iniúchta rathúil ar dhoiciméadú córais sábháilteachta ar líne a dhéanamh i mí Aibreáin agus iniúchtaí sa ghort a dhéanamh i mí Meán Fómhair.

Rinne an Fhoireann Sábháilteachta caighdeán Ráitis Sábháilteachta a fhorbairt agus dáileadh ar ár gconraitheoirí é go luath i 2020. Tháinig laghdú suntasach ar líon na dtimpistí a bhí ag fostaithe i 2020.

Eisíodh Foláirimh Sábháilteachta agus Fógraí go conraitheoirí de thoradh cigireachtaí ar thimpistí agus iniúchtaí teistiúcháin. Cuireadh ceithre mhodúl ríomhfhoghlama i bhfeidhm don fhoireann le linn 2020.

- Línte Cumhachta Lasnairde
- Ag Obair Id Aonar
- Ionduchtú Sláinte & Sábháilteachta
- COVID-19

Bhuaigh an modúl sábháilteachta ríomhfhoghlama 'Working Alone; arna forbairt ag Coillte agus Cobblestone an Gradam Feabhais Ríomhfhoghlama 2020 ó Institiúid Oiliúna & Forbartha na hÉireann. Mar chuid dár bPlean Feabhsúcháin Sábháilteacht do 2020 bhí sraith ceardlann againn dírithe ar Shábháilteacht Iompar-Bhunaithe a bhí áisithe ag IBEC.



Foireann Choillte agus Covid-19 - An Gnáth Nua

Tháinig athrú mór ar nósanna oibre foirne Coillte i 2020 le teacht Covid-19. Chuir an fhoireann iad fein in oiriúint go mear agus d'fhreagair an dúshlán nua a bhí sa chianobair, le cruinnithe fíorúla mar ghnáthchuid dá gcuid oibre.

Ghlac foireann allamuigh le prótacail sláinte agus sábháilteacht chomh maith le prótacail sláinteachais nua chun iad fein, a gconraitheoirí agus an pobal a chosaint. D'oibrigh ár bhfoireann IT gan staonadh chomh maith chun a chinntiú gur éirigh leis an mbogadh ó bheith ag obair go hoifig-bhunaithe go bheith ag obair go cianda. Ag MEDITE SMARTPLY, rinne an fhoireann tréan-iarracht, ghlac le cleachtais sláinteachais nua chun cur chuige gnó mar is gnáth a chothú agus á chinntiú ag an am céanna go raibh gach aird tugtha ar shábháilteacht, sláinte agus folláine na foirne.

Bhí 'Coimeád Coillte ag Gluaiseacht' mar ghné leanúnach i rphostanna seachtainiúla ár POF go dtí an bhfoireann agus chuir béim ar conas mar a bhí páirteanna difriúla don ghnó de shíor á gcur féin in oiriúint do na dúshláin nua a bhí á gcur os ár gcomhair ag Covid-19.

Cheadaigh se seo do Choillte an deis a thapú measúnú a dhéanamh ar cad atá i ndán sa todhchaí don bhfoireann i dtéarmaí samhail oibre iar-Covid-19. Cuireadh foireann tionscadai ar bun sa tarna leath de 2020 le féachaint ar bhuntáistí agus ar dhúshláin na gcleachtas oibre, mar a bhí roimh Covid-19 agus le linn srianta Covid-19.

An bunchuspóir a bhí ag an tionscadal seo ná moladh a dhéanamh don samhail oibre do Choillte amach anseo tar éis Covid-19.

Cuireadh suirbhé cuimsitheach ar an bhfoireann i gcrích i R4 de 2020. Do léirigh torthaí an tsuirbhé gur fearr le formhór na foirne anois samhail oibre a bheadh níos solúbtha sa todhchaí maidir le obair oifige agus obair chianda. Tá an tionscadal seo ag dul ar aghaidh i 2021 agus táthar ag tuar go gcuirfear aon athruithe a nglacfar leo dár samhail oibre i bhfeidhm i dtreo dheireadh 2021.



Rith na nDreoilíní do Theach Pieta 2020 - Fíorúil

Coillte a bhí mar príomh-urraitheoir an 2020 Pieta Wren Run. Ar ais don 6ú bliain, ócáid ar Lá 'le Stiofán is ea Rith na nDreoilíní Pieta inar feidir le rannpháirtithe Siúl, Jogáil nó Rith a dhéanamh ar 3km nó 6km i ndlúthpháirt le daoine eile ar fud na hÉireann ar fad agus trasna an domhain le feacht ar mheabharsláinte a mhéadú.

Roinntear an t-airgead a tiomsaítear ag an ócáid idir Theach Pieta agus tionscnaimh phobail áitiúla (bonn 50:50). Is iad na dreamanna áitiúla a bheidh ag fónamh as ná Forbairt Pharóiste na Luascáin, Bailte Slachtmhara na Gráige, Coláiste na Trócaire, Club Camógaí Dháibhéid, Club Óige na Gráige, Soilse Nollag na Gráige agus Club CLG Thomáis Uí Lorcáin.


Chun freastal ar na dálaí gan fasach i 2020 agus chun a chinntiú go bhfanadh daoine sábháilte, beartaíodh ar an ócáid bhliantúil a reachtáil go fíorúil i mbliana. Is é ba chiall leis seo ná go bhféadfadh éinne bheith páirteach thar an tréimhse 24 uair an chloig ar Lá 'le Stiofán ag aon láthair a roghnóidís féin.



BAINÉADH ÚSÁID FHORLEATHAN AS AN PHRÁSA 'COIMEÁD COILLTE AG GLUAISEACHT' LE LINN 2020.



ÁR BHFORAOISÍ



DON ADHMAD

Coillte is ea an táirgeoir lomán cruinne le teastasú inbhuanaitheachta is mó in Éirinn, an t-amhábhhar a phróiseálann custaiméirí muilté sábhadóireachta agus cláir phainéil ina adhmaid agus ina tháirgí adhmaid ardchaighdeáin.

Tacaíonn earnáil na foraoiseachta le níos mó ná 12,000 post, go mórmhór faoin tuath in Éirinn. Cuireann sé thart ar €2.3 billiún leis an ngeilleagar náisiúnta, agus Táthar ag tuar go ndéanfar an earnáil a dhúbailt sa deich mbliain atá romhainn.



TÁIRGÍONN COILLTE THART AR 75% DE SHOLÁTHAR ADHMAID NA HÉIREANN AGUS IS É SPRÚS SITCEACH ÁR BPRÍOMH SPEICEAS TRÁCHTÁLA.



Tá ár bpríomhchustaiméirí ag feidhmiú sa sábhmhulleoireacht, painéal adhmaidbhunaithe, leabú d'ainmhithe, bithmhais agus adhmaid tine. Titeann an réimse leathan úsáide a bhaineann ár gcustaiméirí as ár lomáin chruinne isteach i dtrí príomh chatagóir:

- **Laíon Adhmaid**
táirgí painéil bunaithe ar adhmaid (clár SMD, OSB), táirgí mar easair d'ainmhithe, bithmhais agus adhmaid tine.
- **Lomáin Sháfa Bheaga**
Pailléid agus fálaithe a úsáidtear i margaí na hÉireann agus na RA
- **Lomáin Sháfa Mhóra**
Adhmaid de ghrád creatlaithe tógála le húsáid i margaí tógála na hÉireann agus na RA.

Táirgeadh adhmaid Choillte sa bhliain 2020

- In 2020, sholáthraigh Coillte 2.31m méadar ciúbach amdhaid
- Díoladh thart ar 1.42 méadar ciúbach den adhmaid sin mar lomáin sháfa lenár gcustaiméirí ar muilt sábhadóireachta iad
- Ina iomlán, dhíol Coillte dóthain adhmaid a thógfadh 50,000 teach cónaithe, bunaithe ar mheánúsáid de 46 méadar ciúbach in aghaidh an tí chónaithe

2.31_m

MÉADAR CIÚBACH ADHMAID A
SOLÁTHRAÍODH I 2020

50,000

DHÍOL COILLTE DÓTHAIN ADHMAID THÓGÁLA A
THÓGFADH 50,000 TEACH



Léaráid: Adhmad Éireannach á úsáid i dtógáil teach.



Úsáidí Inbhuanaithe

Ní hamháin gur tráchtearra luachmhar é an t-adhmad a fhástar i bhforaoisí Choillte ach táirgítear ar bonn inbhuanaithe adhmad agus táirgí foraoise uile Choillte ar shlí a chuireann le maolú ar iarmhairtí ón athrú aeráide trí bheith ina rogha éagsúil ón reimse leathan ábhair sintéiseach a eascraíonn ó fhoinsí neamh-in-athnuaite.

I dteannta bheith úsáidte mar phailéid chun earraí riachtanacha a iompar ar fud na cruinne, troscán a dhéanamh agus fálú dár bhfeirmeacha agus dár ngairdíní, úsáidtear adhmad Choillte i bpainéil MDF agus OSB a úsáidtear go forleathan i bhfoirgnimh.

Foinse ríthábhachtach is ea foraoisí Choillte d'adhmad tógála, a theastaíonn chun na díonta agus urláir a théann isteach i struchtúir ár dtithe. Toisc go bhfuil adhmad Coillte go hiomlán in-athnuaite agus inbhuanaithe, is rogha eile íseal-charbóin iad iad ar na hábhair tógála bunaithe ar ábhair eastóscacha cosúil le suimint, plaisteach, agus cruach rud a chuireann ar chumas forbróirí agus tógálaithe an rian carbóin ó thithíocht nua a laghdú. Is amhlaidh gur trí huair níos fearr atá na buntáistí carbóin le foirgneamh déanta as adhmad ná tigh a tógadh go traidisiúnta ag úsáid 8 dtonna níos lú dé-ocsaíd charbóin in aghaidh an aonaid tithíochta dar le anailís Choillte ar thaighde déanta ag an Lárionad Bithchumaisc in Ollscoil Bangor.

Bainistíocht Inbhuanaithe foraoise

Is é atá i gceist le bainistíocht inbhuanaithe foraoise ná an chothromaíocht a fháil i gceart idir adhmaid a tháirgeadh go hinbhuanaithe, an dúlra a chosaint agus a fheabhsú, agus áiteanna tarraingteacha a chruthú do dhaoine le cuairt a thabhairt orthu.

Oibríonn ár bhfoireann go dian chun an chothroime sin a sholáthar. Téann Coillte i gcomhairle le éiceolaithe chun na foraoisí sin a aithint ar feidir iad a bhainistiú sa slí is fearr don dúlra. Is mar seo, atá ar ár gcumas níos mó cuairteoirí a mhealladh go dtí ár bhforaoisí. Ar ndóigh, b'é an gá a bhí ag daoine a bheith amuigh faoin aer sa dúlra ba chúis leis an méadú i líon na gcuairteoirí ar chuid dár bhforaoisí caitheamh aimsire is mó éilimh ag méadú faoi dhó agus faoi thrí le linn na paindéime.

Is le iniúchtaí teastasaithe foraoise a chuireann an FSC® (Comhairle Maoirseachta Foraoisí) agus PEFC™ (Clár Tacaíochta don teastasú foraoisí) promhadh neamhspleách ar fáil ar nósanna imeachta bainistíochta inbhuanaithe foraoise Choillte. I mí Bealtaine 2020, le linn an chéad dianghlasáil, rinne an Cumann Ithir dé-iniúchadh FSC agus PEFC ar fhoraoisí Choillte i gCo na Gaillimhe agus Co. an Chláir. Rinne ceathrar iniúcháir a gcuid meansúnachta go cianda ó ionaid in áiteanna sa RA agus sa Rómáin. Cuireadh iniúchtaí sa ghort i gcrích trí ghlaonna comhdhála agus seoladh grianghrafanna sruthaithe ar ais go dtí na hiniúcháirí chun athbhreithniú a dhéanamh orthu.

Ag éirí as an iniúchadh a bheith déanta, ní bhfuair Coillte ach an dá iarratas mion ghníomhartha-cheartaitheacha, ionann agus na torthaí is fearr le nach mór 20 bliain do na hiniúchtaí FSC agus le sé bhliain do na hiniúchtaí PEFC.



Grianghraf: Pól Ó Donncha, bainisteoir oibríochtaí i gceantar BAU 2 de chuid Coillte sa Lár-Iarthar á iniúchadh go cianda ar teileafón ar láthair gníomhach bhunú foraoise.



Tionscadal na Bliana

I nDeireadh Fómhair 2020, d'éirigh le MEDITE SMARTPLY dul chomh fada leis an ngearrliosta i gcatagóir Tionscadal na Bliana ag gradaim an Wood Protection Association (WPA) agus an feistiú painéal fuaime don Stephen Perse Foundation School i Cambridge Shasana. Ainmníodh MEDITE SMARTPLY as an úsáid a baineadh as painéil 530 MEDITE PREMIER FR MDF i halla spóirt nua úrscothach. Roghnaíodh na painéil go speisialta dá bhfeidhmíocht tine, fuaime, agus dá n-inbhuanaitheacht.

Cumann neamhbhrábúis trádála is ea an WPA a mholann adhmaid a úsáid mar ábhar foirgníochta agus spreagann forbairt na teicneolaíochta a fheabhsaíonn feidhmíocht agus luach táirgí bogadhmaid inbhuanaithe.



I NDEIREADH FÓMHAIR 2020, D'ÉIRIGH LE MEDITE SMARTPLY DUL CHOMH FADA LEIS AN NGEARRLIOSTA I GCATAGÓIR TIONSCADAL NA BLIANA AG GRADAIM AN WOOD PROTECTION ASSOCIATION (WPA).



Grianghraf: MEDITE SMARTPLY . áis déantúsaíochta i mBaile Mhic Réamainn, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann.



SMARTPLY MAX FR B

Tá MEDITE SMARTPLY ar ghnó de chuid Coillte é agus a bhfuil oibríochtaí aige i gCluain Meala agus i bPort Láirge, i mbun déantúsaíochta ar réimse ilúsáide cláir snáithíneach meándlúis (MDF) agus cláir sliseog treoshuite (OSB) a mbaintear úsáid forleathan astu in earnáil na tógála.

I 2020, d'fhógair an gnó an táirge is déanaí sa réimse earraí tógála adhmaid inbhuanaithe, is é sin an SMARTPLY MAX FR B. Tugann an nuálaíocht mhargaidh seo breis sábháilteachta agus iontaofachta go tionscail a bhraitheann ar sábháilteacht agus intuarthacht.

SMARTPLY MAX FR B is ea an chéad chláir Euroclass B - an uas-rátáil Euroclass is airde i gcomhair clár adhmaid - déanta sa RA nó Éire a úsáideann calóga adhmaid cóirithe le tuaslagán lasairmhoillitheach roimh iad a bhrú. Cinntíonn sé seo go bhfuil an tréith lasairmhoillitheach ina bhuntréith don gclár agus go gcothaíonn sé an iomláine struchtúrach an chláir ní hionann agus mórán a déantar a chóiriú níos déanaí, dá bhrí sin tá sé mar rogha níos sábháilte laistigh de thógáil fráma-adhmaid nó i dtionscadail ina mbíonn líon mór táirge adhmaid riachtanach.



AG TACÚ LE TODHCHAÍ NÍOS SÁBHÁILTE D'FHOIRGNIMH ADHMAID.

Réiteach is é seo a bhfuil acmhainneacht ann do réimse ollmhór feidhmeanna agus tionscail, ó mhodhanna nua-aimseartha tógála cosúil le tógail sheach-suímh agus fráma-adhmaid go cruach tanaí agus córais tógála modúlach agus struchtúir shealadacha. Is féidir SMARTPLY MAX FR B a úsáid i dtógail tithe le fráma adhmaid nuair atá céimeanna maolaithe riachtanach toisc an fhaid ó fhoirgnimh chomharsanacha.

Cuireann ard-teicneolaíocht roisín lena ndéantar painéil ard-fheidhmíochta gan formáidéad bheith curtha leis agus cuireann an SMARTPLY MAX FR B seo ar chumas ailtirí, conraitheoirí agus cumadóirí timpeallachtaí níos sábháilte agus níos sláintiúla a sholáthar. Áirítear leis seo ní hamháin na timpeallachtaí tógtha a thagann ón táirge seo a úsáid ach an timpeallacht nádúrtha a fhagtar ina dhiaidh toisc go n-úsáideann SMARTPLY MAX FR B adhmaid a thagann ó fhoraoisí Éireannacha atá bainistithe ar bhonn inbhuanaithe.

Tagann ár bpríomh-spreagadh madir le MEDITE SMARTPLY a fhorbairt mar ábhar ab ea gur theastaigh uainn tacú le todhchaí níos sábháilte agus níos gile d'fhoirgnimh adhmaid, todhchaí a chuirfidh ar chumas tionscail na tógála oibriú i slite níos inbhuanaithe agus le feidhmíocht fheabhsaithe.



ÁR BHFORAOISÍ



DON DÚLRA

D'fhéadfaí a rá gurb iad na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta na dúshláin is mó os comhair an chine daonna. Mar an úinéir talún is mó in Éirinn, tá Coillte in ann réitigh straitéiseacha a sholáthar a chabhraíonn leis an dúlra a athshlánú agus cabhrú le hiomláine ár gcórais chothaithe beatha a fheabhsú.

Déantar foraoisí uile Coillte a bhainistiú go hinbhuanaithe agus déanann an FSC agus an PEFC é sin a dhearbhu. Mar chuid lárnach don bhainistíocht inbhuanaithe foraoise, déantar banistiú go príomhúil ar 20% de'fhoraoisí Coillte chun speicis fhiáine agus gnáthóga a chosaint. Ina theannta sin, i 2019 sheolamar rannán neamhbhrabúis darbh ainm Dúlra Coillte chun réitigh ar scála mór a sholáthar maidir le aghaidh a thabhairt ar na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta.

Dúlra Choillte

Úsáideann Dúlra Choillte dea-chleachtas éiceolaíoch chun an nádúr a aiscuir, a athnuachan agus a athshlánú ar fud na hÉireann, trí dhlúthchomhar le comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha.

Tá Dúlra Choillte ag brath ar 32 bliain taithí sa bhforaoiseacht, i mbainistíocht talún agus in athchóiriú gnáthóg a bhfuil tionchar le dealramh aige trí thionscadail mhórscaála nuálaíochas trasna ceithre théamha straitéiseacha:

1. **Ath-fhoraoisiú** a dhéanamh ar ár dtaobhanna tíre trí choillte dúchasacha nua a chur ar thailte neamh-fhoraoisithe
2. **Athchóiriú** a dhéanamh ar cheantair thábhachtacha bithéagsúlachta trí infheistiú i mó-fheabhsúcháin gnáthóg
3. **Athghiniúint** a dhéanamh ar fhoraoisí uirbeacha ar mhaithe le daoine agus an dúlra
4. **Athshlánú** a dhéanamh ar sheirbhísí éiceachórais trí thailte íogair nó díghrádaithe a dhéanamh níos sláintiúla arís

Rinneadh dul chun cinn mear cheana féin. I nDeireadh Fómhair 2019, ceapadh foireann éagsúil ó laistigh agus ó lasmuigh den eagraíocht agus i Mí Eanáir 2020 cuireadh tús le hobair ar feadh roinnt tionscadal tosaíochta amhail Plean Iompaithe

Shléibhte Bhaile Átha Cliath, Tionscadal Coillte Dúchasacha Lár na Tíre, agus Tionscadal Athchóirithe Fhoraois na Collchoille.

Foraois na Colchoille a Athchóiriú

Tá Foraois na Collchoille ag croílár cheantar Yeats ar chladach Loch Gile i gCo. Shligigh, os cionn Oileán Locha Inis Fraoigh. Is tírdhreach crann leathnádúrtha de 130 heicteár é, agus ceann de na coillte gláracha is breá in Éirinn uile ann.

Tá an ghnáthóg sin atá cosanta ag an AE lán de speicis crann dúchasach uisce-iarrthach amhail saileach, fearnóg agus fuinseog, agus fágfar í faoi uisce ar bhonn tréimhsiúil ag abhainn na Garbhóige. Ach faoi láthair, áfach, tá sí buailte ag fás fairsing an róslabhrais, tor coimhthíoch ionrach a chaitheann dlúthscáth ar an gcoill ag leibhéal na talún lena gcuirtear bac ar chrainn, toir agus flóra talún óg dúchasach fás mar a dhéanfaidís i ngnáthóg shláintiúil.

Chuir Dúlra Choillte roinnt staidéar eiceolaíochas i gcrích chun dea-chleachtas a chinntiú agus Colchoill a athchóiriú. Tugadh faoi speicis choimhthíochas a bhaint as an áit chun athbheochan nádúrtha na gnáthóige gláraí a chumasú agus tacaíocht a thabhairt do luach bithéagsúlachta na gcoillte níos leithne trí iar-fháschoill thráchtála a athfhoraoisiú le speicis de chrainn dhúchasacha.

In Aibreán 2020, in áit ina raibh plandáil bhuaicéineach chuireamar speicis dúchasacha as an nua, sin iafd beith, fearnóg, péine Albanach, caorthann, saileog agus cuileann. Cuireadh tús leis an obair na speicis ionracha a ghlanadh as an áit go déanach sa tsamhradh agus stadadh den obair go luath i mí na Samhna, nuair a d'iompaign na dálaí aimsire i gcoinne an chonraitheora agus nuair a d'éirigh an suíomh oibre ró-fhluch. D'úsáid Dúlra Choillte Ecoplugs chun athfhás an róslabhrais agus an labhrais ar gearradh na stumpaí orthu a smachtú.

Tionscadal na gCoillte Dúchasacha Lár Tíre

Ar fud lár na tíre, teastaíonn athshlánú leochaileach ó lagphortaigh d'fhonn iad a chur ar ais i riocht folláin. Ciallaíonn sé seo portaigh a athfhliuchadh nuair is féidir. I gcásanna nuair nach bhfuil sé sin indéanta - mar shampla, i limistéir níos airde agus níos tirime ina bhfuil móin níos tanaí d'fhéadfadh crainn dhúchasacha a bheith ina gcuidiú le caillteanais carbóin bhreise ón ithir a íoslaghdú agus ina dtacaíocht le gnáthóg bithéagsúil a bhunú.

Ag láthair an Bhaile Bhig ar theorainn Co. Chill Chainnigh agus Co. Thiobraid Árann tá Dúlra Choillte ag oibriú le Bord na Móna chun taighde a dhéanamh ar shlite ar feidir gnáthóga mar seo a chruthú ar shuíomh 338 heicteár. Is é an mórchuspóir atá ag an straitéis athshlánúcháin ná lagphortach a athfhliuchadh, agus na coda nach bhfuil sé oiriúnach dóibh - ar nós mullóga, mullaigh, claonta géara agus stráicí ardaithe eile - déanfar iad a athshlánú mar coillearnaigh dhúchasacha.

Táimid ag déanamh tástálacha atá gar-don-nádúr maidir le modhanna chun coillte a chur ar cheantair bheaga trí aithris a dhéanamh ar ngnáthóg nádúrtha dúchasach a fhásann go nádúrtha ar an bportach. Chun torthaí a chur ar fáil don Measúnacht Tionchair Timpeallachta a theastaíonn ón tSeirbhí Fhoraoiseachta tá triail fairsinge déanta againn ar bhreis agus 100 ceapacha beaga go luath i 2020 ag úsáid meascán speiceas dúchasach agus áitiúil lena n-áirítear beith, saileach, péine Albanach, caorthann agus fearnóg. Rinneamar tástáil ar réimse modhanna nua coillteoireachta, lena n-áirítear síolú, plandú crann fréamh-nochtaithe, pluganna, gearrthóga saileacha chomh maith le cóiríú suímh éagsúla trasna ar réimse domhaineachtaí agus cineálacha éagsúla móna. Tá Dúlra Choillte fós ag foghlaim ó thorthaí na dtrialacha seo agus déanfar a thuilleadh triallacha sa dhá bhliain atá le teacht agus sinn ag iniúchadh teicnící breise.

Táimid dóchasach go bhféadfadh an réiteach féideartha teacht ar athrú mór do na tírdhreacha díghrádaithe casta seo agus tugann dóchas maidir le laghdú astúcháin, cobhsú portach, bithéagsúlacht agus feabhsú áineasa ar scála mór. Ach é sin ráite, tionscadal uailmhianach agus dúshlánach is ea é seo agus go dteastaíonn cur chuige agus bainistíocht cúramach, comhoibríoch agus oiriúnaitheach, agus chuige sin tá an foireann ag comhoibriú le geallsealbhóirí ón bpobal, lucht acadamh, cleachtóirí agus na hearnálacha neamh-rialtais.



DEAS

Conraitheoirí ag baint plandaí ródaideandróin, an speiceas ionrach.

THÍOS

Foraois Cholchoille Coillte.



THUAS

Fál dlúth den ródaideandróin ionrach, ag foraois na Colchoille.

CLÉ

POF Coillte. Imelda Hurley, agus Péine Albanach á cur sa talamh aici i dTigh an Chnoic mar chuid de Nuamhaisiú Shléibhte Bhaile Átha Cliath.





Bainistíocht bithéagsúlacht foraoise go gníomhach i gCoillín Tomáis

Foraois mheasctha is ea Coillín Tomáis, le ceannbhrat buaircíneach, crainn fuinnseoige agus crainn daraí, díreach lasmuigh de shráidbhaile Ráth Iomgháin. Tá sé luaite le Tomás Iarla Mac Gearailt, an 10ú Iarla Chill Dara, duine tábhachtach is stair na hÉireann sa 16ú Aois ar tugadh Tomás an tSíoda air ach nach eol dúinn an raibh an láthair faoi chrann nuair a bhí an Gearaltach beo.

Ceann de 'láithreacha coille ársa' de chuid Coillte is ea Coillín Tomáis, is iad sin láithreacha atá faoi chrann go leanúnach ó ar a laghad an t-am a tháinig an chéad eagrán de mhapaí na Suirbhéireachta Ordanáis amach ó 1830-1844. Is léir ó staidéir éagsúla a rinne Coillte go bhfuil ardluach caomhnaithe leis na sean-láithreacha coille seo. Tá roinnt láithreacha faoi chlúdach crann go leanúnach ón aimsir i bhfad siar.

Tá Coillín Tomáis mapáilte mar cheantar bithéagsúlachta ag Coillte toisc go bhfuil raon maith crann dúchasach leathanduilleach inti, rud atá tipiciúil do choillearnach daraí/fuinnseoige/coill, agus tá flóra gortchisil gaolmhar ann. Tá crainn daraí aibí scaipthe ar fud na háite agus tá éagsúlacht mhaith tor ann, ar nós an coll agus an feorais. Chomh maith le bheith ina cheantar bithéagsúlachta, is ceantar fóntais é don phobal áitiúil le roinnt siúlóidí a théann tríd an coillearnach.

Molann an plean bithéagsúlachta don cheantar seo go ndéanfaí an choill a bhainistiú i slí a chthaíonn gnáthóg na foraoise agus a dheineann fónamh ar a luach bithéagsúlachta. Dhéanfaí é seo tríd an éagsúlacht struchtúrach a fheabhsú (i.e. foraois a chruthú áit a bhfuil crainn de shagnasanna agus de mhéideanna difriúla i láthair), uasmhéadú a dhéanamh ar an éagsúlacht speiceas (i.e. líon na speiceas crann i láthair), agus trí fhorbairt tor agus flóra talún a chur chun cinn. Mhol an fhoireann BITHForaoise gurb í an slí is fearr é seo a dhéanamh ná trí Choillín Tomáis a bhainistiú mar Clúdach Leanúnach Foraoiseachta (CCF).

Cur chuige is ea CCF i mbainistíocht foraoise ina gcothaítear ceannbhrat na foraoise i gcónaí ach go mbaintear crainn ina n-aonar nó ina ngrúpaí beaga ag amanta áirithe chun ligint do sholas urlar na foraoise a shroichint agus ligint do siológa fas agus forbairt.

Leis an gcur chuige seo, déantar an foraois a fhorbairt thar am ina foraois ilghlúine le sraitheanna difriúla faoin gceannbhrat agus éagsúlacht níos mó speiceas. Cuirtear e seo i gcrích trí aithris a dhéanamh ar phróisis nádúrtha na foraoise, cosúil le pócaí de chrainn a bheadh leagtha ag an ngaoth, ag cruthú poill agus ag ligint do chrainn nua fas ina n-áit. Níl CCF oiriúnach i gcomhair mórán láithreacha toisc fadhbanna le baol séideán gaoithe, ach tá se oiriúnach i gcomhair Coillín Tomáis.

I 2020, chuir Coillte tús le cur i bhfeidhm bhainistíocht CCF i gCoillín Tomáis. Shonraigh an plean bainistíochta bithéagsúlachta ceantair déine na hasbhainte crann a bhí ag teastáil i bpáirteanna difriúla den bhforaois. Aithníodh go cúramach na crainn a bhí le leagadh agus péinteáladh le marcanna difriúla iad le sonrú don chonraitheoir oibríochtaí conas agus cén fáth is gá deileáil leis na crainn. Mar shampla, déantar cuid acu a coirt-fháinniú ar chuid acu ionas go bhfaigheann siad bás ar an láthair agus go gcruthaíonn siad spás do chrainn daraí aibí dul in aois agus forbairt ina gcrainn ársa, agus a thuilleadh crainn baintear iad agus dá réir ag déanamh poill bheaga sa cheannbhrat chun forbartha nádúrtha a mhealladh as glúin nua crann.

Ba chrainn fuinnseoige iad cuid de na crainn a baineadh i gCoillín Tomáis agus úsáideadh iad chun camáin a dhéanamh astu. Is gá crainn fuinnseoige do chamáin a leagadh go cúramach ionas go mbeidh a bhfoirm agus a gcruth oiriúnach chun camáin a dhéanamh as na stoic. Ciallaíonn sé seo gur féidir le Coillte breisluach a chur le hoibriúchán leagtha crann laistigh de cheantar bithéagsúlachta agus ag an am céanna ag cur le luach bithéagsúlachta na foraoise.



AN TALAMH FÉIN ATÁ AR NA HUIRLISÍ IS CUMHACHTAÍ ATÁ AGAINN LE FREAGAIRT DON ATHRÚ AERÁIDE.

Tionscadal na bPortach Fiáin san Iarthar

Cuireadh chun cinn pleananna i 2020 maidir le Tionscadal na bPortach Fiáin Thiar. Cuirfidh an tionscadal seo, atá faoi réir ag maoiniú, ar chumas Dúlra Choillte 2,100 heicteár, go neasach, de bhratphortach Atlantach ar bord farraige an iarthair a athchóiriú agus a athshlánú, ó Chonamara go Maigh Eo agus ó thuaidh go Dún na nGall.

Tá sé mar aidhm ag Dúlra Choillte cur chuige éiceolaíoch a leanúint maidir le athchóiriú agus athshlánú tírdhreach íogair, a bhfuil foraoisí tráchtála sprúis agus péine curtha orthu faoi láthair. Déanfaimid é seo trí portacha a athfhliuchadh an méid agus is féidir agus coillearnaigh dúchasacha ceannródaíocha a chur ar na himill agus na fána sná háiteanna nach féidir a athfhliuchadh. Is iad na speicis chrua a bheidh sna coillte dúchasacha ceannródaíocha scáinte seo ná beith agus péine Albanach, atá oiriúnach go héiceolaíoch do láithreacha nocht mar seo.




BIOForest: Slí nua chun ceantair bithéagsúlachta Choillte a bhainistiú

Is iomaí gnáthóg agus speiceas bithéagsúil atá in eastát Choillte, agus bainistíonn Coillte na ceantair bithéagsúlachta i slí a fheabhsaíonn a luach don dúlra.


Tá réimse leathan sna ceantair seo ó thaobh cineál gnáthóige atá i gceist agus a luach éiceolaíoch. Tá modh oibre forbartha ag Coillte ar a dtugtar BioClass chun rangú a dhéanamh ar cheantair bithéagsúlachta de reir a gcineál gnáthóige agus a luach éiceolaíoch foriomlán. Tá an modh oibre BioClass bunaithe ar thaighde náisiúnta ar tháscairí bithéagsúlachta i bhforaoisí na hÉireann. An buntáiste a ghabhann le BioClass ná gur féidir faisnéis bithéagsúlachta a athchoimriú agus a chur ar fáil d'fhoireann Coillte ar shlí atá inrochtana.

Gnáthóga foraoise is ea thart ar leath na ceantair bithéagsúlachta atá ag Coillte, is é sin is foraoisí dúchasacha, foraoisí leathanduillleogacha, foraoisí measctha buaircíneacha-leathanduillleogach agus foraoisí buaircíneacha. Gnáthóga oscailte is ea an leath eile -- portaigh agus móinteáin, le roinnt gnáthóg speisialaithe ar nós pábháil aolchloiche agus gnáthóga ar an gcósta. Tá roinnt gnáthóga ar luach an-ard éiceolaíoch agus tá siad suntasach ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus tá cinn eile ar meán-luach agus tá siad suntasach ag leibhéal níos áitiúla.

Tá an bonnobar i BioClass curtha i bhfeidhm i bpleananna bainistíochta gníomhacha do cheantair bithéagsúlachta Choillte, trí thionscadal nua ar a dtugaimid BIOForest. Cuimsíonn tionscadal BIOForest Choillte scileanna foraoiseoirí agus éiceolaithe chun plean oibríochtúil a fhorbairt atá praiticiúil le cur i bhfeidhm agus a dhéanann fónamh do luachanna bithéagsúlachta. I roinnt ceantair bithéagsúlachta, cialaíonn oibreacha feabhsúcháin bithéagsúlachta chomh maith go ngearrtar crainn agus go mbíonn adhmaid á tháirgiú. Chun cabhrú le obair BIOForest Choillte, thig Coillte éiceolaithe comhairleacha agus foraoiseoirí isteach i 2020 chun cabhrú leis an feidhmiú céimneachar na pleananna ceantair chun cosaint a thabhairt agus feabhas a chur ar acmhainn uathúil Choillte.



ÁR BHFORAOISÍ



DON AERÁID

“Tá taithí ag formhór na bhforaoisí ar ár bplainéad ar thionchar an duine daonna, ach is féidir leo fós a bheith folláin agus fiáin. Is feidir linn iad a choimeád mar seo agus adhmaid agus táirgí eile a bhaint astu go cúramach agus meas a léiriú dóibh mar atá siad. Má dhéanaimid iad a bhainistiú go stuama, is féidir linn, lena gcumas athléimneachta, cabhrú leo fanacht ina seasamh.”

— Sir David Attenborough

Crainn, carbón agus athrú aeráide

Tá crainn ríthábhachtach sa chomrac i gcoinne dé-ocsaíd charbóin, an príomhghás atá freagrach as an athrú aeráide.


Agus iad ag fás, baineann crainn dé-ocsaíd charbóin ón atmaisféar. Tiontaíonn siad an carbón sin ina adhmaid agus ag an am céanna scaoileann siad ocsaigin íon ar ais isteach san atmaisféar. Is rud thar a bheith luachmhar é sin, trína gcinntítear go mbíonn foraoisí ina bhfuil na mílte crann ina stóras carbóin éifeachtach agus ina slogaíde carbóin araon

Cialaíonn baint chrann sula mbásaíonn siad go nádúrtha (agus sula gcuireann siad a gcarbón ar ais san atmaisféar) go ndéantar an carbón a ghlasáil san adhmaid agus sna táirgí adhmaid. Cuireann athphlandú crann tús leis an timthriall stórála carbóin in athuair.

Is iad foraoisí na hÉireann an slogaíde carbóin is mó atá againn sa tír a dhéanann leithlisiú ar 4m tona dé-ocsaíd charbóin as an atmaisféar in aghaidh na bliana - is ionann é sin agus 70% d'astúcháin ó ghluaisteáin ar bhóithre na hÉireann. Tá iomlán an charbóin stóráilte i bhforaoisí na hÉireann suntasach chomh maith, le stóras measta os cionn agus faoi thalamh de bhreis ar 310m tona carbóin.



**DE RÉIR MAR A FHÁSANN
CRAINN, TÓGANN
SIAD ISTEACH AGUS
STÓRÁLANN SIAD AN DÉ-
OCSAÍD CHARBÓIN ATÁ AG
BRÚ INAIRDE AN TÉAMH
DOMHANDA.**



Bith-Gheilleagar Éireannach nua a fhás

Cé gur tháinig laghdú ar astúcháin i 2020 de réir mar a chur an phaindéim moill ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta agus sóisialta, tá eolaithe ag tuar go mbeidh bpreabfaidh na hastúcháin ar ais de réir mar a bhíonn geilleagair ag téarnamh.

Beidh ar an domhan leanúint do bheith ag imeacht ó na tionscail atá tógtha ar bhreoslaí iontaise agus a ndíorthaigh i bhfábhar samhail gnó bunaithe ar ábhair in-athnuaite, nádúrtha agus inbhuanaithe. Tá an samhail nua bith-gheilleagair dírithe ar fhás íseal-charbóin agus éifeachtúlacht acmhainne - geilleagar a chuireann acmhainní a eascraíonn ó fhoinsí bitheolaíocha ina lár.

Is anseo is féidir le foraoisí na hÉireann a gcuid a dhéanamh. Bainistíonn Coillte eastát foraoise agus talún de c.440,000 heicteár arb ionann é sin agus thart ar 7% de thalamh na tíre. Trí adhmaid a sholáthar ó fhoraoisí atá bainistithe go hinbhuanaithe (i gcónaí ag athphlandú ár gcrainn), agus ag cuimsiú foinsí fuinnimh in-athnuaite cosúil le gaoth agus grian ar na haiteanna cearta ar ár dtailte, is féidir lenár ngnó bith-gheilleagar bríomhar a chumasú.

Cuireann adhmaid agus táirgí adhmaid Choillte rogha íseal-charbóin ar fáil chomh math in áit táirgí atá trom ar charbón cosúil le coincreit agus cruach in earnál na tógála. Ta méadú ag teacht ar an úsaid a baintear anois as adhmaid agus táirgí adhmaid Éireannacha inár dtithe sna díonta agus sna hurláir agus lasmuigh mar deiceáil agus fálú.

Ar ndóigh, ta an t-aistriú ó mhúnlaigh tógála traidisiúnta i dtreo nua-theicneolaíochtaí tar éis féidearthachta adhmaid agus táirgí adhmaid chun struchtúir nua agus nuálaíocha a thabhairt dúinn nár cheap éinne, trath, a bheith indéanta. San Iorua, mar shampla, tá an Treet (focal Ioruais i gcomhair "an Crann") an foirgneamh ardéirí adhmaid i Bergen a chruthaíonn gur féidir teacht ar réitigh inbhuanaithe d'fhoirgnimh adhmaid-bhunaithe. Nuair a tógadh é i 2016 chláraíodh an Treet ar an taifead mar an foirgneamh adhmaid is airde ar domhan. In áit eile i gCríoch Lochlann, tá seirbhís rialta bus idir chathracha Kerava agus Heilsincí na Fionlainne ag rith ar bhith-dhíosal díorthaithe ó roisín na gcrann amháin.

Fuinneamh In-athnuaite

Má tá Éire chun a cuid gealltanais náisiúnta atá ina gceangaltais uirthi a bhaint amach maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus an geilleagar a dhícharbónú. Ní mór dúinn tionscadail fuinnimh in-athnuaite rathúla a fhorbairt. Tá Coillte chun tosaigh sna hiarrachtaí seo le 20 bliain agus táimid tiomanta leanúint leis an misean seo, trí pháirtneireachtaí i dtionscadail agus leanúint do bheith ag cur taillte foraoise cuí ar fáil.

Tá sé i gceist ag Rialtas na hÉireann na spriocanna seo a leanas a bhaint amach faoi 2030, agus tá forbairt fuinnimh ghaoithe ar talamh agus inniúlacht fuinnimh in-athnuaite eile ríthábhachtach sna mianta seo a chur i gcrích

- 70% fuinneamh in-athnuaite
- 30% laghdú in astúcháin charbóin
- 32.5% feabhsú in éifeachtúlacht fuinnimh

Bhí Coillte ina thacadóir don fhuinneamh ghaoithe ó na laethanta is luaithe den earnáil in Éirinn sna 1990'aí. Tá feirmeacha ghaoithe anois ag oibriú in Éirinn a ghineann 4GW fuinnimh agus tá nach mór aon trian de na feirmeacha ghaoithe sin cumasaithe toisc iad a bheith ar thailte Choillte.

Tá tús curtha le bunú comhfhiontair fuinnimh in-athnuaite leis an mBord Soláthair Leictreachais agus nuair a bheidh sé bunaithe, beidh gnó forbartha fuinnimh in-athnuaite Choillte féin ag cur deiseanna tarraingteacha tionscadail chun cinn tríd an comhlacht sin.

De réir mar a leanann Éire ag cur earnálacha nua chun cinn, ar nós gian, stóras agus bithmhais, cinnteoidh Réitigh Talún Choillte gur féidir lenár n-eagraíocht do bheith ag athmhúnlú tírdhreach soláthair fuinnimh in-athnuaite na hÉireann.



Seachtain Náisiúnta na gCrann

Cuireann an ócáid bhliantúil, Seachtain Náisiúnta na gCrann, béim ar an ról tábhachtach atá ag crainn agus ag foraoisí dea-bhainistithe i maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide.

Gach Márta, déanann Coillte nasc le Comhairle Crann na hÉireann ar mhaithe le Seachtain Náisiúnta na gCrann agus arís, Coillte ab ea an príomh-urraitheoir ar an imeacht i 2020. Bhí cur chun cinn sláinte na gcrann mar théama na bliana agus an ról ríthábhachtach atá ag crainn i gcosaint ár bplainéad trí aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus acmhainní in-athnuaite nádúrtha a sholáthar. Leagadh béim ar na buntáistí sláinte - fisiciúil agus meabhar - a thagann as crainn agus foraoisí.

I mí Márta 2020, bhronn Coillte 30,000 crann dúchasach chun iad a phlandú le linn Seachtain Náisiúnta na gCrann, agus b'shin dhá oiread an méid a bhronnamar i mblianta eile. Tá nach mór leathmhilliún crann curtha le linn na himeachta bliantúil seo ó cuireadh tús léi sa bhliain 1989.

De bhreis air sin, tá Coillte tar eis dul i bpáirtíocht leis an Easy Treesie Project, a bhfuil sé mar sprioc aige 1m crann a chur i gcomhpháirt leis an 1m dalta scoile in Éirinn agus a bpobail faoi 2023. Tá an tionscadal seo mar chuid den dúshlán, a bhfuil tacaíocht aige ó UNESCO, Plandáil don Phlainéad www.trilliontreecampaign.org. Phlandáil Easy Treesie 100,000 crann dúchasach Éireannach a bhí curtha ar fáil ag Coillte.

De thoradh gur tharla an chéad dianghlasáil Covid-19 an t-am céanna le tús Seachtain Náisiúnta na gCrann 2020, cuireadh na himeachtaí poiblí ar fad ar ceal agus bogadh ar líne iad ina áit.



MEDITE CLEAR

MDF is ea MEDITE CLEAR gan aon formaildéad curtha leis agus dearadh é chun cabhrú le haer laistigh fanúint chomh glan agus is féidir.

Déanadh MEDITE CLEAR a fhorbairt le húsáid faoi dhíon in ospidéal, scoileanna agus timpeallachtaí eile ina bhfuil na daoine sa bhfoirgneamh an-leochailleadh. Tá na leibhéil is lú formaildéad is féidir a bheith i dtáirgí adhmaid ann agus tugann deis dóibh siúd ar spéis leo na hiarmhairtí ó chaighdeán íseal aeir faoi dhíon, is cuma cén timpeallacht, é a fheabhsú.

Ábhar ilúsáide is ea MEDITE CLEAR a úsáideadh go rathúil chun troscán a dhéanamh, painéil, caibinéad taispeántais agus páirteanna éagsúla de spásanna poiblí faoi dhíon ag cruthú timpeallachta níos sona agus níos sláintiúla do bhaill foirne agus don phobal araon.

Lonnaithe ar Cheárnóg Mhichíl Uí Dhulchaointigh i gcroílár Oirthear Ársa na hÉireann, d'oscail an Tipperary Museum of Hidden History go hoifigiúil i mí Deireadh Fómhair, 2019 Infheistíocht chomhpháirteach de €500,000 ó Fáilte Ireland agus Comhairle Contae Thiobraid Árann, a bhí san athchóiriú a d'úsáid 169 painéal in athmhúnú áiseanna taispeántais an ionaid do phobal Thiobraid Árann. Tá 25,000 déantúsán ón réamhstair go dtí an lá inniu sa bhailiúchán, táthar ag tuar go meallfaidh sé ar a laghad 21,000 cuairteoir sa chúig bliana atá romhainn.

Déanadh athdhearadh ar an urlár ar fad agus athshocrú ar na cásanna taispeántais, pliontaí agus seastáin. Le himeacht ama, tá toradh cinnte inlámhsithe i saolré déantúsáin ársa nó íogair nuair atá sé istigh i gcás atá déanta as MEDITE CLEAR i gcomparáid le cás déanta as gnáth painéil adhmaid. Táirge is ea é atá iomlán iontaofa agus at a tar éis a chruthú mar ábhar ilúsáide agus éasca oibriú leis i dtéarmaí meaisínithe agus múnlathe.



“TÁ MEDITE CLEAR AR FHEABHAS MAR THÁIRGE DON TAOBH ISTIGH DE MHÚSAEIM. IS FÉIDIR LINN MUINÍN A BHEITH AGAINN AS AN MÉID ÍSEAL FORMAILDÉAD ATÁ ANN, RUD A CHABHRAÍONN LINN NA NITHE SÁRLUACHMHARA ATÁ SA MHÚSAEM A CHAOMHNÚ.”

Marie McMahon, coimeádaí Mhúsaem Chontae Thiobraid Árann.

AN RAIBH A FHIOS AGAT?



GÁS DÉ-OCSAÍD CHARBÓIN IS CÚIS LE HATHRÚ AERÁIDE

Tógann crainn atá ag fás dé-ocsaíd charbóin amach as an atmaisféar agus aistríonn go hadhmad agus ag an am céanna scaoileann siad ocsaigin fhíorghlan astu.



IS FÉIDIR LE BAINISTÍOCHT FORAOISE CABHRÚ LE HATHRÚ AERÁIDE

Cialaíonn nósanna imeachta bainistíochta foraoise inbhuanaithe Choillte go ndéanaimid athphlandáil i gcónaí ar chrainn tar éis dúinn iad a bhaint, rud a chuidíonn le a thuilleadh dé-ocsaíd charbóin a thógaint as an atmaisféar.



STÓRÁLANN ADHMAD AGUS TÁIRGÍ ADHMAID AN CARBÓN

Gach uair a roghnaimid adhmad agus táirgí adhmaid seachas táirgí atá dian ar fhuinneamh agus neamh-inathnuaite agus breosla iontaise cabhraíonn sé na hiarmhairtí ag athrú aeráide a laghdú.



TÁ RÓL RÍTHÁBHACHTACH AG FORAOISÍ SA TROID IN AGHAIDH AN ATHRAITHE AERÁIDE

Is iad foraoisí na hÉireann an slogaíde carbóin is mó atá againn sa tír a dhéanann leithlisiú ar 4m tona dé-ocsaíd charbóin as an atmaisféar in aghaidh na bliana.





ÁR BHFORAOISÍ



DON DUINE

Tá polasaí foraoisí oscailte ag Coillte, agus cuireann fáilte roimh cuairteoirí i ngach ceann dá c.6, 000 réadmhaoin foraoise ar fud na tíre.

Tá 12 páirc foraoise, 260 foraois chaitheamh aimsire agus breis agus 3,000km rianta siúlóidí treo-mharcáilte ar a dtailte ag Coillte.

Nuamhaisiú Shléibhte Bhaile Átha Cliath

Trí dhá chur chuige nua i mbainistíocht foraoise trasna naoi gcinn d'fraoisí Choillte tá Dúlra Choillte ag clochlú 910 heicteár i Sléibhte Bhaile Átha Cliath. CCF (Clúdach Leanúnach Foraoiseachta) agus R&R (Bain agus Athphlandú).

Le linn mhí an Mheithimh 2020 thosnaíomar ar bheith ag déanamh tanú CCF ar choill álainn sprús Sitceach i mBaile Éamainn Duibh. Bhaineamar crainn aonair chun spás agus solas a chruthú do shíológa fás go nádúrtha agus cur le héagsúlacht struchtúrach na foraoise seo. Sa tslí seo, is feidir na crainn spúis, mar a bheadh ardeaglaisí, a chothú sa tírdhreach, ag feabhsú mealltachta na foraoise.

An chéad tasc eile a bhí againn ná spás a dhéanamh do choillte dúchasacha nua. Tá páirteanna de Sléibhte Bhaile Átha Cliath nach féidir an CCF a chur i bhfeidhm agus i bpáirteanna is mian linn an speiceas a athrú ar fad. Sin an fáth - in áiteanna áirithe - go bhfuil R&R roghnaithe againn: teicníc ina mbaintear an sprús agus an fhoraois péine aibí ar fad agus go ndéantar é a athphlandú le coillearnach dúchasach nua. I dtosach déanaimid suirbhé ar an láthair agus féachaimid ar an ithirchineál, flóra talún agus regime fliuchrais chun a dhearbhu cad iad na speicis ó thaobh tíopa agus cumasc is oiriúnaí de choillearnach dúchasach a chur.

Go luath i mí na Nollag cuireamar da cheantar le meascán de chrainn dúchasacha. Sa cheantar is giorra don charrchló, cuireamar beith, péine Albanach, dair, caorthann agus cuileann, a fhásfaidh ina gcoillearnach ceannródaíoch beithe. Sa cheantar in aice leis an Scioból Dearg cuireamar an meascán céanna ach i gcodanna difriúla. Fásfaidh an ceantar seo ina choillearnach ina mbeidh dair, beith agus cuileann. Cruthóidh na coillearnaigh dhúchasacha seo éagsúlacht níos mó speiceas i Sléibhte Bhaile Átha Cliath, feabhsóidh gnáthóga d'fhiadhúlra agus cuirfidh dathanna áille an fhómhair go dtí na cnoic. Táimid ag obair le Páirtnéireacht Shléibhte Bhaile Átha Cliath chun rianta nua siúlóide a chruthú an bhliain seo chugainn.



Grianghraf: An tAire Stáit don Fhoraoisacht Pippa Hackett (clé) agus Imelda Hurley, POF Coillte, agus coillearnach dúchasach á sheoladh acu i Sléibhte Bhaile Átha Cliath ag Foraois Thigh an Chnoic de chuid Coillte.

Teach agus Páirc Foraoise na Craobhaí

I 2020, i gcomhphairt le Fáilte Ireland:chuireamar chun cinn go mór ár bpleananna agus na céimeanna deartha maidir le hathfhorbairt a dhéanamh ar Pháirc Foraoise agus Teach na Craobhaí mar ionad úrscothach cuairteoirí náisiúnta.

Cuirfear tús leis an gcéad chéim tógála i 2021, le céim na hoscailte do Pháirc Foraoise agus Teach na Craobhaí athfhorbartha as an nua tuartha do 2022. Beidh cuairteoirí ábalta ar dhá phríomh-théama a leanúint; 'Sa Bhaile le Muintir Parnell' téama a dhéanfaidh ceiliúradh ar shaol agus ar ré Charles Stewart Parnell, agus a bheirt deirfiúr, Anna agus Fanny Parnell, a chomh-bhunaigh Conradh Ban na Talún sa bhliain 1881.

An tarna téama, "Éabhlóid na Foraoiseachta" a fhéachfaidh go haisbhreathnaithíoch ar stair na páirce foraoise ó na 1700'áí go dtí an lá atá inniu ann agus ar aghaidh. Bainfear úsáid as teicneolaíochtaí oideachais idirghníomhacha chun foghlaim a spreagadh agus beidh siad seo i bPailiún nua Choillte.

Beidh ionad cuairteoirí úrscothach chomh maith ar an láthair ina mbeidh caifé agus bialann, ag dul ar aghaidh tríd an gairdín le falla go dtí an siúlán bar na gcrann atá 1.2km ar fhad le túr faire atá 38m ar airde a thugann radharc do-chreidte ar 360 céim de cheannbhrat na gcrann agus de thírdhreach chontae Chill Mhantáin.

Ó pheirspectíocht na foraoiseachta de, féachtar ar an gCraobhach mar 'Cliabhán Fhoraoiseacht na hÉireann' le céim mhór plandaithe ag tarlú i mblianta luaithe an fichiú aoise. Idir na blianta 1905 agus 1913, cuireadh 100 plota speiceas (55 buaircíneach agus 45 leathanduilleach) trasna an eastáit i stíl ar a dtugtar 'gairdín foraoise'.

Tá mórán coillte anois sa Chraobhach atá álainn agus táirgiúil agus ar an eastát faoi láthair tá 26 curadh-chrann in Éirinn agus 12 curadh-chrann in Éirinn agus an RA. Beidh scéal Foraoiseacha na hÉireann, tríd na mblianta, á chur i láthair i bPailiún nua Choillte sa Chraobhach.



Grianghraf: Ceapadóireacht ealaíonta den túr radhairc i bPáirc Foraoise na Craobhaí.



Ionad Rian Rothar Sléibhe Shliabh Bladhma

Tar éis treo straitéiseach nua a fhorbairt don rothaíocht easbhóthair in Éirinn roinnt bhlianta ó shin, thug Coillte faoi infheistíocht shuntasach nuair a tosaíodh ar chúig lárionad rothaíochta sléibhe (MTB) ar an leibhéal náisiúnta a thógáil sa bhliain 2020.

Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Ciste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe (CAFT) agus Fáilte Ireland agus leis an maoiniú seo déanfar ionaid a fhorbairt a leagfaidh béim ar Éirinn ar an mapa go hidirnáisiúnta, trí sraith cinn scríbe chun saoire a chruthú do rothaithe trasna ar sheacht gcontae.

Clúdaíonn ceann de na príomh-ionaid an ceantar ollmhór foraoise agus ardtailte ar Shliabh Bladhma i gcontae Laoise agus Uíbh Fhailí. Dírithe ar dhá cheann-rian ar an dá thaobh de na sléibhte, freastalóidh na rianta nua an raon iomlán cumais agus taithí ar rothair sléibhe. Fáltíonn rianta den grád gorm - éasca - roimh rothaithe óga agus ar bheagán taithí ar rothaíocht easbhóthair, agus fáiltíonn na rianta den grád dubh - saineolaíoch amháin - roimh rothaithe ag an keibhéal is airde cumais agus dúshláin fhisiciúil.

Tá tús curtha le seirbhísí cuairteoirí cheana féin le beatha a chur in eispéireas na rianta agus tá spéis á chur ag fiontraíocht phríobháideach i bpáirtneireachtaí a bhunú leis na fónais don phobal a chuireann Coillte ar fáil. Tá gnólachtaí nua a chuireann rothair ar chíos tagtha ar an bhfód chomh maith le caifeanna chun freastal ar riachtanais cuairteoirí agus leanfaidh sé seo ag forbairt agus ag fás de réir mar a thógfar ar uimhreacha na gcuariteoirí sna blianta amach romhainn. Ceann de na bunspríocanna inghnóthaithe ata ag an tionscadal ná caiteachas eacnamaíoch níos mó sna sráidbhailte agus sna pobail tuaithe - tá se seo soiléir cheana féin timpeall ar Shliabh Bladhma agus méadóidh sé seo nuair a bheidh an tionscadal iomlán tógtha faoi dheireadh 2023.

De thoradh an ghréasáin rianta atá á dtógáil sa tionscadal seo tá ceithre ghnólacht nua-thionscanta bunaithe chun oibriú ar dheardh agus ar thógáil na rianta seo. Eilimint thábhachtach ina bhforbairt siúd ná go bhfanfaidh na scileanna atá á bhfoghlaím acu le tionchar a bheith acu agus a mhairídh i bhfad sa phobal agus go n-oscloídh siad deiseanna do chonraitheoirí eile obair a fháil sa cheantar.

Trí oibriú leis an gclub CLG áitiúil i gCionn Eitigh, d'éirigh leis an tionscadal rochtain inbhuanaithe a chruthú ón sráidbhaile go dtí gréasán na rianta. Buntáiste eile a éiríonn as bheith ag obair leis an bpobal áitiúil is ea go bhfuil bealach dé-úsáide cruthaithe do shiúlóirí agus do rothaithe ar thailte an chlub, agus mórán de chónaitheoirí áitiúla ag úsáid na háiseanna mar chuid dá ngníomhaíochtaí laethúla.



CABÜ By The Lakes

I samhradh na bliana 2020 i gCoillidh Chaoin, Co. an Chabháin a seoladh an Sráidbhaile chun Saoire - CABÜ by the Lakes. I mí Bealtaine 2017, d'fhógair Coillte go raibh siad ag díol an láthair 74 acra i gCoillidh Chaoin, ina raibh 28 lóiste leis an gcuideachta RA-bhunaithe CABÜ, chun ceann scríbe uathúil do laethanta saoire a fhorbairt ann.

Tar éis roinnt infheistíochta arbh fiú na milliúin í, a dhéanamh san áit, soláthraíonn sé deis do chuariteoirí fanúint i gCábáin CABÜ deartha ag ailtirí agus ag soláthar rochtana go áis éalaithe faoin aer. Dearadh na bun-lóistí chun sárthaispeántas a dhéanamh d'adhmaid na hÉireann agus cé go bhfuil an taobh istigh díobh nuachóirithe, fágadh an taobh amuigh de na struchtúir avant-garde seo gan athrú. In áit na seachúirte leadóige tá 'Sitooterie' - is é sin toglann mhór bhia lasmuigh. Tá bialann agus siopa ar an láthair a chuireann táirgí áitiúla ar fáil i dteannta nithe riachtanacha eile.

Fostóidh an sráidbhaile saoire seo 30 duine ar bhonn leanúnach. Sampla iontach is ea de conas mar atá ag éirí le foireann Réitigh Talún an luach is mó a bhaint as eastát Choillte agus deiseanna agus páirtneireachtaí a aithint a bhfuil d'achmainn iontu fiúntas fadtréimhseach a chruthú do phobail áitiúla.



SEO SAMPLA AN-MHAITH DEN SLÍ A BHFUIL AG ÉIRÍ LE FOIREANN RÉITIGH TALÚN AN LUACH IS MÓ A BHAIN AS EASTÁT CHOILLTE.



ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSIÚ

Tá Coillte tiomanta do thimpeallacht san ionad oibre a spreagann éagsúlacht agus ionchuimsiú. Faightimid agus molaimid éagsúlacht san ionad oibre, tríd an obair a dhéanaimid agus na daoine a mbíimid ag plé leo. Creidimid go láidir go gcabhraíonn sé lenár bhfeidhmíocht an eagraíocht sin a bheith cuimsitheach agus lán le éagsúlacht pheirspictíochtaí agus taithí, mar go bhfeabhsaíonn sé ár gcumas déanamh cinnidh agus ar deireadh, ár bhfeidhmíocht.

In ainneoin na ndúshlán a chuir Covid-19 romhainn i 2020, lean Coiste Éagsúlachta agus Ionchuimsithe Choillte do bheith an-ghnóthach agus bheith ag brú ar aghaidh le roinnt tionscnamh sár-spéisiúla.

Tacaíocht don Soláthar Díreach

Bhronn Coillte €10,000 ar mhic léinn atá i Soláthar Díreach. chun cabhrú leo a gcuid oideachais a chur chun cinn. Bronnadh an t-airgead ar Thionscadal Teifeach Dhún Laoghaire agus ar Comhairle Dídeanaithe na hÉireann. Thacaigh an t-airgead le 11 mac léinn agus chabhraigh leo freastal ar chúrsaí sa choláiste, ríomhaire glúine, leabhair agus stáiseanáireacht a cheannach chomh maith le costais taistil go dtí agus ar ais ón gcoláiste.

Fuamar aischothú an-dearfach agus roinnt teachtaireachtaí pearsanta iontacha ó na mic léinn a fuair an tacaíocht agus léiríonn sé seo dúinn gur feidir leis an gcaibhair is cuma cé chomh beag tionchar dearfach an-mhór a bheith aici.

Coillte agus Ceiliúradh Fíorúil Bród 2020

Is é Bród 2020 an fhéile bhróid LADTAC+ is mó ar oileán na hÉireann. De ghnáth bheadh mórshíúil ag bhuaicphointe na féile náisiúnta a tharlaíonn ar an Satharn deireanach de mhí an Mheithimh. Cé gur ghlac baill foirne de chuid Coillte sa mhórshíúil i 2019, is go cianda sa bhliain 2020 a dhein Coillte Bród a cheiliúradh. Bun-teactaireacht an imeachta is ea a rá gur cuideachta is ea Coillte ina bhfuil glacadh agus ionchuimsiú inti.

Lá Idirnáisiúnta na bhFear & Lá Idirnáisiúnta na mBan 2020 a cheiliúradh

Rinne Coillte ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan i Márta 2020 a bhí marcáilte le siúlóidí oscailte a an bhfoireann. Téama feachtais do Lá Idirnáisiúnta na mBan 2020 ná #CácharsonComhionannais, a chuireann chun cinn an coincheap gur “domhan cumasaithe is ea domhan cothrom” agus “go hindibhidiúil, táimid uile freagrach as ár dtuairimí agus ngníomhaíochtaí - an lá ar fad, gach lá”. Bhí POF Choillte, Imelda Hurley, ag ceann na siúlóide i mBaile an Chinnéidigh agus bhí cupán tae agus sólaistí acu ina dhiaidh.

Chun Lá Idirnáisiúnta na bhFear a mharcáil i mí na Samhna 2020, thug Coillte cuireadh do réalt iománaíochta Thiobraid Árann, Brendan Maher, labhairt go cianda leis an bhfoireann ar cheisteanna a bhaineann le cúrsaí sláinte na bhfear, sláinte fhisiciúil agus meabharshláinte. Do labhair Brendan, a bhfuil trí bhonn Uile Éireann san iomáint aige agus trí bhonn Réalt-Imreoir aige, go macánta agus go hionraic faoi cheisteanna a bhaineann le meabharshláinte agus ar nithe a bhaineann le folláine.

MEDITE SMARTPLY agus 20x20 i 2020

Is é atá mar aidhm ag 20x20 ná aistriú cultúir chruthú maidir le mar a aithnímid cailíní agus mná i spórt. Tá an méid sin de chúis cheiliúrtha againn i dtéarmaí spóirt ban in Éirinn, ach má tá ní déantar dóthain torainn faoi.

Le linn na bliana 2020, Rinne MEDITE SMARTPLY urraíocht ar fáil d'fhoirne faoi-12 agus faoi-10 Chlub CLG an tSleibhe Rua. Tacaíocht ollmhór ab ea é seo do na cailíní nuair a bhí siad ag imirt a gcluichí agus tá siad ag súil le níos mó úsáide a bhaint astu arís i 2021.

Covid-19 agus Ceardlanna Méala 2020

D'eagraigh Coiste Éagsúlachta agus Ionchuimsithe Choillte ceardlanna méala i 2020. Bhí éifeacht an-mhór ag Covid-19 ar gach gné den láthair oibre agus go háirithe fostaithe ar cailleadh cuine a raibh siad ceanúil orthu, duine muinteartha, cara nó comhghleacaí. Arna threorú ag taighde agus dea-chleachtas, chabhraigh na ceardlanna seo le bainisteoirí a thuiscint an saghas tionchair is féidir bheith ag méala ar fhostaithe agus conas tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil. Chuireadar leideanna agus nodanna ar fáil do rannpháirtithe maidir le conas gréasáin tacúla a thógáil ar mhaithe le follaine foirne timpeall ar mhéala.

Ceannairí Ban Choillte sa Todhchaí a Chumasú

Aithníonn Coillte an buntáiste is féidir le ceannaireacht níos éagsúla a thabhairt chun cinn ach guthanna iolracha agus difriúla ag cur le déanamh cinnidh atá casta. Tá Coillte anois ina bhall den Club 30%, Fóram Éagsúlachta agus Ionchuimsiú agus Ionad Bairr Feabhais um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le coimeád coimeád cothrom le dáta leis na forbairtí is déanaí sa spás seo. I measc na dtionscnamh a spreagann fostaithe ban cur isteach ar rólanna promóisín tá díchódú na bpróifíl ról, treoirilínte agallamh agus fógraí post. Tá raiteas maidir le comhionannas deiseanna bunaithe ar éagsúlacht agus ionchuimsiú ar gach fógra poist.

DEAS

Foireann Coillte ag Mórshiúl Bród 2019. Ceiliúradh Bród 2020 go fforúil.

THÍOS

Foireann Choillte i gCaisleán an Bharraigh ag ceiliúradh Lá Idirnáisiúnta na mBan 2020 le siúlóid sa bháisteach (grianghraf roimh srianta Covid-19).



THUAS

Rinne MEDITE SMARTPLY urraocht ar fáil d'fhoirne faoi-12 agus faoi-10 Chlub CLG an tSléibhe Rua.

CLÉ

Aithníonn foireann MEDITE SMARTPLY Lá na mBan 2020; leagan an comhartha #CácharsonComhionannais béim ar an difríocht is feidir le daoine aonair a dhéanamh.. (photo tógtha roimh dianghlasáil Covid-19).



BORD NA STIÚRTHÓIRÍ



Bernie Gray, Cathaoirleach

Comhairleoir bainistíochta agus páirtneír i Betterboards is ea Bernie. Cuntasóir is ea í agus bhí rólanna sinseartha éagsúla aici i Telecom Éireann lena n-áirítear bheith ina Stiúirthóir ar Acmhainní Daonna.

Ceapadh í ina Cathaoirleach ar Bhord Choillte i 2019 agus faoi láthair tá sí ina ball boird de Leathanbhanda Náisiúnta Éireann, de Bhord Cuntasachta na Státseirbhíse agus d'Údarás Rialaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC). Tá tréimhsí tugtha aici ir roinnt rólanna neamhfheidhmiúcháin lena n-áirítear Cathaoirleach ar Eirgrid, Ball Boird de Gnó sa Phobal, Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí aus Telecom Éireann (anois eircom).

I láthair ag cruinnithe an Bhoird 11/11



Eleanor O'Neill

Ceapadh Eleanor ar an mBord i 2019. Tá taithí 30 bliain aici go sinsearach sa Teicneolaíochta Faisnéise, i rólanna trasfhoirmithe digiteacha i gcuideachtaí teicneolaíochta idirnáisiúnta agus dúchasacha lena n-áirítear HP (tráth Digital), Microsoft (tráth Visio), Marrakech, Norton LifeLock (tráth Symantec). Faoi láthair tá Eleanor ar Bhord Sláinte Leanaí Éireann. Tá céim BEng aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar aon le Dioplóma i Stiúradh Cuideachtaí.


I láthair ag cruinnithe an Bhoird 11/11



Julie Murphy-O'Connor

Ceapadh Julie ar an mBord i 2013. Tá sí ina Páirtneír Díospóidí le Matheson le speisialtóireacht i ndíospóidí corparáideacha, seirbhísí airgeadais agus trasteorann. Tá sí ina speisialtóir i ngach gné conspóideach agus neamh-chonspóideach d'athstruchtúrú corparáideach agus ar cheisteanna dlí dócmhainneachta agus dlíthíocht tráchtála. Is eadránaí creidiúnaithe í leis an CEDR agus tá sí ina ball Comhairle de Chumann Eadránaíochta Tráchtála na hÉireann.

I láthair ag cruinnithe an Bhoird 11/11



Kevin McCarthy

Ceapadh Kevin ar an mBord i mí Bealtaine 2020. Thosnaigh sé ag obair le Coillte sa bhliain 2005 agus tá sé ina bhainisteoir acmhainní oibriúcháin faoi láthair a chlúdaíonn Dún na nGall, Iarthar Liatroma agus Sligeach Thuaidh. Roimh 2012 bhí sé i ról mar bhainisteora ceantair i dtuaisceart Dhún na nGall. Bhí Kevin ina ionadaí ar fheidhmeannas Fórsa/IMPACT idir 2013 agus 2020 agus toghadh mar stiúirthóir fostaithe de chuid Fórsa i 2020. Bhain sé céim amach i mBainistíú Foirroise ó Oregon State University sa bhliain 1985 agus tá sé ina bhall teicniúil ag Cumann Foraisaithe na hÉireann.

I láthair ag cruinnithe an Bhoird 7/7



Jerry Houlihan

Ceapadh Jerry don Bhord in 2014 tar éis dó imeacht ar scor ó Kerry Group tar éis beagnach 40 bliain leis an gcuideachta. Le linn na tréimhse sin bhí se freagrach as brabús agus oibríochtaí do roinnt gnólaigh éagsúla laistigh de ghnó foriomlán na gcomhábhar.



Patrick Eamon King

Ceapadh Patrick ar an mBord i 2018. D'oibrigh sé i roinnt rólanna bainteach le forbairt chorparáideach sa RA agus in Éirinn. Chaith sé 13 bliana mar Cheann ar Fhorbairt Chorparáideach le Ardagh Group SA agus anois oibríonn sé mar chomhairleoir Forbartha Corparáidí le Paragon Group Ltd. Tá céim Innealtóireachta aige ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus MBA ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

I láthair ag cruinnithe an Bhoird 11/11



Gerard Gray

Ceapadh Gerard ar an mBord i 2018. Tá níos mó ná 35 bliana de thaithí aige ar obair i róil airgeadais agus straitéise shinsearacha in eagraíochtaí gormshlise

idirnáisiúnta lena n-áirítear PwC, Ford Motor Company agus Pilkington. Ar scor anois, tá poist neamhfheidhmiúcháin iolracha ag Gerry sa RA agus in Éirinn.

I láthair ag cruinnithe an Bhoird 11/11



Gerard Murphy

Ceapadh Gerard ar an mBord i 2019. Tá taithí fhairsing ag Gerry ar obair in róil shinsearacha éagsúla laistigh de Choillte. Bhí an post de Stiúrthóir Bainistíochta aige i Rannán Foraoise Choillte le 9 mbliana agus le déanaí bhí se ina Stiúrthóir Bainistíochta le Réitigh Talún agus an Gnólacht Dul i bhFiontar laistigh de Choillte. Tá B. Agr. Sci (Foraoiseacht) ag Gerry mar aon le MBA ó COBÁC.

I láthair ag cruinnithe an Bhoird 11/11



CUNTAIS

Coillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe
Ráitis Reachtúla Airgeadais
Don bhliain airgeadais dar críoch
31 Nollaig 2020

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá áthas ar na Stiúrthóirí an tuarascáil bhliantúil dá gcuid a chur i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020.

An Chuideachta

Ba ar an 8 Nollaig 1988 a rinneadh corprú ar an gCuideachta agus thosnaigh ag trádáil ar an 1 Eanáir 1989 nuair a thóg chuici féin an gnó foraoiseachta a bhí á chur i gcrích go dtí sin ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Fuarthas na sócmhainní agus na dliteanais ghaolmhara ar an 1 Eanáir 1989.

Tá gnáthscair amháin ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe iseilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Príomhghníomhaíochtaí, athbhreithniúchán ar an ngnó agus na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa foraoiseacht agus gníomhaíochtaí a bhaineann le foraoiseacht, painéil bunaithe ar adhmaid, fuinneamh in-athnuaite agus forbairt talún. Tá an t-athbhreithniú ar an ngnólacht, lena n-áirítear na rioscaí agus neamhchinnteachtaí príomhúla mar a éilítear ag alt 326 agus ag alt 327 d'Acht na gCuideachtaí 2014, san áireamh le Ráiteas an Chathaoirligh, le hAthbhreithniú an Phríomhfhéidhmeannaigh agus le codanna um Athbhreithniú ar an nGnólacht de chuid na Tuarascála Bliantúla.

Torthaí agus díbhinní

Tá sonraí thorthaí an Ghrúpa leagtha amach sa chuntas brabúis agus cailteanais agus sna nótaí gaolmhara. Léiríonn na torthaí seo roinnt dúshlán sainiúil a bhí le réiteach ag an nGrúpa i 2020 lena n-áirítear tionchar na srianta Covid-19, géarchéim na gceadúnas foraoiseachta agus neamhchinnteachtaí a bhaineann le Brexit. Ag cur na dúshlán seo san áireamh, bhí na torthaí seo inchreidte go maith agus cuireann béim ar athléimneacht agus inoiriúnaitheacht na heagraíochta. Is ionann láimhdeachas an Ghrúpa i 2020 agus laghdú c.13% ar 2019 de thoradh méideanna agus praghsáil níos ísle. Tháinig laghdú €11.4m bliain ar bhliain ar chostais oibriúcháin den chuid is mó toisc méideanna níos ísle díolacháin agus roinnt bearta maolaithe a thionscnaigh an

Grúpa le linn 2020. Taifeadadh gnóthachain oibriúcháin eile le linn na bliana, lena léirítear an cion ó dhíolacháin sócmhainní eile de €8.8m (2019: €12.2m), le linn na bliana. Laghdaíodh brabús oibriúcháin (roimh mhíreanna eisceachtúla) ó €63.3m in 2019 go €29.1m in 2020. Cuimsítear costais eisceachtúla de €1.3m (2019: €dada) A bhain le tionchar tinte foraoise. Sa bhreis air sin, fuair an Grúpa €1.3m (2019: €1.5m) i ndáileacháin óna infheistíochtaí ina fheirmeacha gaoithe le linn 2020.

D'fhaomh an Bord díbhinn de €0.00365 in aghaidh na scaire, €2.3m san iomlán, agus íocadh í i Nollaig 2020. Bhí €13.0m sna díbhinní iomlána a íocadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, agus íocadh iad i mí na Nollag, 2019.

Aistríodh an toradh iomlán don bhliain tar éis na díbhinne chuig an gcúlchiste.

Stiúrthóirí agus Rúnaí an Chuideachta

An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a cheap stiúrthóirí uile na Cuideachta.

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas in oifig le linn na bliana airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2020:

Bernie Gray (Chair)	Jerry Houlihan
Julie Murphy-O'Connor	Gerard Gray
Patrick Eamon King	Eleanor O'Neill
Gerard Murphy	Kevin McCarthy

Kevin McCarthy ceaptha ar an mBord ar 19 Bealtaine 2020.

D'éirigh Gráinne McLaughlin as mar Rúnaí na Cuideachta ar 1 Samhain 2020. Ceapadh Dominic Reilly mar Rúnaí Cuideachta ar bhonn eatramhach ón 1 Samhain 2020.

Ar an 31 Nollaig 2020 ní raibh aon sainleasa ná scaireanna sa Chuideachta ná ina fochuideachtaí ag na Stiúrthóirí ná an Rúnaí.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Ráiteas ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí infheidhmithe agus rialúcháin.

Éilíonn dlí cuideachtaí ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais Faoi mar a éilíonn an dlí chinn na Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus Cuideachta a ullmhú i gcomhréir le FRS 102 FRS 102, "Am Caighdeán is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" mar a cuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

I gcomhréir le dlí cuideachtaí, níor cheart do na Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus Cuideachta a cheadú ach amháin sa chás go bhfuil siad sásta go dtugtar leo radharc ceart agus cothrom ar shócmhainní, ar staid airgeadais agus ar dhliteanais an Ghrúpa agus Cuideachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó chaillteanas an chuideachta don bhliain airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór do na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus ciallmhara a dhéanamh;
- insint ar leanadh caighdeán chuntasaíochta infheidhmithe agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, na caighdeáin sin a aithint, agus míniú a thabhairt sna nótaí ar na ráitis airgeadais ar thionchar agus ar chúiseanna aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Grúpa agus Cuideachta ar aghaidh i ngnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád atá dóthanach chun:

- idirbhearta an Ghrúpa agus Cuideachta a thaifead agus a mhíniú go cruinn;
- Socrú shócmhainní, dhliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas an Ghrúpa agus na Cuideachta a chumasú, ag am ar bith, agus le beachtas réasúnta; agus
- Cur ar chumas na Stiúrthóirí chun a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus iniúchadh na ráiteas airgeadais sin a chumasú.

Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as cosaint sócmhainní an Ghrúpa agus dá réir as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Admhaíonn na Stiúrthóirí an fhreagracht atá acu, i gcomhréir le hAlt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, as a chinntiú go gcomhlíonann an Chuideachta na hoibleagáidí ábhartha dá cuid atá sonraithe san alt sin a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí 2014 agus as reachtaíocht chánach na hÉireann ("oibleagáidí ábhartha"). D'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí sin rinne na Stiúrthóirí na nithe a leanas:

- D'eisigh siad ráiteas um beartas comhlíontachta lena leagtar amach beartais na Cuideachta maidir le comhlíonadh oibleagáidí ábhartha na Cuideachta.
- Chinntigh siad go bhfuil socrúithe agus struchtúir iomchuí i bhfeidhm agus go bhfuil siad sásta go soláthraíonn siad dearbhú réasúnta maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin ar gach slí ábhartha.
- Rinne siad na socrúithe agus struchtúir reatha a athbhreithniú le linn na bliana d'fhonn a chinntiú go leanann siad le dearbhú réasúnta a sholáthar maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin ar gach slí ábhartha.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise chorparáidigh agus airgeadais a chuimsítear ar shuíomh Gréasáin an Ghrúpa. D'fhéadfadh reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus dáileadh ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Rialachas Corparáideach

Tá Bord Coillte CGA tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach agus tá sé cuntasach dá scairshealbhóirí as na caighdeáin sin. Leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (eagrán 2016), arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leagtar amach prionsabail an rialachais chorparáidigh atá infheidhme leis an nGrúpa agus tacaíonn na Stiúrthóirí le prionsabail agus le forálacha an Chóid.

Bord na Stiúrthóirí

Le linn na bliana bhí an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin agus seachtar mar Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Tá an Cathaoirleach agus na comhaltaí boird neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an mbainistíocht shinsearach. Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a cheapann na Stiúrthóirí uile don Bhord le haghaidh tréimhse nach faide ná 5 bliana airgeadais agus leagtar amach a thréimhsí oifige i scríbhinn. Is é an tAire a chinneann leibhéal an luacha saothair do Bhord na Stiúrthóirí freisin agus níl luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha le feidhmíocht.

Buaileann an Bord le chéile go foirmeálta ar bhonn rialta. Bhuail sé le chéile aon uair déag i 2020. Tá sceideal ábhar aige atá forchoimeádtá go sainiúil dó le cinneadh agus tá sé sásta go bhfuil stiúradh agus rialú an Ghrúpa

ina lámha féin go daingean. Déanann an Bord buiséad bliantúil agus plean airgeadais chúig bliana rollach an Ghrúpa a athbhreithniú agus a fhaomhadh. Faigheann an Bord cuntais bhainistíochta mhíosúla go pras ina mbíonn comparáid shonraithe idir cuntais iarbhir agus an buiséad.

Bíonn conarthaí suntasacha, nach ndéantar i ngnáthchúrsa an ghnó, infheistíochtaí móra agus caiteachas caipitiúil faoi réir freisin ag faomhadh an Bhoird. Baineann gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin leas as breithiúnas neamhspleách maidir le gnóthaí uile a bhíonn faoi phlé ag an mBord lena n-áirítear gnóthaí a bhaineann le straitéis, le feidhmíocht, le hacmhainní agus le caighdeáin iompair.

Tá rochtain ag gach comhalta an Bhoird ar Rúnaí na Cuideachta agus ar shainchomhairleoirí gairmiúla an Ghrúpa agus na Cuideachta de réir mar is gá. Cinntítear leis sin go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin is infheidhme. Tugadh faisnéis iomchuí do gach Stiúrthóir ar a cheapachán don Bhord.

Taifid Chuntasaíochta

Mar bheartas chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáid an Ghrúpa agus na Cuideachta chun taifid chuntasaíochta

imleora a choimeád, úsáideann na Stiúrthóirí córais agus nósanna imeachta iomchuí agus fostaíonn siad daoine inniúla. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag ceannoifig an Ghrúpa ag Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin.

Tuarascáil faoi Alt 22 d'Acht na Nochtuithe Cosanta, 2014

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa ar aon dul le riachtanas an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014.

Éilítear ar an nGrúpa le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú a bhaineann le nochtadh cosanta a dhéantar faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. I gcomhréir leis an riachtanas sin, dearbhaíonn na Stiúrthóirí nach ndearnadh aon nochtadh cosanta le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Taighde agus forbairt

Le linn na bliana airgeadais, lean an Grúpa lena chlár taighde agus forbartha maidir lena chuid gníomhaíochtaí foraoiseachta agus maidir le cur i bhfeidhm a chuid táirgí MEDITE SMARTPLY a leathnú.

Rialachán um íocaíocht pras

Admhaíonn na Stiúrthóirí an fhreagracht atá acu as comhlíonadh fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, ar an uile dhóigh ábhartha, mar a leasaíodh ag na Comhphobail Eorpacha (Íoc Déanach as Idirbhearta Tráchtála) (I.R. Uimh. 580 de 2012 ('na Rialacháin').

Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a shainaithint ar a mbíonn sonraisc dlite le haghaidh íocaíochta agus d'fhonn íocaíochtaí a dhéanamh faoi dhátaí dá leithéid.

Dá réir sin, tá na Stiúrthóirí sásta gur chomhlíon an Chuideachta riachtanais na Rialachán.

Fiontair fochuideachta, comhfhiontair agus fiontair chomhlachais

Tá liosta fiontar fochuideachta, comhfhiontair agus fiontair chomhlachais mar a bhí ar an 31 Nollaig 2020 leagtha amach i nóta 18.

Tabhartais Pholaitiúla

Ní raibh aon deonachán polaitiúil a éiligh faisnéisiú i gcomhréir leis an Acht Toghcháin, 1997.

Teagmhais ó dheireadh na bliana airgeadais

Ní raibh aon teagmhais shuntasacha ann idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta a rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh a éileodh coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais ná aon nochtadh breise sna ráitis airgeadais.

Eolas ábhartha iniúchóireachta

Creideann na Stiúrthóirí gur ghlac siad na céimeanna riachtanacha uile chun iad féin a chur ar an eolas maidir le faisnéis iniúchóireachta ábhartha ar bith agus dheimhnigh siad go bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa feasach ar an bhfaisnéis sin. Sa mhéid go bhfuil na Stiúrthóirí ar an eolas, níl faisnéis iniúchóireachta ábhartha ar bith ann nach bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas fúithi.

Iniúchóirí

Tá sé curtha in iúl ag an Iniúchóir, KPMG, go bhfuil sé toilteanach fanacht in oifig.

Thar ceann an Bhoird:

Bernie Gray
Cathaoirleach

Gerard Gray
Stiúrthóir

Dáta: 01 Aibreán 2021

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann Coillte CGA admhaíonn an Bord an fhreagracht atá aige chun a chinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánaigh a choimeád chomh maith leis an bhfreagracht fhoriomlán as bainistíocht riosca atá aige. Cinntíonn an Bord go bhfanann neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca i gcomhréir le tabhairt faoina chuspóirí straitéiseacha agus lena sprioc níos fadtréimhsí de luach a chruthú do scairshealbhóirí. Tugtar riachtanais an Chóid Chleachtais le haghaidh Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a shainiú agus a mheas is infheidhme lena réimsí gnó, mar aon le rialuithe inmheánacha oiriúnacha a chur i bhfeidhm. Déantar na rioscaí sin a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus féadfaidh siad tarlú mar thoradh ar chlistí rialaithe, ar chur isteach ar chórais TF, ar shaincheisteanna dlí agus rialála, ar dhálaí margaidh agus ar thubaistí nádúrtha. Tuairiscíonn an lucht bainistíochta don Bhord freisin maidir le hathruithe móra ar an dtimpeallacht ghnó agus sheachtrach a théann i bhfeidhm ar riosca. Nuair a shainiúitear réimsí le haghaidh feabhsaithe sa chóras, breithníonn an Bord ar mholtaí an lucht bainistíochta agus an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Ní féidir, mar sin, ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar leis an gcóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go ceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhonn tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a

Rialú, i bhfeidhm i Coillte CGA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag Coillte CGA atá comhdhéanta de cheathrar atá ina gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Bhord, agus is é an Cathaoirleach duine amháin acu. Bhunaigh Coillte CGA feidhm iniúchta inmheánaigh freisin dá dtugtar acmhainní imleora agus lena ndéantar clár oibre arna chomhaontú leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Oibríonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca faoi théarmaí tagartha lena sonraítear go soiléir na freagrachtaí atá aige maidir le rialuithe inmheánacha agus córais bainistíochta riosca.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Coillte CGA córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena sainiúitear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta arna nglacadh chun tabhairt fúthu agus, sa mhéid is féidir, chun iad a mhaolú. Tacaíonn creat bainistíochta riosca atá éifeachtach leis an ngnó na rioscaí agus na deiseanna seo a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Tá forbairt déanta againn ar ár gCreat Bainistíochta Riosca ar shlí atá comhtháite le gníomhaíochtaí laethúla agus luachanna an ghnó, struchtúrtha lena chinntiú go bhfuil an bainistiú riosca á dhéanamh go comhsheasmhach agus go hinchomparáide trasna an Ghrúpa agus go bhfuil sé dinimiciúil le cúiseanna riosca agus forbairt deiseanna a sholáthar ar bhonn tráthúil. Aithnímid chomh maith go bhfuil ár bpróifíl riosca ag éabhlóidiú an t-am ar fad agus dá bhrí sin athbhreithnímid ár gcreat bainistíochta riosca, ag iarraidh ionchuir ónár bpáirtithe leasmhara.

Creat Bainistíochta Riosca

Tá cur chuige Coillte maidir le bainistíocht riosca ina gcuimsítear measúnú straitéiseach ar an riosca ó bharr anuas agus an fonn riosca, ina gcuirtear an timpeallacht ghnó lasmuigh den chuideachta san áireamh chomh maith le haon athruithe sa mhúnla gnó i dteannta nós imeachta ó bhun aníos a dheineann riosca a aithint agus a thuairisciú agus éirí as athbhreithniú agus measúnú ar chlár riosca an aonaid ghnó. Tá glactha ag Coillte le creat bainistíochta riosca ar phrionsabal na "trí línte chosanta". Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chreata:

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

- An Bord a dheineann faomhadh ar straitéis an Ghrúpa agus agus gach mór-chinneadh straitéiseach. Mar chuid den phróiseas seo, déantar mionphlé, anailís agus breithniúchán ar na rioscaí féideartha gaolmhara.
- Le linn 2020, ghlac an Bord le Beartas Bainistíochta Riosca agus Creat Rialachais nua chun tacú le mairseacht a dhéanamh ar riosca trasna an Ghrúpa. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas seo go bhfanfaidh neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca i gcomhréir le tabhairt faoina chuspóirí straitéiseacha agus luach níos fadtréimhsí do scairshealbhóirí.
- Tá an fhreagracht dheiridh ag an mBord maidir le bainistiú riosca i Coillte agus maidir lena chinntiú go gcothaítear córas éifeachtach rialála inmheánaigh. Leagann sé síos an goile riosca agus cinntíonn go ndéantar bainistiú ar riosca laistigh den ghoile sin.
- Feidhmíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) thar ceann an Bhoird chun a chinntiú go ndéantar rioscaí agus deiseanna fiontair a aithint, a mheas, a thuairisciú agus a rialú i gceart thar ceann an Bhoird agus cuireann sé comhairle ar an mBord ag éirí as a bhreith maidir le goile foriomlán riosca, lamháltas riosca agus straitéis riosca an Ghrúpa.
- Tá an Príomhfheidhmeannach agus an Feidhmeannas Oibriúcháin freagrach as cinntiú an Bhoird a chur i bhfeidhm agus tá siad freagrach as rioscaí agus deiseanna a bhainistiú laistigh dn na limistéir gnó. Cinntíonn an ard-bhainistíocht go bhfuil struchtúr eagraíochta i bhfeidhm atá soiléir le nósanna imeachta oibriúcháin agus tuairiscithe, uas-teorainneacha ceadúnaithe, deighilt shoiléir freagrachtaí agus údarais tarmlichte. Tá an fhreagracht maidir le rioscaí a bhainistiú sannta d'feidhmeanna bainistíochta sainiúla, mar chuid nó mar iomlán a bhfreagrachtaí.
- Tá Coiste Bainistíochta Riosca i bhfeidhm againn agus tá an Príomhoifigeach Riosca mar chathaoirleach air. Freastalaíonn Rúnaí an Chuideachta, Stiúrthóir AD an Ghrúpa, Príomhoifigeach Airgeadais agus Laoch Riosca Gnó ar an gcoiste seo. Cuireann na cruinnithe seo fóram ar fáil le hathbhreithniú agus plé a dhéanamh ar riosca agus ar dheiseanna trasna an Ghrúpa.
- Tá córas cuimsitheach tuairiscithe airgeadais i bhfeidhm againn le buiséid bhliantúla agus pleannanna fadtréimhseacha don ghnó a aithníonn rioscaí agus deiseanna. Déanann an bhainistíocht monatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne buiséid agus cuireann tuairisc ar an monatóireacht sin ar fail go rialta don Bbord.
- Tá cód iompair gnó foirmiúil i bhfeidhm agus cuirtear é seo in iúl don bhfoireann.

- Cuireann Dearbhú agus Géilliúntas an líne deireanach cosanta ar fáil i dtéarmaí bainistíochta riosca. Cuireann siad measúnú feidhmíochta rialúcháin i gcrích go bliantúil bunaithe ar na príomhrioscaí agus na príomhdheiseanna.
- Tá próiseas clár rioscaí leabaithe i ngnó an Ghrúpa agus is cuid de na próisis leanúnacha bhainistíochta é. Cothaíonn gach rannán a chlár rioscaí féin agus déanann siad é a nuashonrú mar chuid dá gcruinnithe rannánacha mhíosúla. Déantar forbairtí ábhartha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a fhorfhéadú go clár an Ghrúpa.
- Comhdhlúthú de na rioscaí sna rannáin agus déanann an Bord agus an CIR athbhreithniú ar na rioscaí tosaíochta ar bhonn ráithiúil. Is ag an mBord amháin atá an t-údarás rioscaí tosaíochta a bhaint de chlár an Ghrúpa. Déantar rianú ar rioscaí Grúpa ar teasléarscáil.

Cultúr Riosca

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil tuiscint mhaith ar riosca agus a impleachtaí, idir dearfach agus diúltach, leabaithe go domhain i gcultúr na heagraíochta. Tá sé ríthábhachtach chomh maith go gcuireann ár gcultúr an fhreagracht chun cinn maidir le rioscaí a aithint, a mheas agus a bhainistiú i réimsí uile an ghnó. Tacaíonn Ár Luachanna leis an gcultúr riosca i Coillte. Bíonn príomhról ag ár ndaoine i mbainistiú riosca trasna ar ár ngnó agus ár ngníomhaíochtaí gach lá. Ní fhéachaimid ar bhainistiú riosca mar fheidhm mhaoirseachta atá scoite amach leis féin laistigh de Choillte ach tá sí leabaithe isteach sa tsíl a dhéanaimid bainistiú ar ár ngnó. Tá beartais agus nósanna imeachta cruthaithe againn a fheabhsaíonn feacht ar riosca trasna an Ghrúpa. Spreagaimid ár ndaoine chun labhairt amach le ceisteanna a ardú agus deiseanna a aithint agus súil againn go gcaitheann an bhainistíocht le haon amhras ar shlí dáiríre agus gairmiúil.

Chun cultúr atá dírithe ar riosca a leabú tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn maidir le rialú airgeadais, réamhaisnéis ghnó, sláinte & sábháilteacht, leas fostaithe agus conraitheoirí agus banistiú geallsealbhóirí. Tá oiliúint ar siúl againn do ghníomhaíochtaí ardriosca dár bhfostaithe agus dár gconraitheoirí i ngníomhaíochtaí cosúil le cothabháil monarchan, úsáid trealamh, baint, ag obair id aonar, agus teistiúchán. Is é atá mar aidhm ag an gcur chuige seo ná rioscaí a bhainistiú ón mbonn aníos, rioscaí a aithint,

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

deáileáil leo go héifeachtach ag an leibhéal áitiúil ar shlí a chinntíonn go mbíonn rioscaí ábhartha fógartha agus aird an Bhoird agus an Fheidhmeannais Oibriúcháin dírithe air. Déanann an Bord agus an Feidhmeannais Oibriúcháin measúnú ar riosca agus ar dheiseanna ón mbarr anuas agus iad ag déanamh measúnaithe ar an tionchar féideartha ar straitéis an Ghrúpa.

Mar chuid den chur chuige ón mbarr anuas, déanann an Bord agus an Feidhmeannais Oibriúcháin athbhreithniú ar rioscaí le tionchar mór agus dóchúlacht íseal. Féachfaidh an gnó ag an bpointe sin ar na rioscaí ar bhonn tréimhsiúil lena chinntiú go bhfuil sé athléimneach maidir leis an tionchar féideartha.

Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gclár rioscaí mar mhír sheasmhach ar chlár na gcruinnithe. Cuireann sé seo dúsáil ar fáil don bhainistíocht feidhmiúcháin maidir le conas atá rioscaí á maolú agus leagann síos an ton idir an Bord agus an bhainistíocht i gcúrsaí bainistíochta riosca. Tá ról tábhachtach ag ár bhfeidhm Dearbhaithe agus Géilliúntais, ag cur breis mhairseachta ar fáil agus tuairiscíonn sí don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca maidir le conas atá rioscaí á mbainistiú. Cuireann an próiseas anailíse agus mairseachta seo ón mbun aníos agus ón mbarr anuas bonn leis an measúnú agus an mhonatóireacht ar rioscaí, lena n-áirítear rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint.

Measúnú Riosca

Coimeádann Coillte clár rioscaí ag leibhéal an Ghrúpa, an rannáin agus an tionscadail. Déantar riosca a mheas ar shlí córasach agus comhoibríoch, ag tarrac ar shaineolas agus tuairimí na geallsealbhóirí. Féachann an measúnú riosca chun cinn agus úsáideann sé an fhaisnéis is fearr atá ar fáil ag an am chun rioscaí a aithint, a mheas agus chun gníomhaíochtaí maolaitheacha a fhorbairt. Is iad na príomhchéimeanna sa mheasúnú riosca ná:

- Aithint riosca
- Anailís riosca
- Meastóireacht riosca
- Maolú riosca
- Monatóireacht agus athbhreithniú

Aithint Riosca

An cuspóir atá ag aithint riosca ná rioscaí agus deiseanna a aimsiú, a aithint agus a thuairisciú agus mar a d'fhéadfadh siad cabhrú, nó a mhalairt, le Coillte a chuspóirí a chur i gcrích. Braithheann Coillte ar a chuid

daoine ar fad chun rioscaí a aithint ach tacaíonn sé leis an aithint seo trí:

- Ceardlanna leis an mBord mar chuid den Athbhreithniú Bliantúil Straitéise
- Measúnú Riosca Náisiúnta na hÉireann
- Tuarascáil Bhliantúil 'Rioscaí Domhanda' ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda
- páirtíocht le cuideachtaí comhchéime.

Anailís riosca

Is í an chúis atá leis an gcéim aithint riosca ná an riosca iarmharach, nó deis iarmharach, a mheas faoi na ceannteidil seo:

- éifeachtúlacht an rialaithe atá ann cheana
- dealraitheacht imeachtaí agus iarmhairtí leis an rialú i bhfeidhm
- nádúr agus méid na n-iarmhairtí le rialuithe i bhfeidhm,

Meastóireacht riosca

An aidhm atá leis an gcéim mheastóireachta riosca ná tacú eis an ngnó na háiteanna a bhfuil gníomh de dhíth a aithint. Toradh a d'fhéadfadh a bheith air seo ná:

- gan faic eile a dhéanamh;
- roghanna cóireála riosca a chur faoi chaibidil;
- tabhairt faoi a thuilleadh anailíse chun tuiscint níos fearr d'fháil ar an riosca;
- rialú atá ann cheana a chothú;
- cuspóirí a athbhreithniú.

Maolú riosca

Is é a bhíonn i gceist leis an maolú riosca is ioriúnaí a roghnú ná cothromú a dhéanamh idir leas féideartha a eascraíonn as cur i gcrích cuspóirí agus in aghaidh an chostais, an iarrachta nó míbhuntáistí an an fheidhmithe. Aithnítear ar na roghanna cóireála na nithe seo a leanas:

- an riosca a sheachaint trí chinneadh a dhéanamh gan tosú nó leanúint ar aghaidh le gníomhaíocht lena n-ardaítear an riosca;
- glacadh leis an riosca nó le breis riosca chun deis a thapú;
- foinse an riosca a thógaint as;
- an dealraitheacht riosca a athrú;
- na hiamhairtí a athrú;
- an riosca a roinnt (e.g. trí chonarthaí, árachas a cheannach);
- glacadh eis an riosca mar chinneadh feasach.

Monatóireacht agus athbhreithniú

Tá doiciméadú déanta ar na rioscaí sna cláir rioscaí rannán agus ar chlár an Ghrúpa arna nuashonrú agus athbhreithniú mar pháirt de na cruinnithe míosúla rannán agus Grúpa.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Ar na príomh-rioscaí aitheanta ag an mBord áirítear:

Riosca	Tuairisc	Tionchar	Maolú
Foraioseacht Rialú	Tá ár bpríomh-ghníomhaíochtaí foraoiseachta (athphlandáil, baint agus bóithriú) faoi réir ag ceadúnas faoin Acht Foraoiseachta 2014.	D'fhéadfadh aon chur isteach ar an bproiséas ceadúnaithe cur isteach ar sholáthar adhmaid agus ár mian cur leis an bhforaoisiú.	Tá próiseas soláthair adhmaid curtha in áit ag an nGrúpa a úsáideann córas inmheánach Measúnú Riosca Comhshaoil a dhearbhaíonn go gcruthaíonn Coillte feidhmchláir ardchaighdeán a shásaíonn riachtanais reachtúla.
Margadh agus Rialáil an Fhuinnimh In-Athnuaithe	Tá sócmhainní suntasacha fuinnimh in-athnuaithe á bhforbairt ag an nGrúpa ar thailte Coillte atá faoi réir ag dlíthe agus rialacháin mar aon le meicníochtaí margaidh éagsúla d'earnáil an fhuinnimh.	Is féidir le hathruithe do mhargadh an fhuinnimh agus na rialacháin a ghabhann leis tionchar díreach a bheith acu ar ár staid airgeadais agus ár dtionscadail agus tionscadail treaspháirtithe ar thailte Coillte. Toradh a d'fhéadfadh a bheith air seo ná an sócmhainn a lagú agus/nó brabúsacht a laghdú.	Tá acmhainní tiomnaithe ag an nGrúpa a dhíríonn ar athruithe rialachán san earnáil seo a thuiscint agus a chinntíonn go gcuireann ár dtionscadail na rialacháin seo san áireamh.
Paindéim Dhomhanda	Is féidir le paindéim dhomhanda cur isteach go mór ar an slí go bhfeidhmíonn ár ngeilleagair agus ár sochaí.	Bhí tionchar tromchúiseach ag Covid-19 ar an slí go n-oibrímid agus go dtugaimid faoinár ngnó. Is deacair tionchar iomlán na paindéime a thuar agus má tharlaíonn meathlú geilleagrach leanúnach mar thoradh uirthi.	Bhunaíomar Coiste Stiúrtha Covid-19 le linn na bliana. Buaileann an grúpa seo le chéile uair sa tseachtain agus déanann bainistiú ar gach cumarsáid le fostaithe agus le conraitheoirí maidir le tionchar na srianta ar an slí go n-oibrímid agus ar na himplachtaí sláinte & sábháilteachta.
Athrú Aeráide	Is feidir le athrú aeráide tionchar díreach a bheith aige ar fhoraoisí Coillte le rioscaí ar nós peisteanna, galair, tine, triomach agus stoirmeacha.	D'fhéadfadh caillteanas díreach eacnamaíoch a bheith mar thoradh ar mhór-imeacht sa réimse seo trí bhrabús oibriúcháin laghdaithe agus laghdú ar luach sócmhainní foraoise. Bheadh ar an nGrúpa aghaid a thabhairt ar chostais bhreise ghlanadh suas nó coisc. Cuireann sé strus ar fhostaithe na heagraíochta leis a bhíonn freagrach as freagairt don mhór-imeacht.	Tá Bainisteoir Náisiúnta Riosca Eastát ag an nGrúpa a chinntíonn go bhfuil ann Plean Bainistíochta Riosca Briseadh Amach Bitheach forbartha agus nuashonraithe go bliantúil ann, go bhfuil Plean Teagmhasach Stoirme Gaoithe i bhfeidhm agus go bhfuil Pleananna Dóiteáin i bhfeidhm do gach BAU. Tá Plean Feabhsaithe Bainistíochta Dóiteáin i bhfeidhm chomh maith agus clár oiliúna.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Ar na príomh-rioscaí aitheanta ag an mBord áirítear:

Riosca	Tuairisc	Tionchar	Maolú
Sláinte agus Sábháilteacht	Is eárnálacha na foraoiseachta agus painéal chomh maith le tionscail tógála fheirmeacha gaoithe ina bhfuil rioscaí bunúsacha agus ina bhfuil rioscaí sláinte agus sábháilteachta chun cinn iontu.	D'fhéadfadh mór-eachtra tromchúiseach sláinte agus sábháilteachta tionchar mór a bheith aige ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais an Ghrúpa, chomh maith le tionchar ar chlú an Ghrúpa.	Tá coistí sláinte agus sábháilteacht ann i ngach páirt den Ghrúpa ata freagrach as: <ul style="list-style-type: none"> reachtaíochta agus treoirínte sábháilteachta a chur i bhfeidhm. córas oibre sábháilte a chur i bhfeidhm. Tuairisciú agus iniúchadh sábháilteachta. Feabhsú sábháilteachta a phleanáil. Oiliúint oiriúnach d'fhostaithe agus do chonraitheoirí. Iniúcháireacht sábháilteachta go himmheánach. <p>Sa tuairisciú a cuirtear faoi bhráid an Bhoird áirítear athbhreithniúcháin ráithiúla ar an dul chun cinn i gcomhthéacs phleananna sábháilteachta chomh maith le Fóram a tharlaíonn dhá uair sa bhliain lena n-éascaítear nithe atá foghlamtha a roinnt agus ionchuir ó shaineolaithe seachtracha ar thopaicí sonracha.</p>
Cumas daoine a mhealladh go dtí an tionscal	Cuid an-tábhachtach a chintíonn go bhfuil tionscal inmharthana againn is ea na daoine.	D'fhéadfadh tionchar a bheith ag éagumas daoine a mhealladh isteach sa ghnó, a choimeád agus ceannairí a fhorbairt ar sholáthar straitéise an ghrúpa agus fás fadtréimhseach an tionscail. Toradh eile a d'fhéadfadh a bheith air seo ná ardú ar chostais.	Tá reimse gníomhaíochtaí i bhfeidhm ag an gCuideachta ó thalainn inmheánach a fhorbairt mar chuid phróiseas bhainistiú feidhmíochta, áisíneachtaí earcaíochta speisialta a úsáid chun foireann le saincileanna a mhealladh, agus straitéisí rannpháirtíochta agus folláine foirne chun baill foirne a choimeád chun a chinntiú go bhféachtar ar an nGrúpa mar áit tharraingteach oibre.
Infheistíochtaí Caipitiúla	Braitheann straitéis an Ghrúpa ar roinnt mór-thionscadail caipitiúla a chur i gcrích go rathúil.	Baineann costais suntasacha le mór-thionscadail caipitiúla agus má tharlaíonn moilleanna iad a chur i gcrích d'fhéadfadh costais níos mó, brabach níos lú agus muinín Scairshealbhóirí bheith mar thoradh.	Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca seo, cruthaíodh Coiste Infheistíochta nua agus tá acmhainní curtha i leataobh don choiste seo chun tionscadail caipitiúla ar mhórscaála a bhainistiú.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Ar na príomh-rioscaí aitheanta ag an mBord áirítear:

Riosca	Tuairisc	Tionchar	Maolú
Trealamh ag teip	Eochairthrealamh ag teip.	D'fhéadfadh teip eochairthrealaimh srianadh suntasach a chur ar acmhainneacht nó ina chúis le stopanna monarcha.	Déantar monatóireacht ar threalamh atá ag dul in aois trí Córas Bainistíochta Cothabhála atá struchtúrtha agus .lárnaithe Déantar athbhreithniú agus forfheidhmiú ar phleananna bliantúla caiteachais chaipitil.
Luaineacht an Mhargaidh agus Moilliú	Tá Grúpa Coillte an-chleithiúnach ar thráchtearraí in earnail na tógála atá timthriallach agus faoi thionchar go mó [®] ag margaí domhanda agus náisiúnta.	Is féidir laghdú ioncain a bheith mar thoradh air sin ag brath ar dhéine na timthriallach. Ag cur cé chomh suntasach is atá oibríochtaí an Ghrúpa san áireamh, gur mó na costais a leanfadh fálú in aghaidh rioscaí ó neamhchosaint ar phraghsanna tráchtearraí ná aon leasanna a thiocfadh as an gcostas sin.	Fillfidh na Stiúrthóirí ar oiriúnacht na bpolasaí um fhálú seo má thagann aon athrú i méid nó nádúr oibríochtaí an Ghrúpa.
Riosca um Airgeadra Eachtrach	Bíonn an Ghrúpa neamhchosanta ar rioscaí um airgeadra eachtrach i ngnáthchúrsa an ghnó, go príomha maidir le díolacháin atá ainmnithe i Steirling.	Is féidir le laige i Steirling fáiltas an Ghrúpa a laghdú.	Is é beartas an Ghrúpa d'fhonn iarmhairt na neamhchosanta um airgeadra sin a íoslaghdú ná chun Steirling a fhálú trí dhul isteach i réamhchonarthaí i malairt eachtrach bunaithe ar dhíolacháin lena bhfuiltear ag súil sa mhargadh RA.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh sa rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, ar bhonn trathúil. Dearbhaímid go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal dá bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus tá tuarascálacha airgeadais ann lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Coillte CGA chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte reatha um sholáthar a éascú agus, le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019, gur chomhlíon Coillte CGA na nósanna imeachta sin.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Coillte CGA chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca dá chuid. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú Choillte CGA ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh a threorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ag obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de Choillte CGA atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Bernie Gray
Cathaoirleach

Gerard Gray
Stiúrthóir

Dáta: 01 Aibreán 2021

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Rialachas

Bunaíodh Bord Choillte CGA faoin Acht Foraoiseachta, 1988. Tá an Bord freagrach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus as cinntiú straitéiseacha a dhéanamh maidir le príomhshaincheisteanna gnó uile. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh rialta Choillte CGA. Leanann an POF agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan arna leagan síos ag an mBord, agus cinntíonn siad go mbíonn tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an nGrúpa, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dhócha go dtarlóidh siad. Gníomhaíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta Choillte CGA.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá gnóthaí atá forchoimeáda do chinntiú an Bhoird leagtha amach i gClár an Údaráis Tharmhligthe lena n-áirítear an méid a leanas:

- Éadálacha agus diúscairt réadmhaoine agus sócmhainní talún Choillte nó na bhfochuideachtaí dá chuid dar luach €2,000,000 nó níos mó a fhaomhadh;
- Infheistíochtaí agus caiteachas tionscadail caipitiúil níos mó ná €3,000,000;
- Leibhéal an údaráis tharmhligthe, beartais ciste agus beartais bainistíochta riosca a fhaomhadh;
- Téarmaí conarthaí móra dar luach níos mó ná €1,500,000 agus níos faide ná 3 bliana ina dtréimhse a fhaomhadh;
- Caiteachas lasmuigh de ghnáthchúrsa an ghnó atá níos mó ná €500,000 a fhaomhadh;
- Beartas maidir le cinneadh um luach saothair an lucht bainistíochta sinsearaí a fhaomhadh;
- An POF a cheapadh, luach saothair a chinneadh ina leith agus a f(h)eidhmíocht a mheasúnú agus pleanáil comharbais a dhéanamh ina leith;
- Buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a fhaomhadh;
- Beartas um dhíbhiní a fhaomhadh;
- Díolacháin sócmhainní le Stiúirthóirí nó lena dteaghligh nó daoine a bhfuil ceangal acu leo;
- Gnóthaí forchoimeáda uile na scairshealbhoirí a fhaomhadh roimh ré;
- Saoráidí iasachta uile a fhaomhadh;
- Sínteoirí údaráithe uile Shéala na Cuideachta a fhaomhadh; agus
- Treoirlínte rialachais chorparáidigh uile a fhaomhadh

Áirítear le míreanna seasta a bhreithníonn an Bord ag gach cruinniú:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta agus
- tuarascálacha feidhmíochta.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a thaispeánann le cruinneas réasúnta ag aon am seasamh airgeadais an Bhoird agus a chinntíonn go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir le hAltanna 281 - 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tá an Bord freagrach as ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin Choillte CGA agus as an bhfaisnéis sin a chothabháil.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Choillte CGA trí thagairt do phlean bliantúil agus do bhuiséad bliantúil 2020 i mí Eanáir 2021.

Tá an Bord freagrach freisin as na sócmhainní dá chuid a chosaint agus de bharr sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le haghaidh calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir le ráitis airgeadais Choillte CGA ar fheidhmíocht airgeadais Choillte CGA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus ar a fheidhmíocht airgeadais amhail an dáta sin.

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus seisear ar gnáthchomhaltaí iad agus ceapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Bhoird le haghaidh thréimhse chúig bliana, mura bhfuil a mhalairt luaite, agus tagann siad le chéile ar bhonn rialta.

Rinne an Bord féinmheasúnú athbhreithniúcháin sa bhliain 2020 agus tá sé i gceist Éifeachtúlacht Boird Neamhspleách agus Athbhreithniú Measúnaithe a choimisiúnú i 2021. Seo na trí choistí boird a bhí ann le linn 2020:

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Baill le linn 2020: Gerard Gray (Cathaoirleach), Eleanor O'Neill (ceaptha i mí Eanáir 2020), Gerard Murphy (ceaptha i mí Eanáir 2020) agus Kevin McCarthy (ceaptha i mí Iúil 2020).

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Tugann an tábla thíos dátaí ceaptha na mball reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Bernie Gray	Cathaoirleach	13 Márta 2019
Julie Murphy-O'Connor	Gnáthbhall	24 Meitheamh 2018 (athcheaptha)
Jerry Houlihan	Gnáthbhall	24 Bealtaine 2019 (athcheaptha 2 bhliain)
Gerard Gray	Gnáthbhall	26 Feabhra 2018
Patrick Eamon King	Gnáthbhall	26 Feabhra 2018
Eleanor O'Neill	Gnáthbhall	24 Iúil 2019
Gerard Murphy	Gnáthbhall	13 Nollaig 2019
Kevin McCarthy	Gnáthbhall	19 Bealtaine 2020

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca comhdhéanta de Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus oibríonn sé faoi théarmaí tagartha foirmiúla. Seacht n-uaire a bhuaíl an coiste seo le chéile in 2020. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go saineúil, cinntíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta inmheánaigh. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ar bhonn foirmiúil don Bhord tar éis gach cruinnithe.

Is féidir leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar ar bith a bhaineann le gnóthaí airgeadais an Ghrúpa, go háirithe, na ráitis airgeadais bhliantúla, an creat rialaithe inmheánaigh, an fheidhm um Dhearbhú agus Comhlíontacht (agus iniúchadh inmheánach), tuarascálacha na n-iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha agus athruithe a mholtar ar bheartais chuntasáochta. De ghnáth, tugtar cuireadh don Phríomhfheidhmeannach, don Phríomhoifigeach Airgeadais agus don Stiúrthóir Comhlíontachta agus do bhainisteoirí sinsearach eile chun freastal ar na cruinnithe sin de réir mar is iomchuí. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca freagrach as na hiniúcháirí seachtracha a cheapadh (lena n-áirítear táillí iniúcháireachta a aontú) agus cuireann moladh faoi bhráid an Bhoird maidir leis seo. Buaileann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis na hiniúcháirí seachtracha chun an t-iniúchadh bliantúil a phleanáil agus na torthaí ina dhiaidh sin a athbhreithniú. Buaileann na hiniúcháirí seachtracha leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ar bhonn príobháideach freisin. Tuairiscíonn

an Stiúrthóir um Dhearbhú agus Comhlíontacht go díreach go dtí an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus is é an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca atá freagrach as an bplean iniúcháireachta inmheánaigh a fhaomhadh. Buaileann an Stiúrthóir um Dhearbhú agus Comhlíontacht leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ar bhonn príobháideach chomh maith.

Bunaíodh creat chun riosca a shainiáint go foirmiúil agus chun éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a mheasúnú. Tríd an bhfeidhm um Dhearbhú agus Comhlíontacht déantar monatóireacht ar chórais rialaithe an Ghrúpa trí thuarascálacha airgeadais a scrúdú, trí chruinneas na tuairiscithe ar idirbhearta a thástáil agus trí dhearbhu a fháil ar shlí eile go bhfuil na córais ag oibriú i gcomhréir le cuspóirí an Ghrúpa. Déantar measúnú freisin ar fhreagairt an lucht bainistíochta ar rioscaí suntasacha arna sainiáint agus ar na nósanna imeachta tuairiscithe dá gcuid.

Coiste Luacha Saothair

Is é ról an Choiste Luacha Saothair comhairle a thabhairt don Bhord maidir le beartas i dtaca le luach saothair feidhmiúcháin laistigh den Ghrúpa agus chun treoir agus comhairle a sholáthar don POF maidir le cur i bhfeidhm bheartas an Bhoird de réir mar a chuirtear i bhfeidhm é maidir leis an lucht bainistíochta sinsearaí.

Ba iad baill an Choiste le linn 2020 ná Julie Murphy-O'Connor (a ceapadh ina Cathaoirleach i Feabhra 2020), Bernie Gray agus Patrick Eamon King. Tháinig an coiste seo le chéile sé uaire in 2020.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Coiste Infheistíochta

Bhunaigh an Bord Coiste Infheistíochta in Aibreán 2020. Sa ról atá ag an gCoiste Infheistíochta áirítear comhairle a chur ar fáil don Bhord maidir le stádas na dtionscadal straitéiseacha arbh ann dóibh cheana trasna an Ghrúpa i gcomhthéacs chlochmhílte na dtionscadal, chun moltaí a dhéanamh agus comhairle a thabhairt ar mhórtionscadail nua agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnú riosca gach Tionscadal Straitéiseach acu.

B'iad baill an Choiste le linn 2020 Patrick Eamon King (Chair), Gerard Gray, Gerard Murphy agus Jerry Houlihan. Ceapadh baill uile an choiste seo i mí Aibreáin 2020 nuair a bunaíodh an coiste. Tháinig an coiste seo le chéile sé uaire in 2020.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird leagtha amach thíos, mar aon le táillí agus costais faighte ag gach ball.

	Freastal ar Cruinnithe Boird ¹	Táillí	Tuarastal	Ranníocaíocht Pinsean	Sochar Incháinithe	lomlán 2020	lomlán 2019
Stiúrthóirí	(11 held)	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Bernie Gray	11/11	17	-	-	-	17	18
Julie Murphy - O'Connor ²	11/11	-	-	-	-	-	-
Roisin Brennan ³		-	-	-	-	-	4
Jerry Houlihan	11/11	10	-	-	-	10	13
Dermot Mulvihill ⁴		-	-	-	-	-	6
Gerard Gray	11/11	10	-	-	-	10	13
Patrick Eamon King	11/11	10	-	-	-	10	13
Thomas O'Malley ⁵		-	-	-	-	-	51
Fergal Leamy ⁶		-	-	-	-	-	150
Eleanor O'Neill	11/11	10	-	-	-	10	6
Gerard Murphy	11/11	10	-	-	-	10	1
Kevin McCarthy ⁷	7/7	7	55	9	-	71	-
		74	55	9	-	138	275
Príomhfheidhmeannach							
Imelda Hurley ⁸		-	220	55	25	300	47
		74	275	64	25	438	322

¹ Léiríonn táillí Boird maidir le 2020 laghdú deonach de 20%.

² Rinne Ms. Murphy-O'Connor a táillí ar fad do 2020 agus 2019 a tharscaoileadh.

³ D'éirigh Ms. Brennan as Bord na Stiúrthóirí in Aibreán 2019.

⁴ D'éirigh Mr. Mulvihill as Bord na Stiúrthóirí in Iúil 2019.

⁵ D'éirigh Mr. O'Malley as Bord na Stiúrthóirí i Meán Fómhair 2019.

⁶ D'éirigh Mr. Leamy as mar POF agus as Bord na Stiúrthóirí i Meitheamh 2019.

⁷ Ceapadh Mr. McCarthy ar an mBord i mí Bealtaine 2020.

⁸ Ceapadh Ms. Hurley mar Príomhfheidhmeannach i mí na Samhna 2019.

Mór-Athruithe Foirne Bainistíochta

Ní raibh aon mhór-athrú ar an bhfoireann bhainistíochta le linn 2020.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Nochtadh riachtanach i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Coillte CGA ceanglais uile an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("An Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Déantar an nochtadh seo a leanas i gcomhréir leis an gCód:

Sochair Ghearrthréimhseacha Fostaithe

Déantar sochair gearrthréimhseacha fostaithe atá os cionn €50,000

Raon		Líon Fostaithe	
Ó	Go	2020	2019
€50,000	€74,999	279	313
€75,000	€99,999	139	134
€100,000	€124,999	33	32
€125,000	€149,999	7	10
>€150,000		7	8

Nóta: Chun críocha an nochtadh seo áirítear tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí le sochair gearrthréimhseacha fostaithe maidir le seirbhísí i gcúiteamh comhair le linn na tréimhse tuairiscithe, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh leo. Déantar luach saothair do phríomhphearsanra bainistíochta, eadhon na daoine sin a bhfuil an t-údarás agus an fhreagracht acu as pleanáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa, a nochtadh go leithleach i Nóta 8 agus níl sé san áireamh thuas.

Costais Chomhairleachta

Áirítear comhairle sheachtrach sna costais chomhairleachta nuair a chuidíonn sí leis an mbainistíocht i gcúrsaí cinnteoireachta agus polasaí agus ní háirítear feidhmeanna seachfhoinsithe i gcomhthéacs gnó-mar-is-gnáth.

	2020 €'000	2019 €'000
Comhairle dlí	363	325
Comhairle Airgeadais/achtúireach	283	197
Margaíocht	557	637
Acmhainní Daonna	13	88
Feabhsú Gnó	1,294	564
Eile	118	203
Comhairleacht Iomlán	2,628	2,014

	2020 €'000	2019 €'000
Costais chomhairleachta caipitlithe	1,244	510
Costais Chomhairleachta gearrtha ar An cuntas brabúis agus cailteanais	1,384	1,504
	2,628	2,014

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Nochtadh riachtanach i gcomhréir le Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Imeachtaí Díl agus Socraíochtaí

Tugann an tábla thíos anailís ar na suimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairisce maidir le imeachtaí díl, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réiteach agus eadráin a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní háirítear leis seo caiteachas a éiríonn as comhairle díl ghinearálta faghte ag Coillte CGA a nochtar sna Costais Chomhairleachta thuas.

	2020 €'000	2019 €'000
Comhairle díl	360	130
Íocaíochtaí idir-réiteach agus eadráin.	-	8
Socraíochtaí	384	162
	744	300

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Seo a leanas an caiteachas taistil agus cothabhála tabhaithe le linn na tréimhse tuairisce:

	2020 €'000	2019 €'000
Baile		
- Bord*	2	22
- Fostaithe	1,144	1,991
Idirnáisiúnta		
- Bord*	-	-
- Fostaithe	135	397
	1281	2410

*Lena gcuimsítear caiteachas taistil agus cothabhála a íocadh go díreach le baill an Bhoird

Caiteachas Fáilteachais

Seo a leanas an caiteachas fáilteachais don tréimhse tuairisce:

	2020 €'000	2019 €'000
Fáilteachas foirne	17	94
Fáilteachas cliant	117	224
	134	318

Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit á chomhlíonadh

Comhlíonann Coillte CGA an Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, a leagann amach prionsabail an rialachais chorparáidigh a bhfuil se de dhualgas ag Boird Chomhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Bernie Gray
Cathaoirleach

Gerard Gray
Stiúrthóir

Dáta: 01 Aibreán 2021

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh do Chomhaltaí Choillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe

Tuarascáil ar an iniúcháireacht ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais de chuid Choillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (“an Cuideachta”) agus de chuid na fochuideachtaí dá chuid (“an Grúpa”), don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, lena gcuimsítear cuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa, ráiteas an Ghrúpa ar ioncam cuimsitheach eile, cláir chomhardaithe an Ghrúpa agus na Cuideachta, ráitis sreafaí airgid thirim an Ghrúpa agus na Cuideachta don bhliain dar críoch ansin, ráitis an Ghrúpa agus na Cuideachta ar athruithe ar chothromas agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais chuntasáíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 3. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm chun iad a ullmhú agus dlí na hÉireann agus FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta radharc ceart agus cothrom ar shócmhainní, ar dhlíteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ag 31 Nollaig 2020 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain airgeadais dar críoch sin;
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i gcomhréir le FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmíthe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i gcomhréir le riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús Tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus leis an dlí is infheidhme. Cuirtear síos a thuilleadh ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid dár dtuarascáil Freagrachtaí an Iniúcháir as na Ráitis Airgeadais a Iniúchadh. Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an gCuideachta i gcomhréir le riachtanais eiticíúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na riachtanais sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar dár dtuairim.

Conclúid maidir le gnóthas leantach

Tá iniúcháireacht déanta againn ar na ráitis airgeadais agus táimid den tuairim chonclúideach go raibh an úsáid a bhain na Stiúrthóirí as bonn an ghnóthais leantaigh agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais cuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon éiginnteachtaí aitheanta againn maidir le himeachtaí ná coinníollacha, aonair ná le chéile, a bheadh ina chúis amhras maidir le cumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach do thréimhse a mhairfeadh ar a laghad 12 mí ón dáta a mbeidh na ráitis airgeadais údaraithe le heisiúint.

Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh leis na codanna a leanas: Feidhmíocht Airgeadais, Buaicphointí 2019, Ráiteas an Chathaoirligh, Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, Forbhreathnú an Ghnó,

Tuarascáil na Stiúrthóirí, an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, agus an Ráiteas ar Rialachas. Níl na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil iniúcháir ina leith ina gcuid den fhaisnéis eile. Níl an fhaisnéis eile clúdaithe lenár dtuairim ar na ráitis airgeadais agus, dá réir sin, ní chuirimid tuairim iniúchta in iúl nó, seachas mar atá luaite go sainráite thíos, ní chuirimid aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe in iúl ina taobh.

Is é ár bhfreagracht an fhaisnéis eile a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh, bunaithe ar an obair iniúchta dár gcuid ar na ráitis airgeadais, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis atá ann míshonraithe nó neamhchomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó lenár gcuid eolais ón iniúchadh. Bunaithe ar an obair sin amháin níl aon mhíshonruithe ábhartha sainaitheanta againn san fhaisnéis eile.

Bunaithe ar an obair sin dár gcuid ar an bhfaisnéis eile amháin táimid in ann an méid a leanas a thuairisciú:

- níor shainiúim ar mhíshonruithe ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí;
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais;

Tuarascáil an Iniúcháora Neamhspleáigh do Bhaill Coillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe

- inár dtuairim, ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Tuairimí ar ábhair eile arna leagan amach ag Acht na gCuideachtaí 2014

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.

Inár dtuairim ba leordhóthanach taifid chuntasaíochta an Ghrúpa chun ligean d'iniúchadh gan mhoill agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair nach mór dúinn tuairisciú orthu d'eisceacht

Éilítear orainn le hAcht na gCuideachtaí 2014 chun tuairisciú daoibh más é an cás, inár dtuairim, nach nochtar luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí atá riachtanach faoi Alt 305 go hAlt 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Sa bhreis ar sin, faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), éilítear orainn a thuairisciú daoibh maidir leis an ráiteas a bhaineann leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód ar leathanaigh 52 go 54 mura léirítear leis comhlíonadh mhír 13.1 (iii) den Chód ag an nGrúpa nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a bhfuilimid ar an eolas uirthi ónár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscíonn muid más é sin an cás. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Freagrachtaí faoi seach agus srianta ar úsáid

Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

De réir mar atá mínithe go mionsonraithe sa ráiteas maidir le freagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 49, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus áirítear leis sin go mbíonn siad sásta go dtugtar léargas fírinneach cóir leo; as a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaíocht nó ar earráid; as cumas an Ghrúpa leanúint mar ghnóthas leantach a mheasúnú; as ábhair a nochtadh, de réir mar is infheidhme, bhaineann le gnóthas leantach agus as onn gnóthais eantaigh na cuntasaíochta a úsáid mura bhfuil sé ar intinn ag na Stiúrthóirí an Grúpa a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó mura a bhfuil aon rogha réadúil eile acu ach chun sin a dhéanamh.

Tuarascáil ar an iniúcháireacht ar na ráitis airgeadais

Is iad ár gcuspóirí ná teacht ar chinnteacht réasúnta maidir le an bhfuil na ráitis airgeadais trí chéile saor ó míshonrú ábharach, bíodh siad trí chalaíocht nó trí dhearúd, agus tuarascáil a eisiúint lena n-áirítear ár dtuairim. Is ionann cinnteacht réasúnta agus ardleibhéal cinnteachta, ach ní hionann agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúcháireacht déanta i gcomhréir le ISA (Éire) míshonrú ábharach sa chás go mbíonn a leithéid ann. Is féidir le míshonrú teacht chun solais de thoradh ar chalaíocht nó ar dhearúd ach dá, ina n-aonar nó comhbhailithe, bhféadfaí bheith go réasúnta den tuairim go mbeadh tionchar acu ar chinntí airgeadais a dhéanfadh úsáideoirí a bheadh déanta leis na ráitis airgeadais seo mar bhonn.

Tá cur síos níos iomláine ar ár bhfreagrachtaí ar fáil ar shuíomh idirlíon an IAASA ag: https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf

An aidhm atá lenár gcuid oibre iniúcháireachta agus cé dóibh atáimid freagrach

Déantar ár dtuarascáil ar mhaithe le baill na Cuideachta amháin, mar chomhlachas, de réir Ailt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Thugamar faoin obair iniúchta ionas go bhféadfaimis na nithe sin a insint do bhaill na Cuideachta a bhfuil iachall orainn a insint dóibh i dtuarascáil iniúcháireachta agus ní ar mhaithe le haon aidhm eile. Ní ghlacaimid ná ní bheimid freagrach d'aon duine eile seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht, as an obair iniúchta, chomh fada agus a cheadaíonn an dlí dúinn, i gcás na tuarascála seo, nó i gcás na dtuairimí atá bunaithe againn.

David Meagher
do agus thar ceann
KPMG

Cúntasóirí Cairte, Comhlacht Iniúchta Reachtúil
1 Plás Stokes
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Dáta: 01 Aibreán 2021

Cuntas Brabúis agus Cailteanais an Ghrúpa

Bliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2020	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Láimhdeachas	5	285,261	327,435
Costas díolacháin		(199,054)	(205,629)
Brabús comhlán		86,207	121,806
Costas dáileacháin		(24,549)	(31,048)
Costas riaracháin		(41,347)	(39,652)
Gnóthachain oibriúcháin eile	10	8,774	12,205
Brabús oibriúcháin roimh míreanna eisceachtúla		29,085	63,311
Míreanna eisceachtúla	9	(1,278)	-
Brabús oibriúcháin	6	27,807	63,311
Cion cailteanas comhlach	18	(335)	(26)
Brabús roimh ús agus cánachas		27,472	63,285
Ús infhála agus Ioncam dá leithéid	11	11	32
Ús iníoctha agus muirir dá leithéid	11	(1,984)	(1,843)
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		25,499	61,474
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	13	(3,859)	(2,906)
Brabús don bhliain airgeadais		21,640	58,568

Ráiteas an Ghrúpa Ioncam Cuimsitheach Eile

Bliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2020	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Brabús don bhliain airgeadais		21,640	58,568
Ioncam Cuimsitheach Eile (costais).			
Ath-thomhas ar an nglan-dlíteanas pinsin sochair sainithe	14	2,883	2,227
Gluaiseacht ar cháin iarchurtha bainteach le dlíteanas sochair sainithe	13	77	(281)
Sciar éifeachtach athruithe i luach cóir na gcistí fálaithe sreabhadh airgid			
Gluaiseacht ar luach cóir na gcistí fálaithe sreabhadh airgid	23	524	(2,604)
Cistí fálaithe sreabhadh airgid – athaicmiú go cuntas brabúis agus caillteanais	23	1,397	(398)
Éifeacht ag cáin iarchurtha: ar ghluaiseacht ar luach cóir na gcistí fálaithe sreabhadh airgid	13	7	(30)
Sciar na gcostas cuimsitheach caiteachais ag comhlachaigh	18	(603)	(110)
Ioncam cuimsitheach eile (costais) don bhliain airgeadais, glan ar cháin		4,285	(1,136)
Ioncam cuimsitheach eile/(costais) don bhliain airgeadais, glan ar cháin		25,925	57,432

Clár Comhardaithe an Ghrúpa

Ar an 31 Nollaig 2020	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	15	12,431	12,128
Sócmhainní inláimhsithe	16	629,284	615,154
Sócmhainní Bitheolaíoch	17	870,517	848,445
Infheistíochtaí	18	13,895	11,330
		1,526,127	1,487,057
Sócmhainní Reatha			
Stoic	19	27,102	23,934
Féichiúnaithe	20	119,973	114,952
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		61,348	93,517
		208,423	232,403
Creidiúnaithe - méideanna dlite laistigh d'aon bhliain airgeadais amháin	21	(70,610)	(64,476)
Glansócmhainní reatha		137,813	167,927
Sócmhainní Iomlána Lúide dliteanais reatha		1,663,940	1,654,984
Creidiúnaithe - méideanna dlite níos faide anonn ná aon bhliain airgeadais amháin	22	(89,780)	(89,536)
Soláthair do dhliteanais	24	(43,303)	(50,475)
Deontas rialtais iarchurtha	25	(122,399)	(124,064)
Glansócmhainní roimh dhliteanas pinsin		1,408,458	1,390,909
Dlitéanas pinsin socharshainithe	14	(43,644)	(49,720)
Glansócmhainní		1,364,814	1,341,189
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scair-Chaipiteal Glaoite i láthair mar ghnáthscaireanna	26	795,060	795,060
Caipiteal gan ainmniú	27	6,145	6,145
Cúltaisce cistí fálaíthe sreabhadh airgid	27	(275)	(2,203)
Tuilleamh coimeádta	27	563,884	542,187
Cistí na Scairsealbhóirí		1,364,814	1,341,189

Is cuid dhílis de na ráitis airgidis seo na nótaí ar na leathanaigh ó 84 go 128. Rinne Bord na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar leathanaigh 76 go 128 a udarú chun eisiúna ar 01 Aibreán 2021 agus síníodh iad thar cheann an Bhoird faoi lámha:

Bernie Gray
Cathaoirleach

Gerard Gray
Stiúrthóir

Clár Comhardaithe na Cuideachta

Ar an 31 Nollaig 2020	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	15	12,408	12,047
Sócmhainní inláimhsithe	16	516,523	517,025
Sócmhainní Bitheolaíocha	17	870,517	848,445
Infheistíochtaí	18	79,740	79,740
		1,479,188	1,457,257
Sócmhainní Reatha			
Stoc	19	3,317	3,673
Féichiúnaithe	20	179,134	173,281
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		60,358	78,427
		242,809	255,381
Creidiúnaithe; méideanna dlite laistigh d'aon bhliain airgeadais amháin	21	(110,068)	(109,646)
Glansócmhainní Reatha		132,741	145,735
Sócmhainní Iomlána Lúide dliteanais reatha		1,611,929	1,602,992
Creidiúnaithe; méideanna dlite níos faide anonn ná aon bhliain airgeadais amháin	22	(89,780)	(89,536)
Soláthair do dhliteanais	24	(39,845)	(46,982)
Deontas rialtais iarchurtha	25	(122,399)	(124,064)
Glansócmhainní roimh dliteanas pinsin		1,359,905	1,342,410
Dlitéanas pinsin socharshainithe	14	(41,406)	(49,454)
Glansócmhainní		1,318,499	1,292,956
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scair-Chaipiteal Glaoite i láthair mar ghnáthscaireanna	26	795,060	795,060
Caipiteal gan ainmniú	27	6,145	6,145
Cúltaisce sreabhadh airgid	27	(122)	(1,042)
Tuilleamh coimeádta	27	517,416	492,793
Cistí Scairshealbhóirí		1,318,499	1,292,956

Is cuid dhílis de na ráitis airgidis seo na nótaí ar na leathanaigh ó 84 go 128. Rinne Bord na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar leathanaigh 76 go 128 a udarú chun eisiúna ar 01 Aibreán 2021 agus síníodh iad thar cheann an Bhoird faoi lámha:

Bernie Gray
Cathaoirleach

Gerard Gray
Stiúrthóir

Ráiteas an Ghrúpa ar Shreafaí Airgid

Bliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2020		2020	2019
	Nótaí	€'000	€'000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh íoc cánach	31	39,341	85,397
Cáin íochta		(3,519)	(5,870)
Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		35,822	79,527
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Breiseanna le sócmhainní doláimhsithe	15	(2,483)	(2,202)
Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe	16	(31,369)	(24,834)
Breiseanna le sócmhainní bitheolaíocha	17	(35,798)	(33,828)
Breiseanna le sócmhainní airgeadais	18	(3,055)	(984)
Dáileacháin ó fhiontair chomhlacha		1,313	1,500
Suimeanna curtha ar fáil d'fhiontair chomhlacha		(2,271)	-
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe		9,733	12,370
Mír airgid eisceachtúil eile		(752)	-
Fáil deontais rialtais caipitil	20/25	111	218
Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(64,571)	(47,760)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí cistithe			
Méadú ar iasachtaí	31	244	244
Glan-ús íochta	31	(1,364)	(711)
Díbhinní íochta	12	(2,300)	(13,000)
Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí cistithe		(3,420)	(13,467)
Glan (laghdú)/méadú in airgid agus a chomhionann		(32,169)	18,300
Airgead agus coibhéisí airgid ar an 1 Eanáir		93,517	75,217
Airgead agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig	31	61,348	93,517

Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid

Bliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2020	2020 Nótaí	2019 €'000	€'000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh íoc cánach	32	17,768	58,454
Cáin íoctha		(2,003)	(4,646)
Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		15,765	53,808
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Breiseanna le sócmhainní doláimhsithe	15	(2,465)	(2,202)
Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe	16	(9,541)	(12,252)
Breiseanna le sócmhainní bitheolaíocha	17	(35,798)	(33,828)
Méideanna faighte ó/(curtha ar fáil do) gnóthais fhochuideachta	20/21	8,030	(569)
Suimeanna curtha ar fáil d'fhiontair chomhlacha		(2,271)	-
Dáileacháin ó fhiontair chomhlacha		1,313	1,500
Dáileacháin ó fhochuideachta		1,102	-
Fáltais ó dhiúscairtí sócmhainní inláimhsithe		9,844	12,302
Míreanna airgid eisceachtúil eile		(752)	-
Fáil deontas caipitil rialtais	20/25	111	218
Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(30,427)	(34,831)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí cistithe			
Méadú ar iasachtaí	31	244	244
Glan-ús íoctha		(1,351)	(710)
Díbhinní íoctha	12	(2,300)	(13,000)
Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí cistithe		(3,407)	(13,466)
Glan(laghdú)/mhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid		(18,069)	5,511
Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		78,427	72,916
Airgead agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig		60,358	78,427

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe Cothromais

Bliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2020

		Scairhcaipiteal glaioite arna chur i láthair mar chothromas	Caipiteal gan ainmniú	Cúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid	Cuntas brabúis agus caillteanais	Iomlán
	Nótaí	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ag 01 Eanáir 2020		795,060	6,145	(2,203)	542,187	1,341,189
Brabús don bhliain airgeadais		-	-	-	21,640	21,640
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		-	-	1,928	2,357	4,285
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		-	-	1,928	23,997	25,925
Idirbhearta le scairshealbhóirí Arna dtaifeadadh go díreach i gcothromas:						
Díbhinní íoctha	12	-	-	-	(2,300)	(2,300)
Ag 31 Nollaig 2020		795,060	6,145	(275)	563,884	1,364,814
Ag 01 Eanáir 2019		795,060	6,145	769	494,783	1,296,757
Brabús don bhliain airgeadais		-	-	-	58,568	58,568
Ioncam cuimsitheach eile (costais) don bhliain airgeadais		-	-	(2,972)	1,836	(1,136)
Ioncam/(speansas) cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		-	-	2,972	60,404	57,432
Idirbhearta le scairshealbhóirí Arna dtaifeadadh go díreach i gcothromas:						
Díbhinní íoctha	12	-	-	-	(13,000)	(13,000)
Ag 31 Nollaig 2019		795,060	6,145	(2,203)	542,187	1,341,189

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe Cothromais

Bliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2020

		Scairhcaipiteal glaoite arna chur i láthair mar chothromas	Caipiteal gan ainmniú	Cúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid	Cuntas brabúis agus caillteanais	Iomlán
	Nótaí	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Ag 01 Eanáir 2020		795,060	6,145	(1,042)	492,793	1,292,956
Brabús don bhliain airgeadais		-	-	-	21,775	21,775
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		-	-	920	5,148	6,068
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		-	-	920	26,923	27,843
Idirbhearta le scairshealbhóirí arna dtairfeadh go díreach i gcothromas:						
Díbhinní íoctha	12	-	-	-	(2,300)	(2,300)
Ag 31 Nollaig 2020		795,060	6,145	(122)	517,416	1,318,499
Ag 01 Eanáir 2019		795,060	6,145	371	458,804	1,260,380
Brabús don bhliain airgeadais		-	-	-	45,438	45,438
Ioncam/(speansas) cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		-	-	1,413	1,551	138
Ioncaim/(speansas) cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		-	-	1,413	46,989	45,576
Idirbhearta le scairshealbhóirí arna dtairfeadh go díreach i gcothromas:						
Díbhinní íoctha	12	-	-	-	(13,000)	(13,000)
Ag 31 Nollaig 2019		795,060	6,145	(1,042)	492,793	1,292,956

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Faisnéis na Cuideachta

Bunaíodh Coillte CGA (Bord Foraoiseachta na hÉireann) faoin Acht Foraoiseachta, 1988.

Is cuideachta gníomhaíochta ainmnithe Coillte CGA faoi theorainn scaireanna, is é sin cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna atá cláraithe faoi Chuid 16 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tá sainchónaí ar Choillte CGA in Éirinn agus is é seoladh a oifig chláráithe Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin agus is í uimhir na cuideachta 138108.

2. Ráiteas ar Chomhlíontacht

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Ghrúpa agus Chuideachta Choillte CGA (an Grúpa) i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann"

("FRS 102"), agus i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

3. Achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach leis na blianta airgeadais uile a chuirtear i láthair, muna bhfuil a mhalairt luaite.

(a) An Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhionathrú ag an tomhas ar luach cóir na réadmhaoine infheistíochta agus sócmhainní agus dliteanais airgeadais áirithe lena n-áirítear ionstraimí airgeadais díorthacha.

Éilítear le hullmhúchán ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102 go n-úsáidtear meastacháin chuntasaíochta criticiúla áirithe. Éilítear ar an lucht bainistíochta leis freisin chun breithiúnas a úsáid sa phróiseas a bhaineann le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm. Déantar na réimsí a bhaineann le méid níos airde

breithiúnais nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin ábhartha go suntasach do na ráitis airgeadais a nochtadh i nóta 4.

(b) Gnóthas Leantach

Tar éis fiosruithe a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil acmhainní imleora ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta chun leanúint i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann an Grúpa agus an Chuideachta chun an bonn gnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

(c) Díolúintí

De réir mar atá ceadaithe ag Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá leas á bhaint ag an gCuideachta as an díolúine óna gcuntas brabúis agus cailteanais ar leith a chur i láthair sna ráitis airgeadais seo agus óna chomhdú le Cláráitheoir na gCuideachtaí. B'é brabús na Cuideachta don bhliain airgeadais ná €21,775,000 (2019: €45,438,000).

(d) Comhdhlúthú agus cuntasaíocht chothromais

Le ráitis airgeadais an Ghrúpa déantar ráitis airgeadais na Cuideachta agus fiontair uile na bhfochuideachtaí dá cuid a chomhdhlúthú.

(i) Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí

Déantar fochuideachtaí a chomhdhlúthú ó dháta a bhfála, is é sin an dáta ar a n-aimsíonn an Grúpa ceannas agus

leantar lena gcomhdhlúthú go dtí an dáta a scortar den cheannas sin. Is é atá cuimsithe le ceannas ná an chumhacht chun beartais airgeadais agus oibriúcháin na hinstitiúide infheistiúcháin a rialú d'fhonn tairbhí a bhaint óna cuid gníomhaíochtaí. Déantar idirbhearta, comharduithe, ioncam agus speansais laistigh den ghrúpa a dhíothú ina n-iomláine tar éis an chomhdhlúthaithe.

I ráitis airgeadais aonair na Cuideachta, mínítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí mar chostas lúide laige. Aithnítear ioncam díbhinne nuair a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ii) Infheistíochtaí i gcomhfhiontair

Caitear le heintitis ina bhfuil leas ag an nGrúpa agus atá faoi cheannas an Ghrúpa agus comhfhiontair amháin eile nó níos mó i gcomhpháirt faoi shocrú conarthach mar chomhfhiontair.

I ráitis airgeadais an Ghrúpa, mínítear comhfhiontair agus modh an chothromais á úsáid. Aithnítear infheistíochtaí i gcomhfhiontair ar dtús sa chlár comhardaithe comhdhlúite ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a choigeartú ina dhiaidh sin chun sciar an Ghrúpa d'ioncam cuimsitheach agus cothromas iomlán an chomhfhiontair a léiriú, lúide aon laige. Cuirtear aon bharrachas ar chostas na fála thar sciar an Ghrúpa de ghlanluach cóir na sócmhainní, dliteanais agus dliteanais theagmhasacha in aitheanta an chomhfhiontair a aithnítear ag dáta na fála, cé go gcaitear leis mar cháilmheas, mar chuid den infheistíocht sa chomhfhiontair. Gearrtar amúchadh ionas go leithdháiltear costas an cháilmheasa thar a shaolré úsáideach mheasta, agus modh an mhéid chothroim á úsáid. Ní déantar cailteanais níos mó ná suim ghlanluacha infheistíochta i gcuideachta comhlach a thaifeadh mar fhoráil ach amháin nuair a thabhaigh an Grúpa oibleagáidí dlíthiúla nó cuiditheacha nó nuair a rinne sé íocaíochtaí thar ceann na cuideachta comhlaí. Déantar gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn ó idirbhearta le comhfhiontair a dhíothú sa mhéid agus atá comhionann le leas an Ghrúpa san eintiteas. Déantar cailteanais neamhréadaithe a dhíothú ar an dóigh chéanna mar ghnóthachain neamhréadaithe, ach amháin sa mhéid agus nach bhfuil aon fhianaise ar laige.

I ráitis airgeadais aonair na Cuideachta, mínítear infheistíochtaí i gcomhfhiontair mar chostas lúide laige. Aithnítear ioncam díbhinne nuair a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

(iii) Oibríochtaí faoi cheannas comhpháirteach

Is é atá i gceist le hoibríochtaí faoi cheannas comhpháirteach ná úsáid sócmhainní agus acmhainní an Ghrúpa agus na gcomhfhiontair eile seachas eintiteas ar leith a bhunú nó struchtúr airgeadais a bhunú nach bhfuil baint aige leis an nGrúpa nó comhfhiontair eile. Úsáideann gach fiontraí (agus an Grúpa san áireamh) a chuid sócmhainní féin agus thabhaíonn sé a speansais agus dliteanais féin agus tiomsaíonn a chuid cistí féin.

Sna ráitis airgeadais, mínítear oibríochtaí faoi cheannas comhpháirteach trí aitheantas a thabhairt do na sócmhainní faoi cheannas an Ghrúpa, do na dliteanais a thabhaíonn sé, do na speansais a thabhaíonn sé agus dá sciar den ioncam a thuilleann sé ó dhíol earraí nó seirbhísí ag an gcomhfhiontair.

(iv) Infheistíochtaí i gcuideachtaí comhlacha

Caitear le heintitis ina bhfuil leas níos lú ná 50% ag an nGrúpa agus ar a n-imríonn sé tionscnamh suntasach soiléir mar chuideachtaí comhlacha.

I ráitis airgeadais an Ghrúpa, mínítear cuideachtaí comhlacha agus modh an chothromais á úsáid. Aithnítear infheistíochtaí i gcuideachtaí comhlacha ar dtús sa chlár comhardaithe comhdhlúite ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a choigeartú ina dhiaidh sin chun sciar an Ghrúpa d'ioncam cuimsitheach agus cothromas iomlán na cuideachta comhlaí a léiriú, lúide aon laige. Cuirtear aon bharrachas ar chostas na fála thar sciar an Ghrúpa de ghlanluach cóir na sócmhainní, dliteanais agus dliteanais theagmhasacha inaitheanta de chuid na cuideachta comhlaí a aithnítear ag dáta na fála, cé go gcaitear leis mar cháilmheas, mar chuid den infheistíocht sa chuideachta comhlach. Gearrtar amúchadh ionas go leithdháiltear costas an cháilmheasa thar a shaolré úsáideach mheasta, agus modh an mhéid chothroim á úsáid. Ní dhéantar cailteanais níos mó ná suim ghlanluacha infheistíochta i gcuideachta comhlach a thaifeadh mar fhoráil ach amháin nuair a thabhaigh an Grúpa oibleagáidí dlíthiúla nó cuiditheacha nó nuair a rinne sé íocaíochtaí thar ceann na cuideachta comhlaí. Déantar gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn ó idirbhearta le cuideachta comhlaí a dhíothú sa mhéid agus atá comhionann le leas an Ghrúpa san eintiteas. Déantar cailteanais neamhréadaithe a dhíothú ar an dóigh chéanna mar ghnóthachain neamhréadaithe, ach amháin sa mhéid agus nach bhfuil aon fhianaise ar laige.

I ráitis airgeadais aonair na Cuideachta, mínítear infheistíochtaí i gcuideachta comhlaí mar chostas lúide laige. Aithnítear ioncam díbhinne nuair a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(e) Airgeadraí eachtracha

(i) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Is é airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe na Cuideachta agus airgeadra tuairiscithe an Ghrúpa an euro, arna ainmniú ag an tsiombail '€' agus, mura bhfuil a mhalairt luaite, cuireadh na ráitis airgeadais i láthair i mílte ('000').

(ii) Idirbhearta agus comharduithe

Déantar idirbhearta in airgeadra eachtrach a aistriú go euro agus na spotrátaí malairte á n-úsáid amhail dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú arís ag na rátaí malairte atá i réim ag dáta an tuairiscithe. Ní dhéantar míreanna neamhairgeadaíochta a dhéantar a thomhas i dtéarmaí an chostais stairiúil in airgeadra eachtrach a aistriú arís. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta a dhéantar a thomhas ar luach cóir a thomhas agus an ráta malairte atá i réim nuair a cinneadh an luach cóir á úsáid.

Aithnítear gnóthachain agus cailteanais in airgeadra eachtrach atá ina dtoradh ar shocrú idirbheart agus ar aistriú ag rátaí malairte dheireadh na tréimhse sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha sa chuntas brabúis agus cailteanais.

(f) Aithint ioncain

Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fuarthas nó atá infhála agus léirítear an méid infhála leis le haghaidh earraí a sholáthraítear nó le haghaidh seirbhísí arna gcur ar fáil, glan ó fháltais, lascaíní agus aisíocaíochtaí arna gceadú ag an nGrúpa agus cánacha breisluacha.

Nuair a dhéantar an chomaoin atá infhála in airgead nó i gcoibhéisí airgid a iarchur, agus nuair is idirbheart airgeadais an socrú, déantar luach cóir na comaoine a thomhas mar luach reatha na bhfáltais todhchaíoch iomlán agus an ráta barúlach úis á úsáid.

Aithníonn an Grúpa ioncam sa mhéid go bhfuil ioncam agus na costais ghaolmhara a thabhaítear nó atá le tabhú faoi réir ag tomhas iontaofa, gur dhócha go

mbeidh tairbhí eacnamaíocha ina dtoradh air don Ghrúpa agus go ndearnadh rioscaí suntasacha agus luachanna saothair na húinéireachta a aistriú don cheannaitheoir, nó i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha arna gcomhaontú le ceannaitheoirí.

Díol earraí agus seirbhísí a sholáthar

Aithnítear ioncam ó dhíol adhmaid sheasta i dtráthchodanna thar chúrsa an chonartha díolachán. Aithnítear ioncam ó dhíol adhmaid bhainte nuair a sheachadtar é go geata an mhuilinn. Aithnítear ioncam ó dhíol táirgí MEDITE SMARTPLY nuair a dhéantar na hearraí a sheachadadh. Aithnítear gach ioncam eile nuair a dhéantar na hearraí nó seirbhísí a sheachadadh.

(g) Míreanna eisceachtúla

Déanann an Grúpa muirir nó creidmheasanna a bhfuil tionchar ábhartha acu ar thorthaí airgeadais an Ghrúpa a

aicmiú mar 'mhíreanna eisceachtúla'. Déantar iad sin a nochtadh go leithleach chun tuiscint bhreise a sholáthar ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa. Baineann an Grúpa úsáid as breithiúnas chun na míreanna áirithe a mheasúnú, a dhéantar a nochtadh, de thairbhe a n-ábharthachta nó a nádúir nó an dá rud araon, i gcuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara mar mhíreanna eisceachtúla. D'fhéadfadh costais athstruchtúraithe a bheith san áireamh lena leithéid de mhíreanna lena n-áirítear ciorrúcháin scéime pinsin le sochar sainithe nó costais/creidmheasanna seirbhíse roimhe seo, brabús nó cailteanas ar dhiúscairt oibríochtaí, lagú sócmhainní agus amúchadh luathaithe táillí bainc.

(h) Sochair fostaithe

Soláthraíonn an Grúpa raon de shochair do na fostaithe, lena n-áirítear socruithe saoire íochta agus pleananna pinsin le sochar sainithe agus le ranníocaíocht shainithe

(i) Sochair Gearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta eile cosúla mar speansas sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(ii) Pleananna pinsin le sochar sainithe

Déantar teidlíochtaí pinsin mhórchuid na bhfostaithe i gCoillte CGA agus Medite Europe CGA (fochuideachta dá chuid), a mhaoiniú trí scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe a dhéantar a riar go leithleach. Le plean sochair shainithe déantar an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar scor a shainiú agus de ghnáth bíonn sé ag brath ar raon fachtóirí lena n-áirítear aois, fad na seirbhíse agus an luach saothair.

Is ionann an dliteanas atá aitheanta sa chlár comhardaithe maidir le pleananna le sochar sainithe an Grúpa agus luach reatha na hoibleagáide um shochar sainithe ag an dáta tuairiscithe lúide luach cóir shócmhainní na bpleananna ag an dáta tuairiscithe. Déantar an oibleagáid um shochar sainithe a ríomh agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid. Fostaíonn an Grúpa achtúirí neamhspleácha chun an oibleagáid a ríomh. Déantar luacháil achtúireach iomlán gach trí bliana airgeadais agus déantar í a nuashonrú chun dálaí reatha a léiriú sna tréimhsí eatramhacha. Déantar luach reatha dhliteanas na bpleananna a chinneadh trí na híocaíochtaí todhchaíocha measta a lascainiú agus toradh margadh ar bhannaí corparáideacha ardtoraidh á úsáid atá ainmnithe in euro agus lena mbaineann téarmaí lena dtugtar neasluach thréimhse mheasta na n-íocaíochtaí todhchaíocha ('ráta lascainithe'). Déantar luach cóir shócmhainní na bpleananna a thomhas i gcomhréir le hordlathas luacha chóir FRS 102, lena n-áirítear úsáid teicnící luachála iomchuí. Tá luach sócmhainne um ghlansochar pinsin teoranta don mhéid ar féidir é a aisghabháil trí ranníocaíochtaí laghdaithe nó trí aisíocaíochtaí aontaithe ón scéim.

Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí agus ó bhoinn tuisceana achtúireacha sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile. Nochtar na méideanna sin, mar aon leis an toradh ar shócmhainní na bpleananna, lúide méideanna atá san áireamh leis an ús glan, mar 'Thomhas an athuair ar ghlandlíteanas sochair shainithe'. Ní dhéantar tomhais an athuair a athaicmiú don chuntas brabúis agus cailteanais i dtréimhsí ina dhiaidh sin. Aithnítear costas na bpleananna le sochar sainithe sa chuntas brabúis agus cailteanais mar chostais fostaithe, ach amháin nuair a chuirtear san áireamh iad le costas sócmhainne. Cuimsítear leis an gcostas:

(a) an méadú ar dhliteanas sochair pinsin a eascraíonn ó sheirbhís fostaí le linn na tréimhse; agus
(b) an costas a bhaineann le tabhairt isteach pleananna, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí. Déantar costais an úis ghlan a ríomh tríd an ráta lascainithe a chur i bhfeidhm ar ghlan-iarmhéid na hoibleagáideum shochar sainithe agus luach cóir shócmhainní na bpleananna. Aithnítear an costas sin sa chuntas brabúis agus cailteanais mar 'Costas airgeadais'.

(iii) Pleananna pinsin le ranníocaíocht shainithe

Déantar teidlíochtaí pinsin fostaithe Smartply Europe CGA agus Medite Smartply UK Limited (Coillte Panel Products (UK) Limited roimhe seo) (fochuideachtaí an dá ghnóthas) a mhaoiniú trí scéim aoisliúntais le ranníocaíocht shainithe arna riar go leithleach. Déantar teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe i gCoillte CGA agus Medite Europe CGA, nach bhfuil ina mbaill den scéim aoisliúntais le ranníocaíocht shainithe, a mhaoiniú trí scéimeanna le ranníocaíocht shainithe arna riar go leithleach. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar speansas sa chuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a sholáthraítear na seirbhísí.

(i) Cánachas

Cuimsítear le speansas cánachais cáin reatha agus cáin iarchurtha a aithnítear sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa chuntas brabúis agus cailteanais, ach amháin sa mhéid go mbaineann sí le míreanna a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas. Sa chás sin aithnítear cáin in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas faoi seach.

(i) Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus méid na cánach ioncaim iníochta maidir leis an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar cáin a ríomh ar bhonn na rátaí agus dlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse.

(ii) Cáin iarchurtha

Eascraíonn cáin iarchurtha ó dhifríochtaí uainithe a eascraíonn ó áireamh ioncaim agus speansas i measúnuithe cánach i dtréimhsí a dhifríonn ó na cinn atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Aithnítear cáin iarchurtha maidir le difríochtaí uainithe uile ag an dáta tuairiscithe ach amháin maidir le heisceachtaí áirithe. Ní aithnítear cailteanais cánach gan faoiseamh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair a bhíonn sé dóchúil go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dlíteanas cánach iarchurtha nó i gcoinne brabúis inchánach sa todhcháí.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas agus rátaí agus dlíthe cánach á n-úsáid a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse agus lena bhfuiltear ag súil go gcuirfear i bhfeidhm iad ar aisiompú na difríochta uainithe.

(j) Sócmhainní doláimhsithe

Déantar cáilmheas a eascraíonn ó aimsiú fochuideachtaí ag an nGrúpa a caipitliú agus a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais thar a shaolré úsáideach mheasta. Measadh sin ag 10 mbliana tar éis nádúr na ngnólachtaí arna n-aimsiú agus an tionscal ina n-oibríonn siad a thabhairt san áireamh. Luaitear bogearraí ríomhaireachta ag costas lúide amúchadh carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saolré úsáideach mheasta, de thréimhse idir 2 bhliain agus 5 bliana airgeadais, de réir mhodh an mhéid chothroim.

Nuair a léirítear fachtóirí amhail forbairtí teicneolaíochta agus athruithe ar phraghas margaidh go bhfuil an tsaolré úsáideach athraithe, déantar an ráta amúchta a leasú go hionchasach chun na himthosca nua a léiriú.

Déantar na sócmhainní a athbhreithniú maidir le lagú má léirítear leis na fachtóirí thuas go bhféadfadh an tsuim ghlanluacha a bheith lagaithe.

(k) Sócmhainní inláimhsithe

Luaitear sócmhainní inláimhsithe, seachas réadmhaoine infheistíochta, ag costas lúide dímheas carntha agus cailteanais lagaithe charntha. Áirítear le costas an praghas ceannaigh bunaidh, costais iasachta ghaolmhara, costais atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne a thabhairt go riocht oibre le haghaidh a húsáid bheartaithe, costais díchoimeála agus athchóirithe.

(i) Dímheas

Ní laghdaíonn an luach atá ag talamh. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar dímheas ar shócmhainní eile a ríomh, agus modh an mhéid chothroim á úsáid, chun an costas a leithdháileadh thar a saolréanna úsáideacha measta, mar a leanas:

• Foirgnimh ruilse	20 go 50 bliain
• Bóithre agus Droichid foraoise	20 go 50 bliain
• Meaisínre agus trealamh	3 go 20 bliain

Déantar foráil do dhímheas ar ghléasra agus ar shuiteálacha áirithe, atá san áireamh le gléasra agus meaisínre, ar bhonn aonaid táirgthe thar shaolréanna úsáideacha measta na sócmhainní. Bhí na rátaí a leanas á gcur i bhfeidhm ar na sócmhainní sin amhail an 31 Nollaig 2020:

- Gléasra agus suiteálacha 4% - 11%

Déantar saolréanna úsáideacha na sócmhainní a athbhreithniú, agus déantar iad a choigeartú más cuí, ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Mínítear an éifeacht a bhaineann le haon athrú go hionchasach.

(ii) Breiseanna ina dhiaidh sin

Ní chuirtear costais ina dhiaidh sin san áireamh le suim ghlanluacha sócmhainne nó ní aithnítear iad mar shócmhainn ar leith, mar is cuí, ach amháin nuair a bhíonn sé dóchúil go mbeidh na tairbhí eacnamaíochta a bhaineann leis an mír ina dtoradh don Ghrúpa agus nuair is féidir an costas sin a thomhas go hiontaoifa. Aithnítear costais dheisithe, chothabhála agus mionscrúdaithe mar speansais de réir mar a thabhaítear iad.

(iii) Sócmhainní i gcúrsa tógála

Luaitear sócmhainní i gcúrsa tógála ar a gcostas. Ní déantar na sócmhainní sin a dhímheas go dtí go mbíonn siad ar fáil le húsáid.

(iv) Dí-aithint

Dí-aithnítear sócmhainní inláimhsithe ar dhíúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le tairbhí eacnamaíochta ar bith sa todhcháí. Aithnítear ioncam ó dhíol sócmhainní inláimhsithe nuair atá conradh neamhchoinníollach sínithe. Aithnítear an difríocht idir na glanfháltais díúscairthe agus an tsuim ghlanluacha sa chuntas brabúis agus cailteanais laistigh de 'Gnóthachain oibriúcháin eile'.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(v) Aistrithe go stoc

Déantar talamh a aithnítear le linn na tréimhse cuntasáíochta mar chuid de ghnó déileála agus forbartha talún an Ghrúpa a aistriú go stoc.

(l) Réadmhaoine infheistíochta

Déantar réadmhaoine infheistíochta a thomhas ar luach cóir agus aithnítear athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis agus cailteanais.

(m) Sócmhainní bitheolaíochta

Is é atá cuimsithe le sócmhainní bitheolaíochta plandálacha foraoise agus gléasraí plandlainne agus déantar iad a thomhas ar chostas lúide aon ídiú carnta agus aon cailteanais lagaithe charnta.

Luaitear sócmhainní bitheolaíochta a rinneadh a tháthcheangal ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar an Lá Dílsithe (an 1 Eanáir 1989) ar chostas bunaithe ar an méid iomlán a aontaíodh idir an Grúpa agus an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar chostas.

Déanann an Grúpa na costais a chaipitliú a bhaineann le bunú agus cothabháil na bplandálacha foraoise dá chuid. Déantar costais dhíreacha a chaipitliú ar bhonn na n-oibríochtaí sainiúla a chuirtear i gcrích. Déantar costais neamhdhíreacha a chaipitliú faoi oibríocht trí thagairt do chion na gcostas díreach arna gcaipitliú as a bhfuil an fhoireann bainistíochta aonair freagrach. Tá plandálacha foraoise faoi úinéireacht an Ghrúpa ar thalamh léasaithe. Caitear le talamh ar cíos mar chostais dhíreacha agus déantar iad a chaipitliú. Nuair atá an cíos bliantúil a íoctar bunaithe ar bhrabúsacht thodhchaíoch mheasta na bplandálacha foraoise sin, déantar aon ioncam eatramhach ó ghníomhaíochtaí tanaithe a asbhaint ón méid arna chaipitliú.

Is ionann ídiú agus costais na bplandálacha foraoise glanleagtha agus déantar é a ríomh mar an comhréir idir an limistéar bainte agus limistéar iomlán plandálacha foraoise cosúla. Tá méid an ídithe a chuirtear chun dochair an chuntais brabúis agus cailteanais bunaithe ar chostas bunaidh na plandála foraoise ar an lá dílsithe nó, más é an cás gur bunaíodh an phlandáil foraoise tar

éis an lae dhílsithe, na costais bunaithe bhunaidh, móide leithdháileadh na gcostas cothabhála arna gcaipitliú ón dáta sin.

Déantar adhmaid bainte a thomhas ag pointe na bainte ar chostas nó ar an bpraghas díola measta lúide costais an díolacháin, cibé acu is ísle.

Déantar sócmhainní bitheolaíochta a aithnítear le linn na tréimhse cuntasáíochta mar chuid de ghnó déileála agus forbartha talún an Ghrúpa a aistriú go stoc.

(n) Costais iasachta

Déantar costais iasachta ghinearálta agus shainiúla atá inchurtha go díreach i leith sócmhainní cáilithe a fháil, a thógáil nó a tháirgeadh, is iad sin sócmhainní óna dteastaíonn tréimhse ama shuntasach de riachtanas chun iad a ullmhú le haghaidh úsáide nó díola, déantar iad a chur le costas na sócmhainní sin, go dtí go mbeidh na sócmhainní réidh ar bhonn substaintiúil dá n-úsáid bheartaithe nó do dhíol. Roghnaigh an Grúpa chun caitheamh le dáta an aistrithe go FRS 102 (1 Eanáir 2014) mar an dáta tosaithe do chaipitliú úis ar shócmhainní cáilithe.

Aithnítear na costais iasachta uile eile sa chuntas brabúis agus cailteanais sna ráitis airgeadais sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

(o) Sócmhainní léasaithe

Ar thionscnamh, déanann an Ghrúpa measúnú ar na comhaontuithe lena n-aistrítear an ceart úsáide maidir le sócmhainní. Sa mheasúnú déantar machnamh maidir le cibé acu arb ionann an socrú agus léasa, nó cibé acu an bhfuil léasa san áireamh leis, bunaithe ar shubstaint an tsocraithe.

i) Sócmhainní léasa mhaoinithe

Déantar léasanna sócmhainní lena ndéantar na rioscaí agus luachanna saothair a aistriú ar bhonn substaintiúil a bhaineann le húinéireacht a aicmiú mar léasanna maoinithe.

Déantar léasanna maoinithe a chaipitliú ag tús an léasa mar shócmhainní ar luach cóir na sócmhainne

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

léasaithe nó, má tá sé níos ísle ná sin, ar luach reatha na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh agus an ráta úis atá intuigthe sa léasa á úsáid. Nuair nach féidir an ráta intuigthe a chinneadh úsáidtear ráta iasachta breisióch an Ghrúpa. Tá costais dhíreacha bhreisiócha, a thabhaítear in idirbheartaíocht agus i socrú an léasa, san áireamh le costas na sócmhainne.

Déantar sócmhainní a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaolré úsáideach mheasta na sócmhainne, cibé acu is giorra. Déantar sócmhainní a mheasúnú maidir le lagú ag gach dáta tuairiscithe.

Taifeadtar sciar caipitiúil oibleagáidí an léasa mar dhliteanas ar thionscnamh an tsocraithe. Déantar íocaíochtaí léasa a chionroinn idir aisíocaíocht chaipitiúil agus muirear maoinithe, agus modh an ghlanráta úis á úsáid, chun ráta leanúnach a tháirgeadh ar iarmhéid na n-aisíocaíochtaí caipitiúla atá amuigh.

(ii) Sócmhainní léasa oibriúcháin

Déantar léasanna nach ndéantar rioscaí agus luachanna saothair uile na húinéireachta a aistriú leo a aicmiú mar léasanna oibriúcháin. Cuirtear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin chun dochair an chuntais brabúis agus cailteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

(p) Lagú sócmhainní neamhairgeadais

Ag gach dáta tuairiscithe déantar sócmhainní neamhairgeadais nach ndéantar a iompar ar luach cóir a mheasúnú chun cinneadh a dhéanamh má tá léiriú ann go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má tá léiriú dá leithéid ann cuirtear méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) i gcomparáid le suim ghlanluacha na sócmhainne (nó le haonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) agus an luach cóir lúide costais an díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is ísle. Sainítear luach úsáide mar luach reatha na sreafaí airgid roimh cháin agus roimh ús sa todhchaí atá infhála mar thoradh ar úsáid leanúnach na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne). Déantar na sreafaí airgid

roimh cháin agus roimh ús a lascainíú agus ráta lascaine roimh cháin á úsáid lena léirítear ráta saor ó riosca an mhargaidh reatha agus na rioscaí ó nádúr sa tsócmhainn

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) níos ísle ná an tsuim ghlanluacha, laghdaítear an tsuim ghlanluacha go dtí a méid in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Má dhéantar cailteanas lagaithe a aisiompú ina dhiaidh sin, méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí meastachán athbhreithnithe a méid in-aisghabhála, ach sa mhéid amháin nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha athbhreithnithe an tsuim ghlanluacha a dhéanfaí a chinneadh (iar-dhímheas) mura n-aithneofaí aon cailteanas lagaithe sna tréimhsí roimhe sin. Aithnítear aisiompú cailteanais lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais. Aithnítear cailteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

(q) Stoic

Luaitear stoic ag an gcostas stairiúil nó ag an bpraghas díola measta lúide costais chun iad a chríochnú agus a dhíol, cibé acu is ísle. Aithnítear stoic a dhíoltar mar speansas sa tréimhse ina n-aithnítear an t-ioncam gaolmhar.

Déantar costas a chinneadh agus an modh is tuisce isteach is tuisce amach (TITA) nó foirmle an mheánchostais ualaithe á úsáid. Áirítear le costas an praghas ceannaigh, agus cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil san áireamh a bhaineann go díreach leis an stoc a thabhairt chuig a láthair agus riocht reatha. Áirítear le costas a bhaineann le hearraí déantúsaithe deiridh agus obair idir lámha costais dearaidh, amhábhair, saothar díreach agus costais dhíreacha eile agus forchostais táirgeachta ghaolmhara (bunaithe ar acmhainn oibriúcháin normálta). Déantar forail do mhíreanna as feidhm, a bhogann go mall nó fabhtacha nuair is cuí.

Áirítear páirteanna breise neamh-chriticiúla, a mheastar le bheith de nádúr intomhalta, laistigh de stoic agus caitear leo mar speansas ar a n-úsáid.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(r) Airgead agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí ar glao sna bainc, infheistíochtaí ard-leachtacha gearrthéarma eile le haibíochtaí tráth a n-eisiúna de thrí mhí nó níos lú agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc, nuair is infheidhme, laistigh d'iasachtaí i ndlíteanais reatha.

(s) Forálacha agus teagmhais

(i) Forálacha

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach reatha ag an nGrúpa mar thoradh ar imeachtaí san am atá caite, nuair atá sé dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth chun an oibleagáid a réiteach, agus nuair is féidir méid na hibleagáide a mheas go hiontaoifa.

Is ionann an méid a aithnítear mar fhoráil agus an meastachán is fearr ar an gcomaoin a theastaíonn chun an oibleagáid reatha a réiteach ag an dáta tuairiscithe, agus na rioscaí agus na neamhchinnteachtaí timpeall ar an oibleagáid á dtabhairt san áireamh. Nuair atá éifeacht amluach an airgid ábhartha, aithnítear an méid a bhfuiltear ag súil le bheith riachtanach chun an oibleagáid a réiteach ar luach reatha agus ráta lascaine roimh cháin á úsáid. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas maoinithe sa chuntas brabúis agus cailiteanais sa tréimhse ina n-eascraíonn sé.

(ii) Oibleagáid athphlandaithe

D'aithin an Grúpa foráil (dlíteanas) maidir leis an oibleagáid athphlandaithe a bhaineann le foraoisí glanleagtha agus d'aithin sé sócmhainn reatha, 'plandálacha foraoise atá le plandú', laistigh de féichiúnaithe. Caitear leis na costais ghaolmhara mar shócmhainn mar táthar ag súil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha sa todhchaí ina dtoradh uirthi don Ghrúpa. Ós rud é nach gcomhlíonann an tsócmhainn an sainmhíniú de shócmhainní bitheolaíocha, caitear leo mar shócmhainn reatha 'plandálacha foraoise atá le plandú', laistigh de féichiúnaithe.

(iii) Teagmhasacht

Ní aithnítear dlíteanais theagmhasacha atá ina dtoradh ar imeachtaí san am atá caite nuair (i) nach bhfuil sé óchúil go mbeidh eis-sreabhadh sócmhainní ann nó nuair nach féidir an méid a thomhas go hiontaoifa ag an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dhéanfar an t-eiseadh a dhearbhu le tarlú nó neamhtharlú imeachtaí neamhchinnte sa todhchaí nach bhfuil faoi smacht an Ghrúpa go hiomlán. Nochtar dlíteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais mura bhfuil an dóchúlacht d'eisreabhadh sócmhainní caol.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair atá sé dóchúil go mbeidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha ann.

(t) Deontais rialtais

Aithnítear deontais rialtais ar a luach cóir nuair atá sé réasúnta le bheith ag súil go bhfaighfear deontais agus go gcomhlíonfar coinníollacha gaolmhara uile, de ghnáth nuair a chuirtear éileamh bailí ar íocaíocht isteach.

Cuirtear deontais rialtais maidir le caiteachas caipitiúil chun sochair cuntais ioncaim iarchurtha. Scaoiltear na deontais rialtais sin leis an gcuntas brabúis agus cailiteanais thar shaolréanna úsáideacha measta na sócmhainní ábhartha trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ach amháin deontais foraoiseachta.

Scaoiltear deontais maidir le costais athfhoraoisithe a rinneadh a chaipitliú leis an gcuntas brabúis agus cailiteanais nuair a dhéantar na plandálacha foraoise gaolmhara a ghlanleagan.

Déantar deontais rialtais de nádúr ioncaim a iarchur agus a chur chun sochair an chuntais brabúis agus cailiteanais thar thréimhse atá riachtanach chun iad a mheaitseáil le costais a bhfuil siad beartaithe chun a chúiteamh.

(u) Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Grúpa chun Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a ghlacadh maidir le hionstraimí airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(i) Sócmhainní airgeadais

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha, agus infháltais trádála, infháltais eile agus airgead agus iarmhéideanna bainc, ar phraghas an idirbhirt ar dtús, murab ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, nuair a dhéantar an t-idirbheart a thomhas ar luach reatha na bhfáltas sa todhchaí arna lascaíniú ag ráta margaidh úis. Déantar a leithéid de shócmhainní a iompar ag costas amúchta agus modh an ghlanráta úis á úsáid.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta a mheasúnú maidir le fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá an tsócmhainn lagaithe is é an cailteanas lagaithe an difríocht idir an tsuim ghlanluacha agus luach reatha na sreafaí airgid measta arna lascaíniú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne. Aithnítear an cailteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Má tá laghdú ar an gcaillteanas lagaithe mar thoradh ar imeacht a tharla roimh aithint an lagaithe déantar an lagú a aisiompú. Déantar an t-aisiompú ar dhóigh nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha reatha an méid a bheadh sa tsuim ghlanluacha dá mba rud é nach ndearnadh an lagú a aithint roimhe sin. Aithnítear an t-aisiompú lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha ar na sreafaí airgeadais as feidhm nó nuair a dhéantar iad a réiteach, nó (b) nuair a dhéantar na rioscaí agus luachanna saothair a bhaineann le húnireacht na sócmhainne a aistriú ar bhonn substaintiúil go páirtí eile nó (c) nuair a rinneadh rialú na sócmhainne a aistriú go páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil an tsócmhainn a dhíol ar bhonn aontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

(ii) Dlíteanais airgeadais

Aithnítear dlíteanais airgeadais bunúsacha, agus suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile, iasachtaí bainc agus iasachtaí ó chomhchuideachtaí an ghrúpa, ar phraghas an idirbhirt ar dtús (agus costais an idirbhirt san áireamh), murab ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, nuair a dhéantar an ionstraim fiachais a thomhas ar luach reatha na bhfáltas sa todhchaí arna lascaíniú ag ráta margaidh úis.

Déantar ionstraimí fiachais a iompar ag costas amúchta agus modh an ghlanráta úis á úsáid. Aithnítear táillí a íoctar chun saoráidí iasachta a bhunú mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid go bhfuil sé dóchúil go ndéanfar cuid den tsaoráid nó an tsaoráid iomlán a tharraingt anuas. Sa chás sin, déantar an táille a iarchur go dtí go dtarlaíonn an tarraingt anuas. Sa mhéid nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil sé dóchúil go ndéanfar cuid den tsaoráid nó an tsaoráid iomlán a tharraingt anuas, déantar an táille a chaipitliú mar réamhíocaíocht le haghaidh seirbhísí leachtachta agus déantar í a amúchadh thar thréimhse na saoráide lena mbaineann.

Is ionann suimeanna iníoctha trádála agus oibleagáidí chun íoc as earraí nó seirbhísí a rinneadh a aimsiú i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar suimeanna iníoctha trádála a aicmiú mar dhlíteanais reatha má tá íocaíocht dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin nó níos lú. Mura bhfuil sin an cás, cuirtear i láthair iad mar dhlíteanais neamhreatha. Aithnítear suimeanna iníoctha trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta agus modh an ghlanráta úis á úsáid.

Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a chuirtear an dlíteanas ar ceal, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonarthach a fhuascailt, a chealú nó nuair a théann sí as feidhm.

(iii) Ionstraimí airgeadais díorthacha

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha (babhtálacha ráta úis agus réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach) chun a neamhchosaint ar rioscaí ráta úis agus airgeadra eachtraigh a fháil a eascraíonn ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus maoinithe.

Ní ionstraimí airgeadais bunúsacha iad ionstraimí airgeadais díorthacha, agus babhtálacha ráta úis agus réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach san áireamh. Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthacha ar dtús ar luach cóir ar an dáta a dhéantar conradh díorthach agus déantar iad a thomhas an athuair ar a luach cóir ina dhiaidh sin.

Tá an modh a bhaineann leis an gnóthachan nó cailteanas dá bharr sin a aithint ag brath ar cibé acu an ainmnítear nó nach n-ainmnítear an díorthach mar

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

ionstraim fálaíthe, agus má ainmnítear, nádúr na míre atá á fáil. Aithnítear athruithe ar luach cóir díorthach nár roghnaigh an Grúpa cuntasáíocht um fhálú a chur i bhfeidhm ina leith sa chuntas brabúis agus cailteanais i gcostais mhaoinithe nó ioncam de réir mar is cuí.

(iv) Fálú

Chun críocha cuntasáíochta um fhálú, ainmnítear fáluithe an Ghrúpa mar fháluithe ar an sreabhadh airgid (lena ndéantar neamhchosaintí a fhálú ar luaineachtaí i sreafaí airgid todhchaíocha a dhéantar a dhíorthú ó riosca áirithe a bhaineann le sócmhainní nó dlíteanais aitheanta nó idirbhearta réamhaisnéise ard-dóchúlú).

Déanann an Grúpa, ar thionscnamh na n-idirbheart, an caidreamh idir ionstraimí fálaíthe agus míreanna arna bhfálú a dhoiciméadú, chomh maith lena chuspóirí agus a straitéis bainistíochta riosca le haghaidh idirbhearta fálaíthe éagsúla a chur chun feidhme.

Nochtar luachanna córa na n-ionstraimí díorthacha éagsúla i nóta 23 agus taispeántar na gluaiseachtaí sa chúlchiste fálaíthe um shreabhadh airgid i gchothromas sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile. Déantar luach cóir iomlán díorthaigh a aicmiú mar shócmhainn neamhreacha nó mar dhliteanas neamhreacha má tá aibíocht an díorthaigh atá fágtha níos faide ná dhá mhí déag agus déantar é a aicmiú mar shócmhainn reatha nó dliteanas reatha má tá aibíocht an díorthaigh atá fágtha níos lú ná dhá mhí déag.

(v) Taighde agus forbairt

Déantar gach caiteachas maidir le taighde agus forbairt a dhíscríobh don chuntas brabúis agus cailteanais sa bhliain airgeadais ina dtabhaítear é.

(w) Dáileacháin do scairsealbhóirí cothromais

Aithnítear díbhinní do scairsealbhóirí an Ghrúpa mar dhliteanas sna ráitis airgeadais sa tréimhse ina ndéantar na díbhinní a fhaomhadh ag scairsealbhóirí an Ghrúpa. Aithnítear na méideanna sin sa ráiteas ar athruithe ar chothromas.

(x) Cearta astaíochtaí

Trí lamháltais astaíochtaí ligtear don Ghrúpa méid sainiúil de chomhdhúile carbóin a astú san atmaisféar, agus is féidir iad a cheannach má táthar ag súil go sáróidh astaíochtaí cuóta nó is féidir iad a dhíol mura mbaintear an cuóta amach. Sa mhéid go ndéantar cearta astaíochtaí iomarcacha a dhiúscairt le linn tréimhse airgeadais, aithnítear an brabús agus cailteanais ina leith láithreach laistigh de chostas díolachán sna ráitis airgeadais.

4. Breithiúnais cuntasáíochta criticiúla agus neamhchainteacht meastachán

Déantar meastacháin agus breithiúnais a mheasúnú go leanúnach agus tá siad bunaithe ar thairbh stairiúil agus ar fhachtóirí eile, lena n-áirítear ionchas maidir le himeachtaí sa todhchaí a mheastar le bheith réasúnta faoi na himthosca. Áirítear leis na réimsí a bhaineann le méid níos airde breithiúnais nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin ábhartha go suntasach do na ráitis airgeadais, na réimsí a leanas ach níl siad teoranta dóibh sin amháin:

(i) Athluacháil réadmhaoine infheistíochta

Tompraíonn an Grúpa a réadmhaoine infheistíochta ar luach cóir, agus aithnítear athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis agus cailteanais. D'fhostaigh an Grúpa speisialtóirí athluachála neamhspleácha chun cuidiú le luach cóir a chinneadh amhail an 31 Nollaig 2018. Mar gheall ar nádúr na réadmhaoine agus easpa sonraí inchoimparáide ar an margadh, tá modheolaíocht na hathluachála bunaithe ar mhodh an tsreafa airgid lascainithe. Tá luach cóir cinntithe na réadmhaoine thar a bheith íogair maidir leis an toradh measta agus an sreabhadh ioncaim cíosa sa todhchaí. Déantar na príomhbhoinn tuisceana a úsáidtear chun luach cóir na réadmhaoine infheistíochta a chinneadh a mhíniú a thuilleadh i nóta 16.

(ii) Lagú sócmhainní neamhairgeadais agus cáilmheasa

Déantar sócmhainní neamhairgeadais nach ndéantar a iompar ar luach cóir a mheasúnú chun cinneadh a dhéanamh má tá léiriú ann go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Má tá léiriú dá leithéid ann, cuirtear méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) i gcomparáid le suim ghlanluacha na sócmhainne.

Is ionann méid in-aisghabhála sócmhainne (nó aonad giniúna airgid sócmhainne) agus an luach cóir lúide costais an díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is ísle. Teastaíonn úsáid meastachán ó na ríomhanna sin. Is ríomhanna daorbhreithiúnacha iad ó nádúr na ríomhanna agus tá siad so-ghabhálach i leith athraithe ó thréimhse go thréimhse mar éilítear ar an Grúpa leo toimhdí a dhéanamh faoi sholáthar agus éileamh sa todhchaí, praghsanna díolachán sa todhchaí, coigilteas costais a bhaint amach, rátaí malairte infheidhme agus ráta lascaine iomchuí. Má theipeann ar an nGrúpa na leibhéil díolachán dá chuid a bhaint amach nó má theipeann air laghdúithe réamh-mheasta ar chostas a bhaint amach, nó má tá dálaí eacnamaíocha laga i réim sna príomh-mhargáí dá chuid, is dócha go n-imreofar tionchar diúltach ar luach úsáide na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

(iii) Pinsin

Tá oibleagáid ar an nGrúpa sochair pinsin a íoc le fostaithe áirithe. Tá costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ag brath ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe ar íocaíochtaí tuarastail agus pinsin, uachálacha sócmhainní, boilsciú agus ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Mar gheall ar chastacht na luachála, na boinn tuisceana bhunúsacha agus nádúr fadtéarma na bpleananna sin, tá a leithéid de mheastacháin faoi réir ag neamhchinnteacht shuntasach. Déanann an lucht bainistíochta na fachtóirí a mheas agus an oibleagáid pinsin ghlan á cinneadh ar an gclár comhardaithe. Léirítear leis na boinn tuisceana an tairí stairiúil agus na treochoirí reatha agus d'fhéadfadh siad a bheith éagsúil ó na sonraí iarbhir mar thoradh ar athruithe ar dhálaí margaidh agus eacnamaíocha. Féach nóta 14 le haghaidh nochtuithe a bhaineann leis an scéim pinsin le sochar sainithe.

(iv) Saolréanna eacnamaíocha úsáideacha sócmhainní inláimhsithe

Tá an muirear dímheasa bliantúil maidir le sócmhainní inláimhsithe íogair ó thaobh athruithe ar shaolréanna eacnamaíocha úsáideacha na sócmhainní. Déantar

athbhreithniú bliantúil ar na saolréanna eacnamaíocha úsáideacha. Déantar iad a leasú nuair is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar fhorbairt theicneolaíoch, infheistíochtaí todhchaíocha, úsáid eacnamaíoch agus riocht fisiceach na sócmhainní. Féach nóta 16 maidir le suim ghlanluacha shócmhainní inláimhsithe an Ghrúpa. Nochtar na saolréanna eacnamaíocha úsáideacha do gach aicme de shócmhainní sa bheartas cuntasaióchta atá leagtha amach i nóta 3.

(v) Ídiú

Is ionann ídiú agus costais na bplandálacha foraoise glanleagtha agus déantar é a ríomh mar an comhréir idir an limistéar bainte agus limistéar iomlán plandálacha foraoise cosúla. Tá méid an ídithe a chuirtear chun dochair an chuntais brabúis agus caillteanais bunaithe ar chostas bunaidh na plandála foraoise ar an lá dílsithe nó, más é an cás gur bunaíodh an phlandáil foraoise tar éis an lae dhílsithe, na costais bunaithe bhunaidh, móide leithdháileadh na gcostas cothabhála arna gcaipitliú ón dáta sin.

(vi) Lagú féichiúnaithe

Déanann an Grúpa meastachán ar an luach in-aisghabhála agus lagú féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile á measúnú aige. Déanann an lucht bainistíochta machnamh ar fhachtóirí lena n-áirítear an polasaí árachais atá i bhfeidhm, rátáil chreidmheasa reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus taithí stairiúil. Féach nóta 20 maidir le suim ghlanluacha ghlan fhéichiúnaithe an Ghrúpa agus an fhoráil do lagú ghaolmhar

(vii) Forálacha do dhliteanais

Baineann ardleibhéal breithiúnais le cinneadh forálacha an Ghrúpa do dhliteanais gan amhras. Nuair a mheastar go bhfuil forálacha riachtanach, déantar breithiúnais maidir le heis-sreafaí airgid sa todhchaí mar thoradh ar na forálacha arna ndéanamh. Baineann na príomhréimsí breithiúnais sa Ghrúpa le héilimh dhlíthiúla agus le hathstruchtúrú forálacha gaolmhara. Déanann an lucht bainistíochta na forálacha sin a ríomh agus an fhaisnéis is fearr atá ar fáil á cur san áireamh agus déanann siad meastacháin bunaithe ar a mbreithiúnas.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

5. Láimhdeachas

Anailís ar Láimhdeachas

Tá an Grúpa eagraithe ina thrí rannán oibriúcháin: Foraois, Réitigh Talún agus MEDITE SMARTPLY. Tá baint ag an rannán Foraoise le bainistíocht ghnó foraoiseachta an Ghrúpa, lena n-áirítear foraoisí a bhunú, a bhainistiú agus a chosaint. Tá Réitigh Talún freagrach as acmhainn na talún a optamú, as Dúlra Choillte agus as infheistíochtaí straitéiseacha agus tionscnaimh bhreisluacha eile an Ghrúpa a bhainistiú. Is ceannródaí déantúsaíochta sa mhargadh MEDITE SMARTPLY agus is soláthraí é de phainéil SMD agus OSB nuálacha agus inbhuanaithe.

Tá rannán Fuinnimh In-athnuaite ag an nGrúpa freisin atá ina ghnóchlachta forbartha atá dírithe go príomha ar ghaoth ar tír.

Sa tábla thíos tá anailís ar láimhdeachas faoi rannán agus faoi thír.

	Foraois		Talamh Réitigh		MEDITE SMARTPLY		Grúpa	
	2020 €'000	2019 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2020 €'000	2019 €'000
Láimhdeachas an Ghrúpa								
Gnóthaí Leanúnacha:								
Poblacht na hÉireann	112,918	131,964	5,741	4,107	21,545	26,101	140,204	162,172
An Ríocht Aontaithe	10,278	17,418	35	35	106,615	127,837	116,928	145,290
An Chuid eile den Domhan	39	77	-	-	57,477	53,476	57,516	53,553
Díolacháin idir-dheighleoise*	(29,387)	(33,580)	-	-	-	-	(29,387)	(33,580)
Díolacháin le tríú páirtithe	93,848	115,879	5,776	4,142	185,637	207,414	285,261	327,435

* Léirítear leis sin díolacháin ó rannán Foraoise an Ghrúpa lena rannán MEDITE SMARTPLY

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

6. Brabús Oibriúcháin

	2020 €'000	2019 €'000
Thángthas ar bhrabús oibriúcháin tar éis na nithe a leanas a chur chun dochair/(chun sochair):		
Dímheas (nóta 16)	20,625	20,701
Ídiú (nóta 17)	13,200	15,210
Amúchadh deontas (nóta 25)	(1,757)	(1,822)
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (nóta 15)	(2,035)	(2,042)
Muirir Léasanna Oibriúcháin	1,400	1,446
Caiteachas Taighde agus Forbartha	346	245
Ioncam Cíosa ó Léasanna Oibriúcháin	2,727	2,630
Lagú ar infháltais trádála agus ar infháltais eile	338	1,983
Fardal arna aithint mar speansas	179,443	191,623
(Aisiompú lagaithes)/Lagú fardail (san áireamh le 'costas díolacháin')	(613)	1,099
Míreanna eisceachtúla (nóta 9)	1,278	-

Seo a leanas luach saothair (agus speansas san áireamh) don iniúchadh reachtúil ar na ráitis airgeadais agus do sheirbhísí eile arna gcur chun feidhme ag iniúcháirí an Ghrúpa agus na Cuideachta:

	Grúpa		Cuideachta	
	2020 €'000	2019 €'000	2020 €'000	2019 €'000
Iniúchadh ar na ráitis airgeadais	228	225	170	179
Seirbhísí dearbhaithe eile	41	27	41	27
Seirbhísí comhairle cánach	233	103	225	88
Seirbhísí neamh-iniúchta eile	50	16	50	16
	552	371	486	310

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

7. Luach saothair na Stiúrthóirí

	2020 €'000	2019 €'000
Luach saothair	129	247
Ranníocaíochtaí go scéimeanna sochair scoir	9	28
Iomlán	138	275

Bhí sochair scoir fabhráithe do chuid de 2020 i gcás 1 Stiúrthóir (2019: 2), faoi scéim le sochar sainithe.

8. Fostaithe agus íocaíochtaí

Ba ionann meánlíon daoine fostaithe ag an nGrúpa (comhfhiontair agus fiontair chomhlachais as an áireamh) le linn na bliana ná 816 (2019: 807).

	2020 €'000	2019 €'000
Comhdhéanamh costais foirne:		
Pá agus tuarastail	49,626	51,934
Costais Árachais Shóisialta	5,094	5,264
Costais sochair scoir eile	6,325	5,435
	61,045	62,633
Lúide: Caipitliú ar obair féin	(10,474)	(10,122)
Gearrtha ar chuntas brabúis agus caillteanais	50,571	52,511
Cuimsítear le costais sochair scoir eile:		
Costais na scéime pinsin le ranníocaíocht shainithe (nóta 14)	1,532	1,394
Costais na scéime pinsin le sochar sainithe (nóta 14)	4,793	4,041
	6,325	5,435

Bhí an Grúpa ag fáil Deontais Rialtais cuid mhaith de ráithe 2 na bliana 2020 i bhfoirm na Scéime Fóirdheontas Fostaíochta Sealadaigh Covid-19 dar luach €2.1m. Chomhlíon an Grúpa go hiomlán na coinníollacha incháilithe a bhí leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim le bheith cáilithíoch don Scéim seo. Ach, i bhfianaise téarnaimh a bhí níos láidre ná mar a bhí tuartha sa tarna leath den bhliain i mór-mhargáí deiridh d'adhmad sáfa agus táirgí painéil, bhí torthaí airgeadais an Ghrúpa níos fearr ná mar a bhí súil againn leo do 2020. Dá réir sin, tar éis deireadh na bliana, chinn an Bord an t-airgead a bhí faighte faoin Scéim Shealadach Fóirdheontais Pá Covid-19, i dteannta na sábhála ar ÁSPC, a aisíoc ina iomláine leis na Coimisineirí Ioncaim.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Pá agus Tuarastail	2020	2019
	€'000	€'000
Comhdhéanamh pá agus tuarastail:		
Bunphá	43,230	44,790
Ragobair	3,824	4,209
Liúntais	2,572	2,935
	49,626	51,934

Cúiteamh don phríomhphearsanra bainistíochta	2020	2019
	€'000	€'000
Sochair gearrthéarmacha	1,719	1,613
Sochair iar-fhosctáíochta	115	86
	1,834	1,699

Léirítear leis na méideanna cúitimh don phríomhphearsanra bainistíochta atá nochta thuas cúiteamh do na daoine sin a bhfuil an t-údarás agus an fhreagracht acu as pleanáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa agus na Cuideachta. San áireamh leo tá comhaltaí an Bhoird agus na feidhmeannaigh shinsearacha. Cuimsíodh leis na Feidhmeannaigh Shinsearacha an POF agus seisear eile le linn 2019 (2018: cúigear) (roinnt acu do chuid den bhliain).

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, baineann sochair iar-fhostaíochta le híocaíochtaí dtaca le scéimeanna le ranníocaíocht shainithe. Tá triúr den phríomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim le sochar sainithe Choillte CGA agus ní théann na teidlíochtaí dá gcuid níos faide ná téarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

9. Nithe eisceachtúla

	2020	2019
	€'000	€'000
Arna aithint trí theacht ar bhrabús oibriúcháin: Ídiú & costais ghaolmhara re. Tinte Foraoise (nóta A)	1,278	-

A. Ídiú & costais ghaolmhara re. tinte foraoise

Tharla roinnt mór-thinte foraoise le linn 2020 a raibh tionchar acu ar c.260 heicteár foraoise. Bhí luach €1.3m de chostais ghaolmhara iomlána ar chomhrac dóiteáin agus ar an ídiú brostaithe ar shócmhainn bitheolaíochta ar díobháladh agus aithníodh iad seo mar chostais eisceachtúla i 2020.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

10. Gnóthachain oibriúcháin eile

Bhí méid iomlán de €8.8m (2018: €12.2m) sna gnóthachain oibriúcháin eile, agus baineann siad go léir le brabúis a réadaíodh ar dhiúscairt sócmhainní seasta.

11. Ús iníoctha agus muirir dá leithéid

	2020 €'000	2019 €'000
Ús infhála agus loncam dá leithéid		
Ús infhála	(11)	(32)
Ús iníoctha agus loncam dá leithéid		
Ús ar rótharraingtí bainc agus ar iasachtaí, agus costais bainc ghaolmhara eile	1,323	761
Ús glan ar easnamh pinsin (nóta 14)	639	1,060
Leachtú lascaine (nóta 24)	22	22
Costais mhaoinithe eile	661	1,082
Ús iomlán iníoctha	1,984	1,843
Speansas úis ghlain	1,973	1,811

12. Díbhinní

Díbhinní cothromais dearbhaithe agus íoctha ar ghnáthscaireanna:

	2020 €'000	2019 €'000
Díbhinn de €0.00365 in aghaidh na scaire don		
don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020	2,300	-
Díbhinn de €0.02060 in aghaidh na scaire don		
don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019	-	13,000

D'fhaomh an Bord díbhinn de €0.00365 in aghaidh na scaire, €2.3m san iomlán, agus íocadh í i Nollaig 2020. Bhí €13.0m sna díbhinní iomlána a íocadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

13. Cánachas

(a) Speansas cánach san áireamh leis an gcuntas brabúis agus cailteanais:

	2020 €'000	2019 €'000
Cáin reatha		
Cáin chorparáideach ag 12.5%	3,010	7,010
Lúide: Faoiseamh coillearnach	(2,109)	(5,174)
Cáin chorparáide Éireannach	901	1,836
Cáin eachtrach	27	23
Coigeartú maidir le blianta airgeadais roimhe	243	(1,066)
Cánachas ar dhiúscairt sócmhainní seasta ag 33%	2,542	5,556
Iomlán na cánach reatha	3,713	6,349
Cáin iarchurtha:		
Difríochnaí uainiúcháin phinsean	(380)	31
Tearc-sholáthar ón mbliain roimhe	64	-
Sócmhainní cánach iarchurtha nár aithníodh roimhe	-	(2,557)
Difríochnaí uainiúcháin eile	462	(917)
Iomlán na cánach iarchurtha	146	(3,443)
Iomlán cánach ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	3,859	2,906

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(b) Cáin (ioncam)/costais san áireamh sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile:

	2020 €'000	2019 €'000
Cáin reatha	-	-
Cáin iarchurtha:		
Difríochtaí uainiúcháin phinsean	(77)	281
Difríochtaí uainiúcháin eile	(7)	(30)
Cáin iomlán (creidmheas)/muirear san áireamh sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile:	(84)	251

Imríteach muirir chánach

Is airde an cháin measúnaithe don tréimhse níos ná an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann. Mínítear na difríochtaí thíos:

	2020 €'000	2019 €'000
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cánach	25,499	61,474
Brabús ar ghníomhaíochtaí gnáthúla arna iolrú faoi ráta caighdeánach na cánach i bPoblacht na hÉireann de 12.5%	3,187	7,684
Éifeachtaí:		
Faoiseamh coillearnach	(2,109)	(5,174)
Speansais nach bhfuil in-asbhainte chun críocha cánach	183	521
Difríochtaí idir liúntais chaipitil agus dímhéas	8	3
Rátaí cánach níos airde ar ghníomhaíochtaí áirithe	2,162	4,050
Cáin eachtrach	2	36
Cáin iarchurtha ar ráta níos airde	-	(505)
Sócmhainní cánacha iarchurtha nár aithníodh roimhe	-	(2,557)
Coigeartuithe maidir le blianta airgeadais roimhe	307	(1,066)
	3,859	2,906

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

14. Pinsin

A. Scéim pinsin le sochar sainithe

Oibríonn an Grúpa scéimeanna pinsin le sochar sainithe i gCoillte CGA agus Medite Europe DAC do mhórchuid na bhfostaithe sna heintitis sin, agus sócmhainní arna gcoimeád i gcistí arna riar go leithleach.

Déantar na costais pinsin a bhaineann le scéimeanna le sochar sainithe an Ghrúpa a mheasúnú i gcomhréir leis an gcomhairle ó achtúirí cáilithe neamhspleácha. Bhí na luachálacha bunaithe ar an aois arna baint amach agus ar mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa agus rinneadh na luachálacha deireanacha amhail an 1 Eanáir 2018 (Medite Europe DAC) agus an 31 Nollaig 2017 (Coillte CGA).

Is iad na toimhdí ag a bhfuil an éifeacht is mó ar thorthaí na luachálacha achtúireacha ná iad siúd a bhaineann leis an gcóimheas toraidh ar infheistíochtaí agus na rátaí méadaithe ar luachanna saothair agus ar phinsin. Glacadh leis go sáródh an cóimheas toraidh ar infheistíochtaí ar an meán na méaduithe ar luachanna saothair bliantúla faoi 1.25% (Coillte CGA) agus faoi 1.4% (Medite Europe DAC) sna luachálacha iomlána deireanacha agus go n-íocfadh Coillte CGA méaduithe ar phinsin de 1.75%. Ní dhearnadh aon fhoráil do mhéaduithe ar phinsin i Medite Europe DAC.

Ba ionann luach margaidh na sócmhainní i scéimeanna le sochar sainithe an Ghrúpa ag na dátaí faoi seach agus €271.1 milliún (Coillte CGA – 31 Nollaig 2017) agus €34.4 milliún (Medite Europe DAC – 1 Eanáir 2018) agus ba ionann na heasnaimh sna scéimeanna sin, agus Cúlchiste an Chaighdeáin Mhaoinithe san áireamh, ag na dátaí sin agus €23.7 milliún (Coillte CGA) agus €4.6 milliún (Medite Europe DAC).

Léiríodh leis na luachálacha go raibh luach achtúireach sócmhainní iomlána na scéime imleor chun 92% de na sochair a chlúdach a bhí fabhráithe do bhail na scéime comhcheangailte, agus Cúlchiste an Chaighdeáin Mhaoinithe san áireamh, amhail dátaí na luachála. Déanann Coillte CGA agus Medite Europe DAC ranníocaíochtaí lena scéim faoi seach thar ceann na mball ag ráta 25% 15.4% faoi seach. Tá na tuarascálacha achtúireacha ar an dá scéim ar fáil do bhail na scéime, ach ní le himscrúdú ag an bpobal.

Rinneadh íocaíocht teidlíochtaí pinsin roimh an Lá Dílsithe de chuid na bhfostaithe ag dul ar scor tar éis an Lae Dílsithe, rud atá faoi dhliteanas an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a tharmligean don Chuideachta ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi alt 44 den Acht Foraoiseachta, 1988. Déanann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe íocaíochtaí a dhéanann an Chuideachta i gcomhréir le tarmligean den sórt sin a aisíoc.

Rinne an tÚdarás Pinsean togra maoinithe a cheadú maidir le Scéim Choillte CGA in 2010. Is é cuspóir an togra maoinithe an scéim a thabhairt ar ais go sócmhainneacht iomlán ar bhonn Caighdeáin Mhaoinithe Íosta faoin 31 Nollaig 2020. Cé go bhfuilimid muiníneach gur sholáthar an tairiscint mhaoinithe toradh rathúil, bhíothas fós ag feitheamh ar mheasúnú deiridh ó achtúire na Scéime ag an am a síníodh na ráiteas airgeadais. Éilítear ar Choillte leis an togra maoinithe ranníocaíochtaí breise suntasacha a dhéanamh agus ar fhostaithe chun a ranníocaíochtaí a mhéadú. Aontaíodh comhaontú maoinithe lena ndéantar cuid de théarmaí an togra mhaoinithe a athrú leis na hÍontaobhaithe i mí Iúil 2014. Cuirtear roinnt beart malartach i bhfeidhm leis an gcomhaontú seo maidir le haistriú sócmhainní neamhairgid, rud a bhí ina chuid den togra maoinithe bunaidh. San áireamh leis na bearta malartacha sin tá ranníocaíochtaí airgid breise ón gCuideachta thar an tréimhse leis an gciste pinsin. Thug an Chuideachta úrrús do na hÍontaobhaithe thar shócmhainní foraoiseachta de €20m a bheadh ar fáil do na hÍontaobhaithe in imthosca áirithe. Is é atá i gceist leo siúd go ndéanfadh an Chuideachta a dliteanas i leith na scéime a fhoirceannadh nó nach ndéanfadh sí ranníocaíochtaí leis an scéim, foirceannadh na scéime nó scor na Cuideachta den ghnó. Sa bhreis air sin, tugtar faoi deara sa chomhaontú maoinithe go bhfuil sé ar intinn ag an gCuideachta méaduithe ar phinsin atá á n-íoc a theorannú amach anseo do mhéaduithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Chuir na hÍontaobhaithe na hathruithe sin in iúl don Údarás Pinsean agus dhearbhaigh an tÚdarás Pinsean go bhfuil sé sásta leo.

Rinne an tÚdarás Pinsean togra maoinithe a cheadú maidir le Scéim Medite Europe DAC in Iúil na bliana 2015. Is é cuspóir an togra maoinithe an scéim a thabhairt ar ais go sócmhainneacht iomlán ar bhonn Caighdeáin Mhaoinithe Íosta faoi 2023 agus chiallaigh sé seo ranníocaíochtaí suntasacha ón gCuideachta, ranníocaíochtaí breise ó na fostaithe agus athruithe ar na sochair do na bail.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Seo a leanas na méideanna a aithnítear sa chuntas brabúis agus cailteanais:

	2020 €'000	2019 €'000
Costas reatha na seirbhíse	4,793	4,041
Lúide: Costais chaipitlithe	(1,185)	(1,007)
Muirear iomlán sa bhrabús oibriúcháin	3,608	3,034
Speansas úis ghlain	639	1,060
Muirear iomlán an chuntais brabúis agus cailteanais	<u>4,247</u>	<u>4,094</u>

Seo a leanas na méideanna a aithnítear sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach:

	2020 €'000	2019 €'000
Fáltas ar shócmhainní na scéime gan ioncam úis san áireamh Cailteanais Achtúireach	17,769 (14,886)	29,817 (27,590)
Gnóthachain arna dtomhas an athuair a aithnítear sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile	<u>2,883</u>	<u>2,227</u>

Is ionann na ranníocaíochtaí lena bhfuiltear ag súil don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus €8,294,000.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Gluaiseachtaí i sócmhainní agus dliteanais na scéime

	Sócmhainní pinsin €'000	Dlíteanais pinsin €'000	Easnamh pinsin €'000
Amhail an 1 Eanáir 2020	333,683	(383,403)	(49,720)
Sochair íoctha ó shócmhainní an phlean	(10,696)	10,696	-
Ranníocaíochtaí fostóra íoctha	8,625	-	8,625
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe sa phlean	1,045	(1,045)	-
Costas reatha na seirbhíse	-	(4,599)	(4,599)
Speansais riaracháin	(194)	-	(194)
Ioncam/(speansas) úis	4,664	(5,303)	(639)
Gnóthachain/caillteanais arna dtomhas an athuair			
- Gnóthachain achtúireacha	-	(14,886)	(14,886)
- Fáltas ar shócmhainní an phlean gan ioncam úis san áireamh	17,769	-	17,769
Ar 31 Nollaig 2020	354,896	(398,540)	(43,644)
At 1 January 2019	299,576	(354,689)	(55,113)
Sochair íoctha ó shócmhainní an phlean	(11,027)	11,027	-
Ranníocaíochtaí fostóra íoctha	8,267	-	8,267
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe sa phlean	1,087	(1,087)	-
Costas reatha na seirbhíse	-	(3,799)	(3,799)
Speansais riaracháin	(242)	-	(242)
Ioncam/(speansas) úis	6,205	(7,265)	(1,060)
Gnóthachain/caillteanais arna dtomhas an athuair			
- Caillteanais achtúireach	-	(27,590)	(27,590)
- Fáltas ar shócmhainní an phlean gan ioncam úis san áireamh	29,817	-	29,817
Ar 31 Nollaig 2019	333,683	(383,403)	(49,720)

